

CÓIRIÚ CARTLANN FUAIMÉ LOGAINMNEACHA

Cáit Nic Fhionnlaoich B.A.
Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

This thesis is submitted to Dublin City University for the award of
MA sa Ghaeilge, Fiontar, in the Faculty of Humanities and Social
Sciences.

Stiúrthóir: An Dr Caoilfhionn Nic Pháidín, Fiontar, DCU

Feabhra 2012

I hereby certify that this material, which I now submit for assessment on the programme of study leading to the award of MA by research, is entirely my own work, that I have exercised reasonable care to ensure that the work is original, and does not to the best of my knowledge breach any law of copyright, and has not been taken from the work of others save and to the extent that such work has been cited and acknowledged within the text of my work.

Signed: _____ (Cáit Nic Fhionnlaoich)

ID No.: 59123109

Date: _____

Clár Ábhair

Buiochas	v
Achoimre	vi
Fíoracha	vii
1. Cóiriú cartlann dhigiteach fuáime: léargas ginearálta ar an tionscadal.....	1
1.1 Cúlra an tionscadail	1
1.2 Aidhmeanna an tráchtas	3
1.3 Leagan amach na gcaibidlí	3
1.4 Ábharthacht sa réimse	4
1.5 Torthaí na hoibre.....	4
2. Léirbhreithniú litríochta	5
2.1 Na daonnachtaí digiteacha.....	5
2.1.1 Sainmhínithe	6
2.1.2 Stair na litríochta ar bhailiúcháin dhigiteacha	7
2.1.3 Foinsí	8
2.1.4 Dea-chleachtas: prionsabail	12
2.1.5 Dea-chleachtas: caighdeán mheiteashonraí	15
2.1.6 Bailiúcháin ar leith.....	17
2.1.7 Achoimre ar litríocht na ndaonnachtaí digiteacha	19
2.2. Staidéar ar mhion-logainmneacha in Éirinn.....	21
2.2.1 Stair agus staid na litríochta	21
2.2.2 Mionainmneacha: sruth 1	23
2.2.3 Mionainmneacha: sruth 2	24
2.2.4 Comparáid	25
2.2.5 Srianta	26
2.2.6 Achoimre ar litríocht na mionainmneacha in Éirinn	26
2.2.7 Impleachtaí don tráctas seo	27
2.3 An léirbhreithniú litríochta: achoimre	27
3. Modheolaíochtaí taighde	28
3.1 Réamhrá	28
3.2 An cnuasach – cad é atá ann?	28
3.3 An Chartlann Fuáime agus an dea-chleachtas	29
3.3.1 An Chartlann Fuáime agus na prionsabail dea-chleachtais	29
3.3.2 An Chartlann Fuáime agus na caighdeán chartlannaíochta.....	35
3.3.3 Achoimre	36
3.3.4 Dúshláin.....	37
3.4 Múnla a roghnú leis an eolas a ionchur i mbunachar	37
3.4.1 Struchtúr.....	38
3.4.2 Fearainn.....	38
3.4.3 Sonraí.....	39
3.4.4 Feidhmeanna cuardaigh.....	46
3.5 An chéad leagan den bhunachar	47
3.5.1. Coigeartú	50
3.5.2. Moltaí eile	51

3.5.2. An toradh agus cúrsaí dea-chleachtais	52
3.6 Cur síos ar mhodhanna eagarthóireachta ar ábhar canúnach.....	53
3.6.1 Na téacsanna	53
3.6.2 Aidhmeanna ginearálta na heagarthóireachta	54
3.6.3 Rithim na cainte	54
3.6.4 Leaganacha éagsúla a úsáid	54
3.6.5 Seanfhoirmeacha	55
3.6.6 Ábhar tagartha	55
3.6.7 Achoimre ar na modhanna eagarthóireachta.....	55
3.6.8 Impleachtaí don tráchtas seo	55
3.6.9 Scéim eagarthóireachta	56
4. Torthaí taighde – logainmneacha agus ábhar tras-scríofa.....	59
4.1 Réamhrá	59
4.2 Logainmneacha lompainne & Ghabhla	67
4.3 Ábhar tras-scríofa – John Mac Bride	102
4.4 Ábhar tras-scríofa – Pádraig 'Ac Phionnlaoigh	141
5. Plé agus conclúidí	174
5.1 Achoimre	174
5.2 Srianta leis an taighde	175
5.3 Moltaí le haghaidh tuilleadh taighde	176
5.4 Conclúid	177
Tagairtí.....	178
Aguisín 1: Bunchatalóg Chartlann Fuáime an Bhraonse Logainmneacha	183
Aguisín 2: Dlúthdhiosca de na taifeadtaí fuáime	

Buíochas

Ní bheinn in ann an obair seo a chur i gcrích gan chabhair ó iliomad daoine. Ar an chéad dul síos, ba mhaith liom mo bhúiochas a ghabháil le mo stiúrthóir ar an tráchtas seo, an Dr Caoilfhionn Nic Pháidín, as an chabhair agus an tacaíocht sheasta a chur sí ar fáil dom le linn na tréimhse mháistreachta ina hiomláine, agus leis an Roinn Ealaón, Oidhreachta agus Gaeltachta a chuir maoiniú ar fáil don chomháltacht taighde in Fiontar, trí thionscadal logainm.ie.

Tá mé go mór faoi chomaoin ag foireann an Bhrainse Logainmneacha, go háirithe Dónall Mac Giolla Easpaig, as an chabhair fhial a thug sé dom, agus as an dearfacht a léirigh sé i gcónaí i leith an taighde a bhí ar siúl agam. Tá súil agam go rachaidh an obair seo chun sochair dóibh sna blianta atá le teacht.

Ba mhaith liom mo bhúiochas a ghabháil fostá le mo chomhghleacaithe in Fiontar a thug comhairle agus cúnamh dom, go háirithe Mairéad Nic Lochlainn, Ciara Ní Chuilinn agus Brian Ó Raghdhaigh. Míle buíochas fostá leis an Dr Lillis Ó Laoire, a thug comhairle dom i leith an ábhair thras-scríofa; Shawn Day ón Digital Humanities Observatory; Shane Ó Curraighín a chuidigh leis an tras-scríobh féin; Máirín Uí Fhearraigh a roinn a cuid eolais mar gheall ar logainmneacha Ghabhla go fial liom; Ruadhán Ó Deasmhumhnaigh, Eileen Lynch agus Cara Spillane a chuidigh leis an obair eagarthóireachta agus Pádraigín Ní Ghallchóir as an chomhairle ar fad a thug sí dom le linn na tréimhse seo uile. Faoi dheireadh, do Adrian, a chuir suas liom agus a bhí mar chrann taca agam ó thús deireadh.

Cóiriú Cartlann Fuáime Logainmneacha

Cáit Nic Fhionnlaoich, B.A., Dioplóma Iarchéime i Léann an Aistriúcháin

Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Achoimre

Cuirtear i láthair sa tráchtas seo bunachar sonraí ar líne do Chartlann Fuáime an Bhrainse Logainmneacha, 1,200 uair an chloig d'ábhar fuáime a bailíodh sa tréimhse 1961–2000. Ba é sprioc an tráchtas seo ná an Chartlann Fuáime a chur ar fáil i bhfoirm dhigiteach ar líne d'fhoireann an Bhrainse Logainmneacha agus do thraigdeoirí logainmneacha araon. Rinneadh analís ar an dea-chleachtas do bhailiúcháin dhigiteacha ar líne agus dearadh an bunachar dá réir sin. Rinneadh bunchatalóg lámhscríofa an Bhrainse Logainmneacha a thras-scríobh agus a chur in eagarr mar threoir taighde don bhunachar ar líne.

Roghnaíodh an t-ábhar ó Ghabhla i dTír Chonaill mar thacar samplach le mionstaidéar a dhéanamh air. Leagadh amach modhanna eagarthóireachta le heagar a chur ar ábhar canúnach, bunaithe ar na dea-chleachtas de réir na litríochta, agus rinneadh tras-scríobh ar an ábhar. Rinneadh liosta logainmneacha a ghiniúint ón tacar céanna agus cuireadh eolas breise ar fáil mar gheall orthu siúd, ar nós ainmneacha Béarla, leaganacha scríofa ón litríocht agus leaganacha foghraíochta.

Fíoracha

Fíor 1: Seat scáileán: bunchatalóg an Bhrainse Logainmneacha 1	30
Fíor 2: Seat scáileán: bunchatalóg an Bhrainse Logainmneacha 2	31
Fíor 3: Seat scáileán: liosta Excel – scarbhileog na spól.....	39
Fíor 4: Seat scáileán: liosta Excel – scarbhileog na dtraiceanna	40
Fíor 5: Seat scáileán: liosta Excel – scarbhileog na gcainteoirí	43
Fíor 6: Cartlann Fuaimé – clib na dtraiceanna	47
Fíor 7: Cartlann Fuaimé – bosca eagarthóireachta.....	48
Fíor 8: Cartlann Fuaimé – cuardach	49
Fíor 9: Cartlann Fuaimé – clib na spól.....	49
Fíor 10: Seat scáileán: liosta Excel – aimmneacha malartacha.....	52
Fíor 11: Suíomh logainmneacha thart ar lompainn	67
Fíor 12: Suíomh logainmneacha i nGabhla thoir thuaidh	70
Fíor 13: Suíomh logainmneacha i nGabhla thiar thuaidh	73
Fíor 14: Suíomh logainmneacha i nGabhla thiar theas.....	82
Fíor 15: Suíomh logainmneacha i nGabhla thoir theas.....	92

1. Cóiriú cartlann dhigiteach fuaime: léargas ginearálta ar an tionscadal

1.1 Cúlra an tionscadail

Ag túis na 1960idí bhí an Brainse Logainmneacha ag obair ar leaganacha Gaeilge a mholadh d'ainmneacha na mBailte Poist. Nuair a cuireadh críoch leis an obair sin, ardaíodh an cheist sa Choimisiún Logainmneacha, an mbeadh sé praiticiúil gach ainm sa tír a bhailiú thart timpeall na tíre. Thosaigh foireann an Bhrainse Logainmneacha ag bailiú logainmneacha ar dtús i bParóiste na Rinne, Co. Phort Láirge mar thástáil air sin. Is éard a bhí mar phríomhaidhm acu 'tuairim a fháil cé mhéad ainmneacha agus cé mhéad ama a bheadh i gceist dá bhféachfadh an fhoireann, sna suirbhéireachtaí contae a bhí le déanamh, le gach cineál mionainm a bhailiú' (An Cumann Logainmneacha 1975, 5). Chaith siad an-dua leis an obair. Chaith beirt 3–4 mí an duine ag bailiú ainmneacha agus an méid céanna ama arís ag iarrайдh iad a bhreacadh síos agus eager a chur orthu. Níorbh fhada gur chinn an Brainse nach mbeadh sé praiticiúil ainmneacha na tíre uile a bhailiú, ó tharla an oiread sin ainmneacha bheith sa tír. Seachas gach ainm a bhailiú, mar sin, rinne siad cinneadh ainmneacha a bhailiú sna ceantair sin a raibh an Ghaeilge ag dul i léig iontu, i.e. sna Breac-Ghaeltachtaí, agus rinneadh sin tríd na 1960idí ar fad. Sna 1970idí tosaíodh ar Scéim na gContaetha. Ina dhiaidh sin ní raibh bailiú na mionainmneacha mar chuid den obair oifigiúil a bhí ar siúl ag an Bhrainse Logainmneacha, ach choinnigh daoine áirithe á mbailiú, Dónall Mac Giolla Easpaig agus Breandán Ó Cíobháin go háirithe. An toradh a bhí ar an obair sin uile ná Cartlann Fuaime an Bhrainse Logainmneacha.

Baineann an t-ábhar sa Chartlann leis an tréimhse 1961–2000. Le linn na mblianta sin rinneadh ábhar a thaifeadadh ar 898 téip – idir spóil agus chaiséid – i 24 contae timpeall na hÉireann. Cartlann 1,200 uair an chloig atá i gceist leis an Chartlann Fuaime. Tá thart ar an tríú cuid de na taifeadtaí i dteanga na Gaeilge agus an chuid eile i mBéalra. Ba sna contaetha seo a leanas a rinneadh formhór na dtaifeadtaí: Gaillimh, Ciarraí, Port Láirge, Tiobraid Árann, Corcaigh, Luimneach, an Clár, Dún na nGall agus Maigh Eo, agus rinneadh líon beag taifeadtaí i 13 chontae eile. Seo a leanas cairt de líon na spól a bhaineann leis na contaetha sin:

Ainm an Chontae	Líon na Spól & Caiséad – as 900 ¹
Gaillimh	166
Ciarraí	125
Port Láirge	122
Tiobraid Árann	91
Corcaigh	84
Luimneach	55
An Clár	52
Dún na nGall	48
Maigh Eo	46
Spól in easnamh	37
Muineachán	29
Lú	28
Ros Comáin	15
Loch Garman	7
Cill Chainnigh	6
Laois	5
Cill Mhantáin	4
Baile Átha Cliath, Uíbh Fhailí, an Longfort	3
Aontroim, Sligeach	2
Tír Eoghain, an Dún, an Mhí	1

Rinne Fuaimlann Teo. – cuideachta sheachtrach atá lonnaithe i nGaoth Dobhair – na taifeadtaí a chur i bhfoirm dhigiteach don tionscadal www.logainm.ie sa bhliain 2009. Tá catalóg lámhscriofa ag dul leis na taifeadtaí, ina bhfuil eolas faoi na faisnéiseoirí, chomh maith le heolas faoi na taifeadtaí féin, i.e. luas/fad na téipe. Rinne Fuaimlann tras-scríobh ar an ábhar sin fosta agus tá 243 leathanach i gceist leis an leagan digiteach. Tá samplaí

¹ Ní hionann seo agus líon na n-uaireanta an chloig. Cuid de na spóil/caiséid, baineann siad le níos mó ná contae amháin.

d'ábhar a tras-scríobhadh ó na téipeanna ar fáil sa Bhrainse Logainmneacha. Is éard atá i gceist leis na cáipéisí sin ná tras-scríobh ar na logainmneacha chomh maith le haon amhrán a bhí ar na taifeadtaí.

1.2 Aidhmeanna an tráchtas

Is é príomhaidhm an tráchtas seo ná ábhar Chartlann Fuaime an Bhainse Logainmneacha – an t-ábhar fuaime agus an chatalóg – a chur i láthair ar bhealach atá inchuardaithe agus a thabharfaidh rochtain éasca do thaighdeoirí inmheánacha agus/nó thaighdeoirí seachtracha ‘ar iarratas’ ar an ábhar. An aidhm thánaisteach ná breislúach a chur leis an ábhar trí thuilleadh taighde a dhéanamh ar thacar samplach den Chartlann. I gcomhthéacs na Cartlainne Fuaime, déantar sin trí:

1. Iniúchadh a dhéanamh ar na dea-chleachtais reatha a bhaineann le hábhar digitithe a chóiriú agus a chur ar líne
2. Ábhar na catalóige a chóiriú agus a ionchur i mbunachar
3. Tacar samplach den Chartlann a roghnú le tuilleadh taighde a dhéanamh air, i.e. tuilleadh eolais a bhailíú ar fhaisnéiseoirí agus ar logainmneacha agus leaganacha tras-scríofa de na taifeadtaí a chur ar fáil – i gcás an tráchtas seo, roghnaíodh an t-ábhar ó Ghabhla, i dTír Chonaill.

1.3 Leagan amach na gcaibidlí

I gCaibidil 2, breathnaítear ar an litríocht ábhartha a bhaineann leis na réimsí seo a leanas: (a) bailiúcháin dhigiteacha ar líne agus (b) staidéar ar mhionainmneacha in Éirinn. Amharctar ar an dea-chleachtas i gcás na mbailiúchán digiteach agus ar na cleachtais chomhaimseartha a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar logainmneacha in Éirinn.

Pléitear cóiriú na bunchatalóige i gCaibidil 3. Tugtar léargas ar an ábhar atá mar chuid den Chartlann Fuaime, i.e. ar an ábhar fuaime agus ar an ábhar scríofa, agus leagtar amach scóip an tionscadail. Roghnaítear modh amháin leis an eolas a ionchur i mbunachar. Déantar tuairisc ar an mhodh a roghnaíodh, ar an tástáil a rinneadh air agus ar aon choigeartú a rinneadh i ndiaidh na tástála. Leagtar amach modhanna eagarthóireachta le hábhar canúnach a thras-scríobh, bunaithe ar na córais atá in úsáid i leabhair chanúnacha eile.

I gCaibidil 4, feictear torthaí praiticiúla an tionscadail, i.e. liosta logainmneacha as Gabhla, maille le leaganacha foghraíochta agus léarscáileanna, chomh maith leis an ábhar a tras-scríobhadh ó na taifeadtaí.

Déantar plé ar thorthaí na hoibre i gCaibidil 5 agus ar na deiseanna do thaighde breise atá ag eascairt as an taighde. Cuirtear bunchatalóg an Bhrainse Logainmneacha ar fáil in Aguisín 1.

1.4 Ábharthacht sa réimse

Mar thoradh ar an taighde seo, tá Cartlann Fuáime an Bhrainse Logainmneacha ar fáil do thaighdeoirí logainmneacha. Is córas comhtháite inchuardaithe atá ann, i.e. tá an iontráil chatalóige agus an comhad fuáime a bhaineann leis ar fáil san aon áit amháin – ar líne ag www.logainm.ie/phono – agus tá an taighdeoir in ann cuardach a dhéanamh de réir ainm an fhaisnéiseora, nó de réir áite etc. Mar gheall ar an tionscadal seo tá rochtain ar na taifeadtaí go cianda, rud a éascaíonn obair an taighdeora logainmneacha. Mar gheall ar dhigitiú an ábhair seo, tá sé caomhnaithe don tréimhse atá le teacht, toisc nach mbeidh úsáid á baint as an ábhar bunaidh. Cuireann an Chartlann Fuáime le corps na logainmníochta, agus le héagsúlacht an chorpaí sin toisc gur ábhar fuáime atá san fhoinsé seo, rud nach ionann agus formhór na bhfoinsí logainmneacha eile.

De thoradh an taighde seo, tá teacht ag scoláirí ar leaganacha fuaimnithe de logainmneacha a ndearnadh taifeadadh orthu suas le caoga bliain ó shin. Mar sin, is féidir a rá go bhfuil leaganacha fuaimnithe logainmneacha sa Chartlann a thagann ó dheireadh an 19ú haois, i.e. iad siúd ó fhaisnéiseoirí a bhí seachtó bliain d'aois nó os a chionn sna 1960idí. Is eolas fíorluachmhar é sin, agus níl aon dabht ach go bhfuil cuid de na logainmneacha imithe i léig ó rinneadh na taifeadtaí. Rinneadh taighde ar logainmneacha Ghabhla mar chuid den tráchtas, agus mar sin, tá breis eolais ar fáil a bhaineann le logainmneacha agus le faisnéiseoirí an oileáin sin. Ina theannta sin, beidh deiseanna ann tuilleadh ábhair a chur leis an bhunachar amach anseo, idir ábhar scríofa agus ábhar fuáime.

1.5 Torthaí na hoibre

Is éard atá mar thoradh ar an obair seo uile ná:

- Cartlann Fuáime an Bhrainse Logainmneacha a bheith ar fáil go cianda do thaighdeoirí
- Bunchatalóg an Bhrainse Logainmneacha a bheith ceangailte leis i riocht inchuardaithe
- Tuilleadh eolais ar logainmneacha Ghabhla, idir eolas faoi logainmneacha agus eolas faoi fhaisnéiseoirí
- Tras-scríobh ionlán de na taifeadtaí a bhaineann le Gabhla.

2. Léirbhreithniú litríochta

Sa chaibidil seo, déantar léirbhreithniú ar dhá shruth éagsúla litríochta, is é sin (a) an litríocht a bhaineann leis na daonnachtaí digiteacha agus le bailiúchán dhigiteacha ar líne go sonrach agus (b) an litríocht a bhaineann le mion-logainmníocht in Éirinn. Déantar sin (a) leis an tionscadal seo a shuí i gcomhthéacs na ndaonnachtaí digiteacha go ginearálta agus (b) leis na modhanna taighde a úsáidtear i réimse na mion-logainmníochta a chur i láthair, rud a thabharfaidh léiriú ar an úsáid arbh fhéidir a bhaint as an Chartlann Fuaime mar áis taighde ann féin. Cuirfidh an léargas seo bonn teoiriciúil faoin obair a bhaineann le cóiriú Chartlann Fuaime an Bhrainse Logainmneacha, agus faoi na caibidlí atá le teacht sa tráchtas seo.

Labhraítéar ar dtús faoi stair agus faoi staid na litríochta a bhaineann le réimse na ndaonnachtaí digiteacha. Díritear isteach níos mine ansin i gceist an dea-chleachtais sna daonnachtaí digiteacha, agus go háirithe an chuid sin den dea-chleachtas a bheadh ábhartha agus fóinteach don tionscadal seo. Breathnáitear ina dhiaidh sin ar chúpla sampla de bhailiúchán dhigiteacha ar líne agus ar an chaoi a luíonn siad le cúrsaí dea-chleachtais agus le Cartlann Fuaime an Bhainse Logainmneacha. Déantar scrúdú ansin ar mhodhanna taighde logainmneacha, ar na cineálacha éagsúla saothar logainmneacha agus ar an chaoi a mbeidh tionchar aige sin ar na modhanna taighde a leagtar síos sa tráchtas seo.

2.1 Na daonnachtaí digiteacha

Is réimse é na daonnachtaí digiteacha a bhfuil borradh suntasach faoi le blianta beaga anuas (Svensson 2010). Baineann sé leis an fhorluí idir réimse na ríomheolaíochta agus réimse na ndaonnachtaí, agus leis an chaoi a mbíonn an dá réimse seo ag plé lena chéile agus ag dul i bhfeidhm ar a chéile. Tá na daonnachtaí digiteacha fós ag teacht chun tosaigh mar réimse, agus níl aontú ann fiú an réimse ceart slán é, sa chiall acadúil (*ibid.*), nó ‘an array of convergent practices’ (Presner 2009, 2).

Réimse idirdhisciplíneach atá i gceist leis na daonnachtaí digiteacha, a d'eascair as réimse darb ainm an ríomhaireacht sna daonnachtaí, nó 'humanities computing'. Ar dtús, ba le cúrsaí téacsacha a bhain an réimse seo den chuid is mó, is é sin le hanailís téacs, le hionchódú téacs agus le réimsí eile a bhain leo siúd (Svensson 2009). Luitear an t-irisleabhar *Literary and Linguistic Computing* mar phríomhiris sa réimse (*ibid.*), iris ina bpléitear an ríomhaireacht i gcomhthéacs na teangeolaíochta agus na litríochta go príomha. Ach de réir a chéile, leathnaíodh an réimse amach. Taispeánann anailís a rinne Svensson (*ibid.*) ar mhinicíocht úsáid na dtéarmaí 'humanities computing' agus 'digital humanities' ar an fhóram ríomhphoist *Humanist* gur annamh a bhí an téarma á úsáid ag túis na míaoise ach

go raibh fás mór tagtha ar úsáid an téarma faoi lár na 2000idí. Samhlaítéar leathnú sa réimse leis an athrú sin in úsáid na téarmaíochta (*ibid.*). Is é an phríomhdhiffríocht idir an dá réimse ná go gcuimsítear ábhar ilmheánach faoi scáth réimse na ndaonnachtaí digiteacha, san áit a raibh ábhar téacsach i bhfad chun tosaigh i réimse na ríomhaireachta sna daonnachtaí:

[T]he digital first wave replicated the world of scholarly communications that print gradually codified over the course of five centuries: a world where textuality was primary and visuality and sound were secondary. [...] Now it must shape a future in which the medium-specific features of digital technologies become its core and in which print is absorbed into new hybrid modes of communication. (Presner 2009, 2)

Réimse leathan atá ann, sa lá atá inniu ann, ina bpléitear raon leathan ábhair, ar nós ríomhairí a úsáid le haghaidh tionscadail oidhreachta cultúrtha, nó a bheith ag plé le hábhar físe nó le hábhar fuaimé. Is leis na foréimsí sin a bhaineann Cartlann Fuaimé an Bhrainse Logainmneacha. Tagann úsáid blaganna agus líonraí sóisialta ar nós Facebook nó Myspace, faoi scáth an réimse forsta, chomh maith le hábhar atá curtha in eagair ag úsáideoirí, Wikipedia, mar shampla. Sa litríocht, áfach, tá an bhéim fós ar ábhar téacsach a chur in eagair agus is air sin atá formhór na dtéacsanna dírithe.

2.1.1 Sainmhínithe

Ó tharla nach ndéantar mórán plé ar an chineál ábhair seo trí mheán na Gaeilge, leagtar síos anseo cúpla sainmhíniú do na téarmaí a bheas in úsáid sa léirbhreithniú seo. Tógadh na sainmhínithe seo ó *Best Practice Guidelines for Digital Collections at University of Maryland Libraries* ('Maryland' as seo amach) (Carignan et al. 2007, 1–2).

Bailiúchán: Grúpa oibriachtaí i bhformáid dhigiteach a léiríonn prionsabal inaitheanta eagrúchán ar nós: téama, ábhar, formáid nó modh foilsithe i gcoiteann, gur bhaileigh nó gur chruthaigh indibhid nó comhlacht corporáideach é, nó gur tháinig sé ón fhoinsé chéanna.

Tionscadal: Na hacmhainní a thugtar le chéile le bailiúchán digiteach a chruthú, i.e. acmhainní daonna, acmhainní ríomhaireachta agus acmhainní airgeadais. Is iondúil go dtugtar tionscadal chun críche ag pointe áirithe, ach níor chóir go mbeadh deireadh leis an bhailiúchán ag an phointe sin.

Oibiacht: Is aonad ar leith í an oibiacht dhigiteach, ina bhfuil comhad digiteach amháin nó níos mó, chomh maith le meiteashonraí tuairisciúla mar gheall air.

I gcomhthéacs an tráchtas seo is ionann Cartlann Fuaime an Bhainse Logainmneacha agus **bailiúchán**, is **tionscadal** é obair an tráchtas seo – an Chartlann Fuaime a chur in eager agus a chóiriú le cur ar líne – agus is éard atá i gceist le **hoibiacht** ná comhad fuaime in éineacht leis an eolas tuairisciúil atá ann mar gheall air.

De réir an Oxford English Dictionary (www.oed.com) is ionann meiteashonraí agus ‘a set of data that describes and gives information about other data’. Sa chás seo is ionann meiteashonraí agus an t-eolas atá ar fáil i gCatalóg an Bhainse Logainmneacha.

2.1.2 Stair na litríochta ar bhaileúcháin dhigiteacha

Is doiligh dáta cruinn a thabhairt ar thús na litríochta ar na bailiúcháin dhigiteacha ar líne, nó céin uair a tosaíodh ar na bailiúcháin áirithe sin a chur le chéile. Ag deireadh na 1980idí tosaíodh ar theangacha caighdeánacha marcála a chruthú d'ionchódú téacs (Hockey 2004, 12). Ba mhór an fhorbairt sin i réimse na ríomhaireachta sna daonnachtaí. Nuair a tháinig SGML – Standard Generalized Markup Language – amach sa bhliain 1986 bhí tábhacht ar leith ag baint leis:

'[It] offered a mechanism for defining a markup scheme that could handle many different types of text, could deal with metadata as well as data, and could represent complex scholarly interpretation as well as the basic structural features of documents'. (Hockey 2004, 12)

Le teacht an Idirlinn ag túis na 1990idí athraíodh aird na ríomhaireachta sna daonnachtaí, agus ba ghearr go raibh príomhfhócas an réimse dirithe ar ábhar léannta a fhoilsíú ar líne (Hockey 2004, 13).

Thosaigh bailiúcháin dhigiteacha ag teacht chun cinn go tréan as sin amach. Ach dála an lae inniu, ba ghnách le daoine a rogha rud a dhéanamh le bailiúchán a chur le chéile, agus bhí caighdeán agus modhanna oibre éagsúla ag dreamanna éagsúla, gan mórán teagmhála a bheith á dhéanamh eatarthu. In *A Framework of Guidance for Building Good Digital Collections* ('NISO' as seo amach) déantar cur síos ar an tuisint a bhí ag daoine ar céard ba bhaileúchán 'maith' ann nuair nach raibh an ré dhigiteach ach ina thús:

In the early days of digitization, a collection could be considered good if it provided proof of concept or resulted in new institutional capabilities—even if the resulting collection itself was short-lived or of minimal usefulness to the organization's users. (NISO Framework Advisory Group 2007, 1)

Bhí dhá fhadhb ag baint leis sin. Ar an chéad dul síos, ba léir nach raibh dreamanna ag smaoineamh ach ar a dtionscadail féin amháin agus nach raibh aghaidh á tabhairt acu ar na tionscadail sin i gcomhthéacs an tsaoil mhóir. Sa ré luath sin, ní raibh caighdeán chuimsitheacha forbartha le tionscadail a chur le chéile. D'fhág sin nach raibh na dreamanna sin ábalta na hacmhainní a bhí acu a leathnú amach, ná níorbh fhéidir le dreamanna eile tógáil ar an mhéid a bhí déanta acu (Humanities Advanced Technology and Information Institute, University of Glasgow 2002, 1). Tháinig dhá thionscadal ar an saol ag deireadh na 1990idí le haird a tharraingt ar an ghá a bhí le dea-chleachtas sa réimse, agus le treoir a thabhairt dóibh mar gheall ar na bealaí is fearr le bheith ag cloí leis an dea-chleachtas. Foilsíodh tortaí na dtionscadal sin ag túis na mílaoise. Sa bhliain 2000, d'fhoilsigh an IMLS ('Institute of Museum and Library Services' i Meiriceá) an *Framework of Guidance for Building Good Digital Collections* ('NISO'). Tugadh an tionscadal do NISO – the 'National Information Standards Organization' – tamall ina dhiaidh sin. Ansin sa bhliain 2002 foilsíodh an *NINCH Guide to Good Practice in the Digital Representation and Management of Cultural Heritage Materials* ('NINCH' as seo amach) a bhí curtha le chéile ag an 'Humanities Advanced Technology and Information Institute' (HATII) in Ollscoil Ghlaschú. Cé go raibh cúrsaí dea-chleachtais pléite roimhe sin, ba iad sin na chéad iarrachtaí a rinneadh an mhórchuid de ghnéithe cruthaithe na mbailiúchán digiteach a chuimsiú san aon cháipéis amháin.

Chuir na treoirleabhair sin bonn faoi chúrsaí dea-chleachtais sna bailiúcháin dhigiteacha. Rinneadh *NISO* a athnuachan faoi dhó ó shin – in 2004 agus 2006. Sa lá atá inniu ann, cé go bhfuil neart ábhair ar fáil a bhaineann le foréimsí na ndaonnachtaí digiteacha, ní fhéadfaí a áitiú go bhfuil litríocht lárnach ag an réimse féin go fóill. Siocair gur réimse sách nua é, níl mórán irisleabhar atá tiomnaithe dó ach oiread. Na cinn is tábhactaí a bhaineann leis an réimse, gan *Literary and Linguistic Computing* a chur san áireamh ná: *Digital Humanities Quarterly*, *Digital Humanities Now* agus *Digital Studies/Le champ numérique*. Toisc gur réimse idirdhisciplíneach atá ann, áfach, bíonn tortaí ábhartha ar fáil in irisleabhair eile a bhaineann le cúrsaí leabharlannaíochta, catalógaithe agus eile, ar nós *Journal of Library Metadata; Cataloging & Classification Quarterly* agus *International Journal of Metadata, Semantics and Ontologies*.

2.1.3 Foinsí

Baineann na **buntéacsanna** sa léirbhreithniú litríochta seo le cúrsaí dea-chleachtais i mbailiúcháin dhigiteacha. Baintear úsáid as téacsanna ginearálta dea-chleachtais, ar nós *NINCH* agus *NISO* mar atá luaite thuas. Is iondúil nach mbíonn údar ar leith luaite leis na

téacsanna sin, ach go mbíonn grúpaí saineolaithe ina mbun. Bíonn raon na dtéacsanna sin leathan go leor, is é sin, bíonn siad ag plé le héagsúlacht ábhair, ó dhigitíú an ábhair go coimeádaíocht a dhéanamh air, agus gach rud idir eatarthu. Tugann *NINCH* (Humanities Advanced Technology and Information Institute, University of Glasgow 2002) treoir maidir leis an bhealach is fearr le bailiúchán digiteach a chur le chéile ó thús deireadh: roghnú an ábhair, digitíú an ábhair, bainistiú cearta maoine intleachtúla, inbhuanaitheacht agus caomhnú an ábhair san áireamh. Tugtar buneolas faoi na ceannteidil sin agus treoracha chuig foinsí eile a bhaineann le hábhar. Leagtar síos prionsabail in *NISO* (NISO Framework Advisory Group 2007) do bhailiúcháin, d'oibiactaí, do mheiteashonraí agus do thionscnaimh. Is féidir bailiúchán 'maith' digiteach a chruthú ach a bheith ag cloí leis na prionsabail sin. Tugtar treoir leis na prionsabail a chomhlíonadh agus nascanna chuig foinsí ábhartha eile.

Tugann foinsí ar nós *Introduction to Metadata* (Gilliland 2008) agus *Understanding Metadata* (NISO 2004) léiriú ginearálta ar **mheiteashonraí** agus ar chaighdeáin a úsáidtear i gcruthú agus i mbainistiú meiteashonraí. I gcás Chartlann Fuáime an Bhrainse Logainmneacha is iad na **meiteashonraí tuairisciúla** is tábhactaí – meiteashonraí a dhéanann cur síos ar ábhar na hoibachta nó na hacmhainne – mar gurb iadsan atá ar fáil i mbunchatalóg an Bhrainse Logainmneacha. An úsáid is mó a bhaintear as meiteashonraí tuairisciúla ná le hacmhainní nó le hoibachtaí a aimsiú, agus bíonn éifeachtacht na gguardach ag brath ar cháilíocht na meiteashonraí. Breathnaíodh, mar sin, ar ailt a bhaineann le cáilíocht meiteashonraí agus go háirithe le bealaí le cáilíocht meiteashonraí a mheas. Labhraíonn Park (2009) faoi bhealaí le cáilíocht meiteashonraí a mheas, faoi na critéir a bhaineann le meiteashonraí éifeachtúla a chruthú agus bhealaí le feabhas a chur ar cháilíocht meiteashonraí. San alt 'Metadata Quality Control in Digital Repositories and Collections: Criteria, Semantics, and Mechanisms' le Park agus Tosaka (2010), léirítear úsáid na meiteashonraí i measc daoine gairmiúla agus a dtuairimí siúd i leith cáilíocht meiteashonraí. Pléitear chomh maith na saincheisteanna agus bunsrianta a bhaineann le measúnacht a dhéanamh ar cháilíocht meiteashonraí.

Tá neart caighdeán éagsúil a bhaineann le gnéithe éagsúla de chruthú bailiúcháin dhigitigh. Baintear úsáid anseo as **caighdeán le haghaidh inneachar sonraí** ('content standards') ar nós *Irish Guidelines for Archival Description* (Society of Archivists 2009); *Anglo-American Cataloging Rules* (Joint Steering Committee for Revision of AACR and American Library Association 2002); *International Standard Bibliographic Description (General)* (ISBD Review Group 2004); *IASA (International Association of Sound and Audiovisual Archives)*

Cataloguing Rules (Miliano & IASA Editorial Group 1999). Leagann siad sin amach an fhormáid agus an chomhréir a bhaineann le meiteashonraí tuairisciúla, i.e. an phoncaíocht agus leagan amach an eolais, chomh maith leis na fearainn ar cheart a bheith ar fáil in acmhainn faoi leith.

Tá foinsí ann ansin a bhaineann níos mine le **tionscadail ar leith**, ar nós Chartlann Fuaime Leabharlann na Breataine. Is féidir na foinsí sin a roinnt ina dhá ghrúpa: (a) an cháipéisíocht a bhaineann leis na tionscadail sin agus (b) an fhoinsé féin, i.e. scagadh ar na meiteashonraí atá le sonrú ann. Is léiriú iad na cáipéisí ar an obair a rinneadh le linn an acmhainn a chur le chéile, rudaí ar nós próifílí feidhmiúcháin do mheiteashonraí, na caighdeáin mheiteashonraí atá in úsáid acu, tuairiscí agus doiciméid ghnó. Ní i gcónaí a chuirtear na cáipéisí seo ar fáil go poiblí ar an Idirlíon, áfach.

Srianta

An príomhshrian atá leis an ábhar seo ná go bhfuil bearna ann idir an bhunlitríocht agus an tsainlitríocht mar atá ráite ag Bruce agus Hillmann thíos:

Practitioners and implementers in these communities come from a variety of backgrounds and often have limited experience with information technology or library practices. The documentation and examples available to them may seem too “generalized,” and research from ongoing projects that might assist them is buried in places foreign to their discipline. (2004, 3)

D'fhéadfá a rá, mar shampla, go bhfuil cáipéisí *NISO* agus *NINCH* róghinearálta toisc go leagann siad amach treoracha leathan le haghaidh bailiúcháin dhigiteacha a chruthú. Ar an láimh eile, tá na cáipéisí a bhaineann le Cartlann Fuaime Leabharlann na Breataine iontach sainithe do thionscadal ar leith, agus cé go bhfuil na foinsí sin an-chuimsitheach ar fad, ní bheadh a ndóthain acmhainní ag mórán dreamanna le bailiúchán den mhéid sin, agus den chaighdeán sin a chur ar fáil. Cuireann sin srian ar an mhéid úsáide is féidir a bhaint as na cáipéisí a ghabhann leis.

Bíonn sé dúshlánach cloí leis an dea-chleachtas, forsta, de bharr go bhfuil éagsúlacht chomh mór sin idir bailiúcháin. Dar le Breandán Ó Nualltán, forbróir Chartlann Chomholtas Ceoltóirí Éireann, ní i gcónaí a bhíonn córais ghinearálta feiliúnach do bhailiúcháin ar leith (2009) agus mar sin rinne seisean cinneadh a chóras féin a fhorbairt do Chartlann an Chomholtais. Ní eisceacht eisean ach an oiread. Léiríonn suirbhé a rinne Park agus Tosaka (2010), go bhfuil ráta ard tionscadal a bhaineann úsáid as eilimintí meiteashonraí nach bhfuil sonraithe sna

caighdeáin (beagnach 70 faoin gcéad den sampla). Léiríonn sé sin nach bhfreastalaíonn na cáipéisí dea-chleachtais ar riachtanais na n-úsáideoirí i gcónaí. Bíonn deacrachtaí ag bainisteoirí a bheith cinnte an bhfuil siad ag teacht leis na caighdeáin ar chor ar bith nó nach bhfuil, toisc go mbíonn na caighdeáin agus na teicneolaíochtaí ag athrú chomh gasta sin (Bruce and Hillmann 2004, 3). Caithfidh tionscadail a bheith chomh solúbtha agus is féidir, mar sin, chun go mbeidís in ann déileáil leis na hathruithe teicneolaíochta sin. Tá sé tábhachtach forleathan, mar go mbeidh na teicneolaíochtaí ar fáil as seo amach leis na sonraí a aistriú go formáidí nua eile. Sa tionscadal seo, fuair an taighdeoir tacáiocht leanúnach ón fhoireann theicniúil in Fiontar. Rinne siad córas a cheapadh bunaithe ar mholtáí ón taighdeoir. Ba é príomhfhreagracht an taighdeora freagracht a ghlacadh as na sonraí a chóiriú de réir an dea-chleachtais le hionchur i mbunachar.

Dar le Svensson (2009) go bhfuil gá le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na huirlísí atá ann, le tuilleadh plé ar cheist an dea-chleachtais agus le tuilleadh anailíse ar a bhfuil ann i láthair na huaire.

Téamaí

Bíonn neart tascanna i gceist le hacmhainn dhigiteach a chruthú. Go ginearálta is féidir na tascanna sin a scaradh i dtrí fho-roinn, is é sin, an réamh-bhainistíocht, digitíú agus cruthú na hacmhainne, bainistíocht agus caomhnú na hacmhainne. Sna trí fho-roinn sin tá téamaí eile ar leith:

Réamh-bhainistíocht	Digitíú agus Cruthú	Bainistíocht agus Caomhnú
Pleanáil do thionscadal	Digitíú agus ionchódú téacs	Dáileadh na hacmhainne
Ábhar a roghnú	Gabháil agus bainistíocht íomhánna	Measúnacht tionscadail
Cearта maoine intleachtúla	Gabháil agus bainistíocht fuaime/físeán	Bainistiú sócmhainní ar líne
	Meiteashonraí	Caomhnú an ábhair
	Dearbhú agus rialú cálíochta	Coimeádaíocht
	Cruthú suíomh Idirlín	

Is léargas é seo ar na cineálacha nithe a bhíonn ar siúl le linn acmhainn dhigiteach a chruthú, agus tá sé bunaithe ar na caibidlí i dtreoirleabhar *NINCH* (Humanities Advanced Technology and Information Institute, University of Glasgow 2002). Maidir leis an tráchtas seo, is iad na meiteashonraí is mó atá faoi chaibidil, agus eager a chur ar na meiteashonraí sin le hionchur i mbunachar. Cuirtear béim faoi leith ar phrionsabail an dea-chleachtais fostá, rudaí ar nós: inbhuanaitheacht, doiciméadú etc. Labhrófaranois ar na prionsabail sin agus ar an úsáid is féidir a bhaint astu.

2.1.4 Dea-chleachtas: prionsabail

Breathnaítear thíos ar phrionsabail an dea-chleachtais agus ar an chaoi ar féidir na prionsabail sin a chur i bhfeidhm go praiticiúil. Baintear úsáid as na prionsabail a leagtar amach in *NINCH* (Humanities Advanced Technology and Information Institute, University of Glasgow 2002, 4) chun struchtúr a thabhairt anseo fostá, sin iad:

1. gur chóir **idir-inoibritheacht** an ábhair a optamú
2. gur chóir **úsáid leathan** a spreagadh
3. gur chóir próiseas a leagan síos leis **an ábhar bunaidh a chaomhnú**
4. gur chóir straitéis a leagan síos le **saolré na hacmhainne a bhainistiú**
5. gur chóir **cearta maoine intleachtúla** a fhiosrú agus a fhógairt
6. gur chóir **cuspóirí agus modheolaíochtaí a chur in iúl** go soiléir.

Tugann na prionsabail seo léargas dúinn ar na cleachtais atá inmhianaithe ó thaobh bailiúcháin dhigiteacha de. Ní phléifear 3, 4, nó 5, toisc iad sin a bheith taobh amuigh de scóip an tráchtas.

Pléifearanois na prionsabail eile i gcomhthéacs na mbailiúchán digiteach, agus na himpleachtaí atá acu siúd don tionscadal seo go praiticiúil.

Idir-inoibritheacht

Is éard atá i gceist le hidir-inoibritheacht ná ‘the ability to exchange and use information (usually in a large heterogeneous network made up of several local area networks)’ (Princeton University, gan dáta-a). Dar le treoirleabhar *NINCH*, má bhaintear úsáid as caighdeáin gur mó an seans go mbeidh na sonraí idir-inoibritheach (Humanities Advanced Technology and Information Institute, University of Glasgow 2002, 10), is é sin gur gá

formáidí teicniúla a úsáid nach gcuirfidh aon bhac ar shonraí a aistriú. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin ó thaobh bailiúcháin idirinstituídeacha de.

Moltar go láidir a bheith ag plé le hinstitiúidí eile agus le riarthóirí tionscadail eile, taobh amuigh agus taobh istigh den institiúid bhaile, mar gurbh fhéidir go gcothódh sé idir-inoibritheacht idir tionscadail amach anseo (*ibid.*, 152). Moltar idir-inoibritheacht a chothú idir bailiúcháin agus innill chuardaigh sheachtracha chun cur le húsáid na hacmhainne go ginearálta (Library of Congress, gan dáta).

Tá cúpla céim ag baint leis seo ó thaobh Chartlann Fuaime an Bhrainse Logainmneacha de:

1. An Chartlann Fuaime a nascadh le www.logainm.ie, trí úsáid a bhaint as na huimhreacha uathúla atá ag gach logainm i mBunachar Logainmneacha na hÉireann. Cruthaíonn sé sin idir-inoibritheacht inmheánach idir bunachar www.logainm.ie agus an Chartlann Fuaime agus nasc díreach chuig an eolas uile a bhaineann leis an áit atá faoi chaibidil, eolas mar ainmneacha Gaeilge agus Béarla, taifid chartlainne ina bhfuil ábhar taighde faoin áit agus mar sin de.
2. An bunachar a dhearadh ag baint úsáide as teanga chaighdeánach mharcála ar nós XML (Extensible Markup Language). Cruthaítar solúbthacht sa dóigh sin, gur féidir cur leis an acmhainn nó baint de más gá.
3. Bheadh céim eile ann le sonraí a roinnt le hinstitiúidí eile. Moltar go láidir, ó thaobh na hidir-inoibritheachta de, go ndéanfaí amhlaidh, ach ní dhéantar a thuilleadh plé air anseo toisc é a bheith taobh amuigh de scóip an tionscadail. Ní dhéanfar sonraí a roinnt le hinnill chuardaigh ag an phointe seo ach oiread, ó tharla gur bunachar príobháideach atá i gceist le bunachar na Cartlainne Fuaime, a bhfuil rochtain air trí iarratais dhíreacha amháin.

Úsáid leathan a spreagadh

Cé gur bunachar príobháideach atá i gceist leis an bhunachar, is gá fós féin, úsáideoirí an bhunachair – an Brainse Logainmneacha agus taighdeoirí logainmneacha eile nach iad – a spreagadh chun úsáid a bhaint as an acmhainn, is é sin, caithfidh sé a bheith furasta le húsáid. Dar le *NISO*, ionas go mbeadh bailiúchán in úsáid go forleathan, ba chóir go mbeadh sé ar fáil ar an Idirlíon, an t-am ar fad, más féidir, agus go n-úsáidfí teicneolaíochtaí a bhfuil taithí ag an phobal orthu (NISO Framework Advisory Group 2007).

Molann *Maryland* meiteashonraí tuairisciúla a úsáid le caighdeán na rochtana a fheabhsú. Moltar gan meiteashonraí a shrianadh gan chuíis, mar d'fhéadfadh eolas áirithe a bheith tábhachtach do dhreamanna nár aithníodh mar úsáideoirí féideartha don bhailiúchán iad (Carignan et al. 2007, 12). Caithfidh ardcháilíocht meiteashonraí a bheith ag an acmhainn, chun go mbeidh an acmhainn éifeachtach. Baineann Park (2009, 219) úsáid as trí chritéar le cailíocht na meiteashonraí a mheas:

1. Cruinneas ('accuracy'): go bhfuil an cur síos ar an acmhainn cruinn, agus go ndéantar an t-eolas a ionchur go cruinn.
2. Comhsheasmhacht ('consistency'): go n-úsáidtear an eilimint mheiteashonraí chéanna i gcónaí le cur síos a dhéanamh ar an choinchéap céanna agus go mbaintear úsáid as an fhormáid chéanna i gcónaí leis an eolas a ionchur (i.e. má úsáidtear BBBB-MM-LL in áit amháin mar fhormáid do na dátaí, nár chóir LL-MM-BBBB a úsáid in áit eile).
3. Iomláine ('completeness'): go n-úsáidtear na heilimintí céanna tríd síos. Nuair a dhéantar sin, cruthaítear an rud a nglaoitear 'conformance to expectations' air, i.e. go mbeadh a fhios ag an úsáideoir cén t-eolas atá ann, agus go gcabhródh sin leo cuardach cruinn a dhéanamh.

Má chomhlíontar na trí chritéar sin, cuireann sé go mór le feidhmiúlacht na gguardach, agus mar sin spreagann sé úsáid níos leithne den bhailiúchán. Ní hiondúil i gcás ábhair le hoidhreacht – mar atá i gceist le Cartlann Fuáime an Bhrainse Logainmneacha – go mbíonn na meiteashonraí ag teacht go nádúrtha leis na riachtanais thuasluaite. Is féidir meiteashonraí easnamhacha a leasú ar chúpla bealach, i.e. d'fhéadfaí teicneolaíochtaí a fhorbairt ionas nach gcuirfeadh catalógú easnamhach ná úsáid giorrúchán isteach ar na feidhmeanna cuardaigh (Library of Congress). Lena chois sin, is minic go ndéantar seiceáil de láimh ar mheiteashonraí le hiad a thabhairt chun rialtachta (Park & Tosaka 2010, 711).

Labhraítear faoi chur i bhfeidhm na gcritéar sin i gCaibidil 3.

Doiciméadú

Ba chóir doiciméadú a dhéanamh ionas gurbh fhéidir le daoine measúnacht a dhéanamh ar ábhar na hacmhainne go cruinn (Carignan et al. 2007, 13). Cuireann sin le húdarás na foinse, agus cothaíonn sé muinín sa bhailiúchán. Ba chóir doiciméadú a chur ar fáil mar gheall ar an tslí a gcosnaítear na comhaid ó athruithe neamhdhoiciméadaithe nó neamhúdaraithe (Carignan et al. 2007, 15).

Rinneadh cuid mhaith tuairiscithe ar an phróiseas oibre don tráchtas seo. Is tuairisciú ar na cinntí eagarthóireachta a bhí i gceist leis sin den chuid is mó, seachas na cinntí teicniúla – nach dtagann faoi scóip an tráchtas seo. Cuireadh bunchatalóg dhigitithe na Cartlainne Fuaimé leis an bhunachar, i bhfoirm dho-athruithe, agus mar sin, táthar in ann na sonraí atá scagtha amach ina bhfearainn a sheiceáil in éadan an bhunábhair. Cuireadh pasfhocal leis an bhunachar forsta, le hé a chosaint ó aon athruithe neamhúdaraithe. Cuidíonn sé sin le muinín a chothú san acmhainn.

2.1.5 Dea-chleachtas: caighdeán mheiteashonraí

Is deacair teacht isteach ar na caighdeán uile a bhaineann le meiteashonraí in amanna, toisc nach ndéantar aon idirdhealú idir na cineálacha éagsúla meiteashonraí sna foinsí (féach *Understanding Metadata* (NISO 2004) mar shampla). Ní leor caighdeán amháin, ach an oiread, le cur síos a dhéanamh ar acmhainn, mar a mhínítear thíos:

[The] selection of the most appropriate suite of metadata standards and tools, and creation of clean, consistent metadata according to those standards, not only will enable good descriptions of specific collection materials but also will make it possible to map metadata created according to different community-specific standards, thus furthering the goal of interoperability. (Gilliland 2008)

Tugtar tíopeolaíocht thíos de na caighdeán as *Introduction to Metadata* (*ibid.*) le léargas a thabhairt ar na cineálacha caighdeán mheiteashonraí atá ann:

Type	Examples
Data structure standards (metadata element sets, schemas). These are "categories" or "containers" of data that make up a record or other information object.	The set of MARC (Machine-Readable Cataloging format) fields, Encoded Archival Description (EAD), Dublin Core Metadata Element Set (DCMES), Categories for the Description of Works of Art (CDWA), VRA Core Categories
Data value standards (controlled vocabularies, thesauri, controlled lists). These are the terms, names, and other values that are used to populate data structure standards or metadata element sets.	Library of Congress Subject Headings (LCSH), Library of Congress Name Authority File (LCNAF), LC Thesaurus for Graphic Materials (TGM), Medical Subject Headings (MeSH), Art & Architecture Thesaurus (AAT), Union List of Artist Names (ULAN), Getty Thesaurus of Geographic Names (TGN), ICONCLASS

Data content standards (cataloging rules and codes). These are guidelines for the format and syntax of the data values that are used to populate metadata elements.	Anglo-American Cataloguing Rules (AACR), Resource Description and Access (RDA), International Standard Bibliographic Description (ISBD), Cataloging Cultural Objects (CCO), Describing Archives: A Content Standard (DACS)
Data format/technical interchange standards (metadata standards expressed in machine-readable form). This type of standard is often a manifestation of a particular data structure standard (type 1 above), encoded or marked up for machine processing.	MARC21, MARCXML, EAD XML DTD, METS, MODS, CDWA Lite XML schema, Simple Dublin Core XML schema, Qualified Dublin Core XML schema, VRA Core 4.0 XML schema

Níor tháinig sé faoi scóip an tráchtas seo a bheith ag plé le **caighdeán le haghaidh struchtúr na sonraí** ('data structure standards'), ná **caighdeán le haghaidh fhormáid na sonraí** ('data format standards') – seachas gur chóir ag deireadh an tionscadail seo, go mbeifí in ann na sonraí ón bhunachar a chur in oiriúint do na caighdeáin sin, más gá.

Tá tábhacht ar leith ag baint le **caighdeán le haghaidh luach na sonraí** ('data value standards') i gcás Chartlann Fuaime an Bhainse Logainmneacha. Baineann na caighdeáin seo le caighdeánú an eolais (na téarmaí iad féin nó litriú na dtéarmaí) chun cabhrú le feidhmiúlacht na gguardach. Luaitear an *Getty Thesaurus of Geographic Names* (<http://www.getty.edu/research/tools/vocabularies/tgn/>) mar shampla den chineál seo caighdeáin. Foinse atá ann ina liostaítear foirmeacha caighdeánacha de logainmneacha thart timpeall na cruinne le húsáid i gcatalóga. Ba ghá lena leithéid de liosta le heagar a chur ar na logainmneacha i gCartlann Fuaime an Bhainse Logainmneacha. Ní fheilfeadh an teasáras áirithe sin don Chartlann Fuaime, toisc nach liosta cuimsitheach é, agus mar sin nach gcuimsítear gach logainm atá sa Chartlann Fuaime ann. Is féidir, áfach, féachaint chuig www.logainm.ie le haghaidh liosta do na logainmneacha caighdeánacha in Éirinn, agus úsáid a bhaint as sin mar liosta údaráis ar an dóigh sin.

Roinneann Ollscoil Princeton na **caighdeán le haghaidh inneachar sonraí** in dhá ghrúpa: (a) caighdeán do chur i láthair sonraí agus (b) caighdeán le haghaidh inneachar sonraí (Princeton University, gan dáta-b). Is ionann (a) agus 'standards that prescribe the presentation, formatting, layout, punctuation, etc., of a description' (*ibid.*). Tá dhá chineál foinse luaite leis sin, i.e. caighdeáin chartlannaíochta agus caighdeáin bhibleagrafaíochta. Is éard atá i gceist le cur síos cartlannaíochta ná cur síos ar 'items (usually unpublished)

collected for historical purposes such as diaries, correspondence, albums, scrapbooks, clippings, records, ledgers, etc.' (Maine Infonet 2005). Baineann cur síos bibleagrafaíochta le hábhar foilsithe, mar is léir ón sainmhíniú seo ar 'bibliography' san *Oxford English Dictionary* (www.oed.com): 'The systematic description and history of books, their authorship, printing, publication, editions, etc.'. Is ar an ábhar sin a mholtar úsáid a bhaint as na **caighdeán chartlannaíochta** do Chartlann Fuaime an Bhrainse Logainmneacha, cé nach luaitear iad sa chéad típeolaíocht thusa, mar is mó a fheileann an cineál caighdeán sin don ábhar féin.

Dá thairbhe sin, breathnaíodh ar *ISAD(G) (General International Standard Archival Description)* (International Council on Archives 2000) agus ar *Irish Guidelines for Archival Description* (Society of Archivists 2009) le feiceáil cén chaoi a lúonn sonraí bhunchatalóg Chartlann Fuaime an Bhrainse Logainmneacha leis na caighdeán sin. Pléifear torthaí na hoibre sin i gCaibidil 3.

2.1.6 Bailiúcháin ar leith

Breathnaítearanois ar dhá shampla de bhailiúcháin ar líne chun gur féidir Cartlann Fuaime an Bhrainse Logainmneacha a shuí agus a mheas i measc bailiúcháin inchomparáide.

Cartlann Fuaime Leabharlann na Breataine

Tá bailiúchán mór de thaifeadtaí fuaime ag Leabharlann na Breataine, le 3.5 milliún taifeadadh fuaime faoi chúram acu, a taifeadadh i ngach cearn den domhan, agus a bhaineann le gach saghas ábhair, i.e. ceol, drámaíocht, stairsheanchas agus fuaimeanna ón dúlra. Rinneadh na taifeadtaí atá ar an suíomh (ag <http://sounds.bl.uk>) a dhigiú idir 2004 agus 2009, agus tá thart ar 44,900 taifeadadh i gceist leis sin.

Is é an rud is suntasaí faoin bhailiúchán seo ná an méid doiciméadúcháin atá ar fáil don phobal i gcoitinne ar an suíomh, ina measc: beartas forbartha bailiúcháin, eolas faoi roghnú an ábhair agus faoi fhormáid an ábhair, eolas faoi na meiteashonraí (i.e. na buneilimintí, na caighdeán a úsáideadh, na próifílí feidhmiúcháin), eolas faoi chearta maoine intleachtúla, tuairiscí gnó, eolas faoi dhigiú an ábhair etc. Cruthaíonn sin an cineál oscailteachta a bhíonn de dhíobháil le bailiúchán idir-inoibritheach a chruthú.

Tá cuid amháin den Chartlann a bhaineann le blasanna cainte agus le canúintí. Cuirtear eolas breise ar fáil mar gheall ar an ábhar sin, i.e. cur síos gairid ar an ábhar, maille le nótaí ar léacsas, fóineolaíocht agus gramadach an ábhair. Is sampla é sin den chineál rud gurbh fhéidir a dhéanamh leis an ábhar i gCartlann Fuaime an Bhrainse Logainmneacha. Is féidir

guardach a dhéanamh ar na taifeadtaí canúnacha sin de réir áite, trí úsáid a bhaint as an léarscáil idirghníomhach atá ar an suíomh.

Is bailiúchán ollmhór é Cartlann Fuáime Leabharlann na Breataine, agus tá sé curtha le chéile go hardchaighdeán. Léiríonn sé gur féidir a bheith ag cloí leis an dea-chleachtas ina iomláine ach na hacmhainní daonna agus airgeadais a bheith ar fáil faoina choinne sin.

Féidearthacht do Chartlann Fuáime an Bhrainse Logainmneacha: na comhordanáidí a bhaineann leis na háiteanna sa bhunachar a bhaint amach as bunachar www.logainm.ie agus a shuí ar léarscáil. Léiriú níos fearr ar dháileadh na dtaifeadtaí a bheadh ann d'úsáideoirí an bhunachair.

Tionscadal Gréasáin Cheirníní Doegen

Bailiúchán digiteach Gaeilge atá i gceist le Tionscadal Gréasáin Cheirníní Doegen de thaifeadtaí a rinne an Dr Wilhelm Doegen sna blianta 1928–31. Bailiúchán de scéalta, amhráin agus ábhar eile atá i gceist leis, atá ar fáil ag dho.ie/doegen/. Is tionscadal de chuid Leabharlann Acadamh Ríoga na hÉireann atá ann, i gcomhar le Faireachlann na nDaonnachtaí Digiteacha (DHO) i mBaile Átha Cliath. Tá Tionscadal Gréasáin Cheirníní Doegen i bhfad níos lú ná Cartlann Fuáime Leabharlann na Breataine. Cuirtear eolas áirithe ar fáil ar an suíomh seo mar atá eolas faoin tionscadal agus meiteashonraí áirithe (teideal, ainm an chainteora, áit taifeadta, dáta taifeadta agus cúpla mionrud eile). Is féidir brabhsáil de réir teidil, ainm an chainteora, nó de réir contae. Baintear úsáid as an caighdeán TEI le haghaidh na meiteashonraí (Text Encoding Initiative 2010), ach ní chuirtear aon doiciméadú faoi na meiteashonraí ar fáil go poiblí ar an suíomh. Meiteashonraí tuairisciúla amháin atá le feiceáil ar an suíomh seo. Cé nach bhfuil an oiread sin ábhair ar fáil agus atá ag Cartlann Fuáime Leabharlann na Breataine, tá buntáistí ag baint leis an chur chuige a bhí acu. Ceann de na réamhriachtanais le haghaidh ardcháilíocht meiteashonraí ná go mbeadh sé comhsheasmhach agus go mbeidís mar a shílfeadh duine ('conformance to expectations') (Bruce & Hillmann 2004, 5). Rud amháin a dhéantar go maith sa bhailiúchán áirithe seo ná go mbíonn an t-eolas céanna ar fáil le haghaidh gach taifeadta. Cothaíonn sin muinín i measc úsáideoirí na hacmhainne. Tá an guardach simplí agus furasta le húsáid, rud a mheallfadh duine chuirtear an acmhainn. Tá sé i gceist acu cur leis an suíomh de réir a chéile trí 'leaganacha trascríofa agus aistriúcháin, eolas faoi na daoine a taifeadadh, agus ábhar iomchuí eile a chur ar fáil' (Tionscadal Gréasáin Cheirníní Doegen 2009), agus cuirfidh sé sin breislúach leis an acmhainn. Luaitear na sonraí cóipchirt ar an suíomh fostá.

Is léir gur tionscadal i bhfad níos lú atá i gceist leis an tionscadal seo ó thaobh acmhainní daonna de, ach crutháonn sé gur féidir acmhainn chiallmhar a chur le chéile ar scála níos lú, a chloíonn le prionsabail an dea-chleachtais ar bhealaí éagsúla.

Na tionscadail sin agus Cartlann Fuaime an Bhrainse Logainmneacha

Trí chomparáid a dhéanamh idir na tionscadail feictear na féidearthachtaí do bhailiúcháin dhigiteacha ar líne. Feictear le Cartlann Fuaime Leabharlann na Breataine, gur féidir a bheith ag cloí go hiomlán leis an dea-chleachtas, más rud é go bhfuil na hacmhainní ann. Ach feicimid le Tionscadal Gréasáin Cheirníní Doegen gur féidir acmhainn chiallmhar úsáideach chomhsheasmhach a chruthú ar scála níos lú, ach a chloíonn le prionsabail an dea-chleachtais go ginearálta. Tá gnéithe áirithe ar na suíomhanna seo arbh fhéidir úsáid a bhaint astu i mbunachar Chartlann Fuaime an Bhainse Logainmneacha. D'fhéadfáí notaí faoin għramadach agus faoin chanuïnt a chur ar fáil, mar shampla, nó cuardach a dhéanamh le léarscail idirghnionmhach. I gcás an dá thionscadal thusa tá sé tábhachtach bheith in ann cuardach a dhéanamh de réir áite agus is gné thábhachtach sin don tionscadal seo fosta.

2.1.7 Achoimre ar litríocht na ndaonnachtaí digiteacha

Mar a luadh thusa, is réimse leathan é an dea-chleachtas sna daonnachtaí digiteacha a dtagann cuid mhaith téamaí faoina scáth. Baineann an dea-chleachtas le gach gné de thionscadal digiteach, agus tá cáipéisí ar fáil do gach téama acu siúd. I measc na rudaí is tábhactaí faoi chúrsaí dea-chleachtais tá:

- go ndéanfaí an tionscadal a bhainistiú i gceart ó thús deireadh, coimeádaíocht ar an ábhar agus an tionscadal tagtha chun críche san áireamh
- go gcomhlíonfaí na sé phrionsabal dea-chleachtais:
 - ◆ idir-inoibritheacht
 - ◆ úsáid leathan a spreagadh
 - ◆ caomhnú an ábhair
 - ◆ saolré na hacmhainne a bhainistiú
 - ◆ cearta maoine intleachtúla
 - ◆ doiciméadú.

Tá an tionscadal seo níos lú ná na cinn a shamhlaítear sna cáipéisí dea-chleachtais, nó ná na tionscadail a pléadh anseo. Is gó, mar sin féin, cloí leis an dea-chleachtas, oiread agus is cuí. Tá na gnéithe is mó a bhaineann le hábhar rianaithe thíos:

- Cur le feidhmiúlacht na gguardach trí chloí leis na trí réamhriachtanas a leag Park (2009) amach d'ardcháilíocht meiteashonraí: cruinneas, comhsheasmhacht agus ionmláine.
- Doiciméadú a dhéanamh ar na cinntí ar fad a glacadh agus de na cúiseanna ar glacadh iad.
- An chéad leagan den bhunchatalóg a choinneáil sa bhunachar ionas gur féidir é a chur i gcomparáid leis na sonraí a bhaineann le taifeadadh ar leith, go háirithe sa chás go bhfuil aon amhras ann faoi údarás na sonraí sin.
- Bunachar a chruthú a bheidh idir-inoibritheach le tionscadail eile. Is fiú comhairle theicniúil a fháil faoi na formáidí is oiriúnaí agus is solúbtha go fadtéarmach chun idir-oibritheacht a chinntiú.
- Pasfhocal cuairteora a chruthú don bhunachar, ionas nach ndéanfar aon athruithe neamhúdaraithe ar an ábhar.
- Fáilte a chur roimh eolas ó thaighdeoirí logainmneacha i leith na hacmhainne.

Gné amháin breise a bheadh inmhianaithe sa chás seo:

- Léarscáil idirghníomhach.

2.2. Staidéar ar mhion-logainmneacha in Éirinn

Sa mhír seo déantar iniúchadh ar na modhanna a úsáidtear le taighde a dhéanamh ar mhion-logainmneacha in Éirinn. Breathnáitear ar stair na litríochta sin agus ar an staid ina bhfuil sé faoi láthair, ar mhaithe leis an taighde a rinneadh don Chartlann Fuáime a chur i gcomhthéacs réimse na logainmníocha in Éirinn. Aithnítear dhá chineál téacs logainmneacha sa mhír seo. Déantar cur síos orthu siúd agus ar na hairónna a bhaineann leo. Pléitear na srianta a bhaineann le hábhar mionainmneacha, agus na himpleachtaí atá aige sin don tráchtas seo.

2.2.1 Stair agus staid na litríochta

Is éard atá i gceist le mionainmneacha ná ‘ainmneacha [...] nach ainmneacha ar aonaid oifigiúla riarracháin iad, agus a thagraíonn d’áiteanna beaga laistigh de na bailte fearainn: cnoic, páirceanna, srutháin, carraigeacha, crainn, crosairí, ballaí, bóithre, toibreacha, cúinní etc.’ (Mac Gabhann 2010). Tá mionainmneacha éagsúil ó logainmneacha eile, sa chaoi is nach mbíonn siad ach cúpla céad bliain d’aois ar a mhéid (Ó Ciobháin 1985, xx). Ní luaitear mórán acu sna foinsí stáiriúla, mar gheall ar a n-aois go príomha, agus mar gheall nach bhfuil aon fheidhm riarracháin leo. Is ainmneacha iad na mionainmneacha atá ag dul i léig le leathchéad bliain ar a laghad. An chúis is mó atá leis sin ná go bhfuil laghdú tagtha ar cheirdeanna traidisiúnta ar nós na hiascaireachta agus na feirmeoireachta, agus mar sin, go mbíonn níos lú teagmhála ag daoine leis an tírdhreach sa lá atá inniu ann ná mar a bhí ag na glúine a chuaigh rompu (Nicolaisen 1961, 75).

Dar le Fiachra Mac Gabhann (2010), rinneadh failí i mbailiú na mionainmneacha go dtí an dara leath den fhichiú haois. Is fíor gur bhailigh an tSuirbhéireacht Ordanáis cuid mhaith mionainmneacha, ach is léir nach ndearna siad iarracht gach ainm acu a bhailiú. Mar shampla, as na 1800 mionainm a bhailigh Mac Gabhann in Acaill ag túis na mílaoise, bhí 1400 acu ann nach ndearna an tSuirbhéireacht Ordanáis taifeadadh orthu (Mac Gabhann, gan dáta). Bailíodh mionainmneacha sa 1930idí fosta mar chuid de scéim Bhailiúchán na Scol, agus luann Ó Ciobháin an bailiúchán sin mar fhoinsé féidearthá do thaighdeoirí logainmneacha (1985, x). Dar le Mac Gabhann, tá fadhbanna iontaofachta agus leanúnachais ag baint leis an ábhar sin, áfach: ‘ní mar a chéile a chaighdeánaigh na múinteoirí [na hainmneacha]’ (2010). Chuir Nicolaisen béim ar thábhacht na mionainmneacha agus ar an phráinn a bhaineann lena mbailiú:

[T]he disappearance of a whole way of life and of an ancient culture is involved in the regression of these names and of the language(s) to which they belong; and

unless they are put on record now they will be irretrievably lost as indicators of that pattern of life. (1961, 76)

Luaitear Breandán Ó Ciobháin mar an duine a leathnaigh amach an raon taighde chun na mionainmneacha a chuimsíú ann (Mac Mathúna 1990, 12), leis na saothair cheannródaíocha 'Logainmneacha ó Bharúntacht Mhaigh Fhearta, Co. an Chláir' (1968) agus *Toponomia Hiberniae* (1978–85). Ar cheann de na saothair luatha mionainmneacha tá *Logainmneacha as Paróiste na Rinne, Co. Phort Láirge* (An Cumann Logainmneacha 1975), bailiúchán den ábhar a bhailigh an Brainse Logainmneacha sa pharóiste sin ag túis na 1960idí, mar chuid den Chartlann Fuáime.

Ón tréimhse sin i leith tá leabhair faoi mhion-logainmneacha ag teacht amach ó am go chéile. Ach níl an obair ag dul ar aghaidh go córasach ar chípla cúis: níl foireann rómhór ag an Bhrainse Logainmneacha, arb iad príomhthaighdeoirí logainmneacha na tíre iad – seisear i láthair na huaire – agus is le hainmneacha riarrachán is mó a bhíonn siad ag plé. Mar sin, fágtaí an cineál seo oibre faoi thaighdeoirí aonair, agus faoi ghrúpaí pobail. Tá cúpla duine agus grúpa gur fiú a lua go sonrach anseo, a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo ó thaobh scoláireacht na mionainmneacha de. Duine amháin acu siúd ná Nollaig Ó Muráile, a rinne thart ar 600 logainm a bhailíú i gClíara, amach ó chósta Mhaigh Eo sa bhliain 1996 (Mac Gabhann, gan dáta). Tá obair mhór ar siúl ag Fiachra Mac Gabhann faoi láthair ar logainmneacha Chontae Mhaigh Eo, agus táthar ag súil le torthaí a chuid oibre a fhoilsíú amach anseo (Cumarsáid phearsanta, 23 Samhain 2011). Lena chois sin, tá obair mhór déanta ag Coiste Logainmneacha Chorcaí faoi stiúir an Dr Éamon Lankford i mbailíú na mionainmneacha sa chontae sin ón bhliain 1996 ar aghaidh. Tá 115 imleabhar curtha le chéile ag an Dr Lankford ó 1976 ar aghaidh ina bhfuil tagairtí do logainmneacha i gCorcaigh agus tá na leabhair sin i seilbh Leabharlann Chontae Chorcaí (Cork and Kerry Place Names Survey, gan dáta). Is fiú a lua chomh maith, go mbíonn grúpaí pobail timpeall na tíre, ag plé le cúrsaí logainmneacha.

Tá neart leabhar agus irisleabhar ina bhfuil ábhar faoi logainmneacha ar fáil. Na cinn is tábhactaí i réimse na logainmníochta ná: *Dinnseanchas, Ainm agus Bulletin of the Ulster Place-Name Society* (BUPNS) i dTuaisceart Éireann, agus *Nomina sa Bhreatain*. Bíonn ábhar logainmneacha ar fáil i dtréimhseacháin i réimse an léinn Éireannaigh go ginearálta ar nós *Ériu, Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland, Studia Hibernica* agus mar sin de. Is fiú breathnú ar thréimhseacháin áitiúla le haitl a aimsiú ar na logainmneacha, *the Donegal*

Annual, mar shampla. Is fiú chomh maith breathnú ar ábhar canúnach, nó ar liostaí focal le tuiscint níos fearr a fháil ar an chanúint mar a labhraítear sa réigiún í.

Tá dhá shruth ábhair i gceist le foinsí logainmneacha den chuid is mó:

1. Ábhar atá dírithe ar scoláirí logainmneacha go príomha
2. Ábhar atá dírithe ar an ghnáthphobal go príomha.

Sa chéad sruth bíonn liostaí logainmneacha ann, a bhfuil leaganacha foghraíochta agus léarscáileanna curtha leo. Bíonn príomhfhocas an ábhair ar na logainmneacha féin. Sa dara sruth bíonn níos mó éagsúlachta ar fáil, mar shampla bíonn níos mó eolais ghinearálta faoin cheantar, i.e. faoin stair nó faoin saol a bhí ann sa seánam, chomh maith le scéalta faoi eachtraí a tharla ann. Déantar cur síos ar chúpla eochairthéacs sa dá shruth le léiriú a thabhairt ar an chineál ábhair a bhíonn á phlé iontu.

2.2.2 Mionainmneacha: sruth 1

Baineann na leabhair seo leis an sruth acadúil de staidéar na mion-logainmneacha. Saothar cuimsitheach atá i gceist le *Toponomia Hiberniae I-IV* le Breandán Ó Cíobháin (1978–85). Cuireann Ó Cíobháin ainmneacha inár láthair a bhailigh sé ó 221 fainnéiseoir i gCo. Chiarraí le linn na 1960idí. Tá na leabhair seo suntasach toisc gur bhain Ó Cíobháin úsáid as foinsí eile, nár bhí fhoinsí béal iad, le cur leis an eolas a bhailigh sé féin faoi mhionainmneacha i gCiarraí, foinsí ón tSuirbhéireacht Ordanáis den chuid is mó. Baintear úsáid as foinsí ón 18ú haois ar aghaidh go príomha, mar gheall nach mbíonn mionainmneacha ach cúpla céad bliain d'aois. Tugann Ó Cíobháin eolas faoi fhaisnéiseoirí, faoi dháileadh na logainmneacha, faoi mhíreanna coitianta, faoi na foinsí agus faoin chomhthiéacs logánta, i.e. staid na teanga agus mar sin de. Cuireann sé logainmneacha i láthair forsta san alt ‘Logainmneacha ó Bharúntacht Mhaigh Fhearta, Co. an Chláir’ a foilsíodh in *Dinnseanchas* (1968), ach ní ar bhealach chomh cuimsitheach céanna.

In *Logainmneacha as Paróiste na Rinne, Co. Phort Láirge* (An Cumann Logainmneacha 1975) liostaítear na mionainmneacha a taifeadadh sa pharóiste sin sa bhliain 1962, mar chuid de thionscadal na Cartlainne Fuáime. Is mar shampla d'obair pháirce a foilsíodh an saothar, agus mar sin ní dhearnadh aon iarracht aon ábhar breise a chur leis:

[N]íor cuardaíodh seanfhoinsí, níor lorgaíodh ainmneacha inchomórtais i gceantair eile, níor scrúdaíodh brí na míreanna ná an fáth a bhí leis na hainmneacha, ná ní dearnadh aon iarracht ar anailís a dhéanamh ar na hainmneacha ó thaobh chineáil

agus lín, cé gur rudaí iad sin ar fad a d'fhéadfáí a dhéanamh go tairbheach. (An Cumann Logainmneacha 1975, 5)

Cuirtear léarscáileanna agus leaganacha foghraíochta de na hainmneacha ar fáil, áfach, agus mar sin, is léir go bhféachtar orthu sin mar réamhriachtanais do leabhar den chineál seo.

Luaitear *The Living Landscape: Kilgalligan, Erris, County Mayo* (Ó Catháin & O'Flanagan 1975), mar eochairthéacs i réimse na mion-logainmníochta: 'Thaifead Ó Catháin (1975) breis agus 800 mionainm, maille le seanchas ina dtaobh, ó bhéal faisnéiseora amháin [...], i mbaile fearainn amháin [...] in iarthuaisceart Mhaigh Eo: éacht nach sárófar choíche' (Mac Gabhann 2010). Tá béim ar leith sa leabhar áirithe sin ar an dinnseanchas agus ar bhéaloideas na háite go ginearálta. Rud suimiúil a dhéantar sa leabhar seo ná na logainmneacha a rangú de réir cheannteideal, 'toponyms' nó 'items of the cultural landscape', mar shampla. Cé go bhfuil comhthéacs níos leithne léirithe sa leabhar seo, cuirim le sruth 1 é toisc an cur chuige acadúil atá ann.

2.2.3 Mionainmneacha: sruth 2

Sa sruth seo, tugtar eolas faoi logainmneacha ar bhealach nach bhfuil chomh foirmiúil céanna. In amanna bíonn an bhéim ar chúrsaí staire, ar chúrsaí béaloidis nó ar chúrsaí oidhreachta, ach go bhfuil na logainmneacha curtha san áireamh mar chuid de sin. Sa leabhar *Logainmneacha agus Oidhreacht Dhún Chaocháin i mBarúntacht Iorrais, Condae Mhaigh Eo* (Mac Graith & Ní Ghearraigh 2004), tugtar eolas níos leithne mar gheall ar Dhún Chaocháin agus an stair agus an cultúr a bhaineann leis an áit. Tugtar leaganacha Béarla de na hainmneacha agus déantar cur síos tuairisciúil ar an áit. Labhraítéar faoi gheolaíocht an cheantair. Is léiriú é *Dinnseanchas na mBlascaodaí* (Ó Criomhthain 1999) ar an traidisiún béis, agus ar an chaoi a mbíonn logainmneacha á seachadadh de bhéal. Déantar cur síos tuairisciúil ar an áit, agus labhraítéar faoi eachtraí a tharla ann, rud a thugann léargas ar an saol mar a bhí san am atá caite. Sa leabhar *Connemara* le Tim Robinson (1990) tugtar léargas ginearálta ar mhionainmneacha i mbailte fearainn Chonamara. Nithe le sonrú faoin chnuasach seo ná go gcuimsítear foirgnimh faoin cheannteideal 'mionainm' agus déantar cuid seanfhoirgnimh a phlé, agus an stair a thabhairt. Tá léarscáil an-chuimsitheach leis fostá. Leagtar an bhéim ar chúrsaí staire áitiúla, seachas ar stair na logainmneacha féin. Sa leabhrán *Logainmneacha Oileáin Bheaga Dhún na nGall* a chuir Comharchumann na nOileán Beag le chéile (2010), cuirtear logainmneacha seacht n-oileán i láthair. Tugtar liosta de na hainmneacha ar gach oiléán, agus ansin cuirtear i láthair iad ar léarscáil. Ní bhíonn

leaganacha foghraíochta leis na hainmneacha sna foinsí seo, agus bíonn éagsúlacht ag baint leo ó thaobh na léarscáileanna, an leagan amach agus mar sin de.

2.2.4 Comparáid

Seo thíos comparáid idir na téacsanna éagsúla agus ar an ábhar atá iontu:

	Sruth 1				Sruth 2			
	BÓC1	BÓC2	BL	SÓC	D Ch	TÓC	TR	DnaG
Ainm Gaeilge	*	*	*	*	*	*	*	*
Aistriúchán Béarla/ Ainm Béarla				*	*		*	
Foghraíocht	*	*	*	*				
Léarscáil	*	*	*		*	*	*	*
Liosta Faisnéiseoirí	*	*		*				
Úsáid Seanfhoinsí	*							
Seanchas faoi ainm		*	*	*	*	*	*	
Comhthéacs níos leithne				*	*		*	*

BÓC1 = *Toponomia Hiberniae*;

BÓC2 = 'Logainmneacha i mBarúntacht Mhaigh Fhearta, Co. an Chláir';

BL = *Logainmneacha as Paróiste na Rinne, Co. Phort Láirge*;

SÓC = *The Living Landscape*;

D Ch= *Logainmneacha agus Oidhreacht Dhún Chaocháin*;

TÓC = *Dinnseanchas na mBlascaodaí*;

TR = *Connemara*;

DnaG = *Logainmneacha Oileáin Bheaga Dhún na nGall*.

Tuigtear ón mhéid sin thus:

1. Go bhféachtar ar an fhoghraíocht mar ghné thábhachtach i staidéar acadúil na logainmneacha
2. Go bhfuil ainm Gaeilge agus léarscáileanna inmholta
3. Go gcuirtear níos lú béime ar úsáid na seanfhoinsí i staidéar na mionainmneacha ná i saothair logainmneacha eile
4. Go bhfuil cuid mhaith éagsúlachta ann idir téacsanna.

2.2.5 Srianta

Tá srianta ag baint leis an ábhar seo ar chúpla cúis: (a) Ní gnách gurbh fhéidir le haon duine (nó grúpa) gach rud is mian leo a chur i gcrích toisc go bhfuil an oiread sin féidearthachtaí do théacs logainmneacha, agus de thairbhe gur obair sách dian atá ann ó thaobh cúrsaí ama de, agus (b) tá an chuid is mó den ábhar bunaithe ar fhoinsí béal. Tá srianta áirithe ag baint leis sin. Luann Breandán Ó Cíobháin (1985, xxx) cuid de na fadhbanna a bhí aige agus é ag cur *Toponomia Hiberniae* le chéile. Is faoin taighdeoir atá sé, na foirmeacha 'cearta' a roghnú, bunaithe ar fhuaim na bhfocal. I gcuid mhaith cásanna ní bhíonn aon fhianaise stairiúil mar chuidiú ag na taighdeoirí. Bíonn sé deacair in amanna aon stádas a thabhairt d'ainmneacha a bailíodh ó sheandoine nach bhfuil an chuimhne chomh slán acu agus a bhí, b'fhéidir. Bíonn fadhbanna ann le téipeanna agus le caighdeán na fuaimé. Tarlaíonn sé in amanna chomh maith, go mbíonn ainm ar eolas ag duine, ach nach mbíonn suíomh na háite ar eolas acu, mar sin ní féidir iad a mharcáil ar léarscáil. Bhí na mionainmneacha ag dul i léig cheana agus taighdeoirí i mbun a mbailithe, agus mar sin, ní féidir a rá choíche gur bailíodh gach ainm.

2.2.6 Achoimre ar litríocht na mionainmneacha in Éirinn

Labhair Nicolaisen, sa bhliain 1961, faoin phráinn a bhí le bailiú mionainmneacha in Éirinn. Ó shin i leith tá obair mhór déanta i réimse na mionainmneacha in Éirinn, go háirithe le bunú Chartlann Fuaimé an Bhainse Logainmneacha. Ach cé go ndearnadh neart oibre sa réimse ó shin, ní dhearnadh é ar bhealach córasach, mar gheall go bpléann an Brainse Logainmneacha le hainmneacha riarracháin go príomha agus mar sin, go bhfágtaí an obair faoi ghrúpa pobail agus faoi thaighdeoirí aonair.

Bíonn srianta leis an saothar a bhaineann le mionlogainmneacha in Éirinn. An srian is mó ná gur ó fhoinsí béal a thagann na logainmneacha den chuid is mó, agus mar sin nach féidir a bheith ag brath go huile is go hiomlán ar chruinneas na n-ainmneacha féin.

Tá dhá shruth foinsí mionlogainmneacha ann (a) an sruth acadúil agus (b) an sruth neamhacadúil. Sa chéad sruth bíonn aird an léitheora dírithe ar na logainmneacha féin go príomha, ar leaganacha foghraíochta agus ar léarscáileanna a bhfuil suíomh na logainmneacha marcálte orthu. I sruth 2 bíonn níos mó ábhair chomhthéacsúil ar fáil, mar shampla scéalta, eolas faoin seansaol agus eolas ginearálta faoin cheantar. Tugtar níos mó eolais phearsanta ó fhaisnéiseoirí mar gheall ar eachtraí a tharla ann. Níl sa dá shruth sin ach catagóiriú ginearálta, agus ní i gcónaí a bheidh gach leabhar ná gach alt logainmneacha ag baint le sruth amháin ná sruth eile.

2.2.7 Impleachtaí don tráchtas seo

Cé go bhfuil nósanna áirithe i gcoiteann idir na foinsí uile a luadh thus, is léir go bhfuil éagsúlacht mhór idir téacsanna maidir leis an mhéid eolais agus an chineál eolais a chuimsítear iontu. Tá tionchar ag an mhéid sin thus ar na torthaí taighde sa tráchtas seo, mar gur bunaíodh an taighde ar logainmneacha Ghabhla ar na nósanna atá leagtha amach sa réimse go ginearálta, go háirithe i sruth 1 a luath thus. Cuireann laghad na hoibre atá foilsithe ar chúrsaí mionainmneacha in Éirinn leis an tábhacht atá le Cartlann Fuaimé an Bhrainse Logainmneacha mar áis do thaighdeoirí logainmneacha agus mar thúsphointe do staidéir eile ar ábhar na logainmneacha.

2.3 An léirbhreithniú litríochta: achoimre

Sa léirbhreithniú litríochta thus, rinneadh léirbhreithniú ar an ábhar a bhaineann le bailiúcháin dhigiteacha ar líne agus le mionainmneacha na hÉireann. Ag deireadh an dá chuid sin tugadh moltaí i dtaobh na bpríomhghhnéithe a bhaineann leis an dea-chleachtas comhaimseartha (a) agus bailiúchán digiteach á chruthú agus (b) le heagar a chur ar ábhar mion-logainmníocha. Pléitear an bealach a rinneadh sin ó thaobh (a) thus i gCaibidil 3. Tá torthaí (b) le feiceáil i gCaibidil 4.

3. Modheolaíochtaí taighde

3.1 Réamhrá

Tá dhá phríomhréimse acadúla faoi chaibidil sa tráchtas seo, a bhfuil modheolaíocht le forbairt agus le beachtú ina leith: (a) cóiriú agus ionchur na bunchatalóige i mbunachar agus (b) modhanna eagarthóireachta chun tras-scríobh a dhéanamh ar ábhar canúnach. I gcás ionchur na bunchatalóige, leagtar amach scóip an tionscadail ar dtús agus pléitear airónna na Cartlainne Fuaim agus an dóigh a suíonn sé sin le cursaí dea-chleachtais sna bailiúcháin dhigiteacha mar a pléadh i gCaibidil 2. Pléitear ansin na modhanna a leagadh amach le heagar a chur ar ábhar na bunchatalóige, bunaithe ar an dea-chleachtas sa réimse sin. I gcás na modhanna eagarthóireachta, déantar measúnacht ar raon leabhar ina gcuirtear eagarr ar ábhar canúnach. Baintear úsáid as na leabhair sin mar phointe tosaigh le scéim eagarthóireachta a chur le chéile don ábhar tras-scríofa, atá mar chuid de Chaibidil 4.

3.2 An cnuasach – cad é atá ann?

Cartlann fuaim d'obair pháirce de chuid an Bhainse Logainmneacha is ea an Chartlann seo. Cuimsíonn sé ábhar ó 24 contae timpeall na hÉireann. Tá thart ar 1,200 uair an chloig i gceist leis, agus níos mó ná 240 leathanach de chatalóg lámhscríofa i bhfoirm Word. An sprioc atá leis an tionscadal seo ná bailiúchán digiteach a chruthú, leis an eolas uile a chur i láthair i bhfoirm dhigiteach inchuardaithe. Déantar sin le cur ar chumas taighdeoirí úsáid a bhaint as an eolas seo go cianda, agus cuardaigh a dhéanamh a sháraíonn srianta na formáide cló.

Ar dtús breathnaítear ar an bhunchatalóg agus ar na sonraí atá inti, chun léiriú a thabhairt ar mhéid an taisc seo romhainn. Catalóg lámhscríofa a bhí sa bhunchatalóg, a ndearna Fuaimlann Teo. – cuideachta atá lonnaithe i nGaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall – tras-scríobh air i bhformáid Word le linn 2009. Rinneadh profáil ar an leagan tras-scríofa den chatalóg in Fiontar, DCU, mar réamhchéim oibre don tráchtas seo. Is é an cur chuige a glacadh chun an phrofáil sin a dhéanamh ná an t-ábhar a choinneáil chomh gar agus ab fhéidir don ábhar a bhí sa bhunchatalóg, chun go mbeadh an t-ábhar ina fhoinsé bheacht ag taighdeoirí amach anseo. Mar sin, ní dhearnadh aon chaighdeánú ar an ábhar.

Airónna na catalóige:

- Spólchatalóg: 108 leathanach Word
- Caiséadchatalóg: 134 leathanach Word
- Bíonn ró ar leith do gach traic, agus ró amháin do gach spól, i.e. **1a1, 1b1** = traiceanna ar spól '1', **1** = spól '1' ar fad.

Seo a leanas an leagan amach ginearálta a bhí ar iontráil chatalóige. Bhí an t-eolas seo ar fáil i dtí cholún. Ní raibh an t-eolas taobh istigh de na colúin sin in aon ord ar leith, ná ní raibh ceannteidil ag gabháil leo sa chatalóg. Níor luadh gach catagóir gach babhta mar a phléifear ar ball faoi 3.3.1.

Colún 1	<ul style="list-style-type: none"> Uimhir aitheantais thraig (curtha isteach ag Fuaimlann Teo.)
Colún 2	<ul style="list-style-type: none"> Eolas faoin chainteoir (ainm, sloinne, ainm áitiúil, slí bheatha, cumas Gaeilge, eolas breise) Áit an taifeadta Dáta Ainm bailitheora nó giorrúchán ar a ainm Nóta: eolas breise traic, i.e. luas na téipe
Colún 3	<ul style="list-style-type: none"> Nóta digitithe (curtha isteach ag Fuaimlann Teo.)

3.3 An Chartlann Fuaime agus an dea-chleachtais

Féachtar anois ar an dóigh a suíonn an bhunchatalóg le cúrsaí dea-chleachtais i réimse na mbailiúchán digiteach, ó thaobh (a) na prionsabail dea-chleachtais mar a luadh ag 2.1.4 agus (b) na caighdeáin chartlannaíochta mar a luadh ag 2.1.5.

3.3.1 An Chartlann Fuaime agus na prionsabail dea-chleachtais

I gCaibidil 2, tugadh léiriú ar na trí ní is gá le hardcháilíocht meiteashonraí a chruthú, is é sin cruinneas, comhsheasmhacht agus ionláine sonraí. Breathnaítear anois ar na sonraí uile a bhaineann le Cartlann Fuaime an Bhrainse Logainmneacha i gcomhthéacs na grítéar sin agus déantar cálíocht na meiteashonraí a mheas chun é a chur i gcomhthéacs an dea-chleachtais.

Dar le Park (2009, 221) is gá dearbhú cálíochta meiteashonraí (nó 'metadata quality assurance') a bheith mar chuid de chruthú na meiteashonraí ó thús tionscadail ar bith. Ciallaíonn sé sin gur chóir rialacha nó treoirínt meiteashonraí a bheith ar fáil ag céim an chruthaithe. Ní hamhlaidh a bhíonn i gcás cuid mhaith ábhair ar ábhar le hoidhreacht é, áfach. Tóg bunchatalóg an Bhainse Logainmneacha, mar shampla. Is le haghaidh úsáid inmheánach sa Bhainse Logainmneacha a bhí sé ón túis. Scríobhadh an chatalóg de láimh ó na 1960idí ar aghaidh agus bhí 13 bailitheoirí páirteach sa tionscadal. Is léir ó ábhar na catalóige féin nach raibh bealach córasach in úsáid acu leis an eolas catalóige a chruinniú, ná tá an-difear i méid agus i gcineál an eolais a chuir na bailitheoirí éagsúla lena dtaifeadtaí

féin. Cruthaíonn sé sin fadhbanna ó thaobh na comhsheasmhachta agus na hiomláine de, agus mar sin, ó thaobh cháilfacht na meiteashonraí go ginearálta.

Tugtar léargas thíos ar na srianta atá le hábhar na Cartlainne Fuáime agus ar na bealaí nach dtagann bunchatalóg na Cartlainne Fuáime le rialacha an dea-chleachtais ó thaobh cruinnis, comhsheasmhachta agus iomláine de, faoi na ceannteidil seo a leanas: Éagsúlacht eolais, Aínmeacha daoine, Dátaí, Logainmneacha, Ceisteanna iontaofachta agus Leagan amach an eolais (ginearálta).

Éagsúlacht eolais

Tá éagsúlacht mhór idir iontrálacha sa chatalóg, rud a thagann salach ar na riachtanais d'ardcháilfacht meiteashonraí. Féach an dá shampla thíos mar léiriú ar na difríochtaí idir an cineál eolais a bhíonn ar fáil in iontrálacha éagsúla sa chatalóg tras-scríofa. Sa chéad sampla tá eolas ann faoi na taifeadtaí uile (eolas ar nós ainm, sloinne agus mar sin de), ach sa dara ceann níl i gceist ach liostaí de thraigeannta nach bhfuil aon ainmneacha leo:

Fíor 1: Seat scáileán: bunchatalóg an Bhrainte Logainmneacha 1

133a1	William Gannon (c. 70), Cashel, Gleann na Madadh. Gaeilgeoir, 1/12/64	
133a2	Patrick Biesty, Addergoole, Cnoc Mhuire. Roinnt logainm Gaeilge aige. 2/12/64	
133b1	P Biesty (ar lean)	
133b2	Pádraigh Ó Riagain, Chuain Fiachra, Cill Cheallaigh. Gaeilgeoir maith, 2/12/64	
133	B ó C	
(134a1)	Píosa cainte ó Oilean Reachrainn. Bainte as an chlár ag Prionsias Ó Conluain, [Téip 251c1]	
(134)	Go sealadh, V.T. 126. Gaeilge. An chuid eile folamh	
134a1	Caint le Frank Mc Curdy Ballycarry, Reachraidiú. Feirmeoir c. 50 bl. Gan Gaeilge ach caithfidh gur chuala sé á labhairt i. cf. 01.05, Crioch le Frank Mc Curdy, 1965	
134a2	Caint le Alec Morrison – Alastair Mac Giolla Mhoíre. Feirmeoir c. 55 bl Thaispeáin se gur thug sé méid éigin Gaeilge. Da liom agus díradh liom go bhfuil go leor Gaeilge aige ach béidir de bharr easpa taithí nár tháinig go heascaí leis i labhairt. Ar an Chlaigeann tá cóin air. 1965. Criost le Alec Morrison ar an taobh seo. Leantar de ar T134D [134b]	
134b1	Alec Morrison ar leanúint ón taobh uaithe [a]. Crioch le hAlec Morrison	
134	A Ó M, Co. Aontroma	
134Aa1	Muiris Ó Foghlú, Gleann an Mhuilinn, Baile Mhac Óda,	

Fíor 2: Seat scáileán: bunchatalóg an Bhainse Logainmneacha 2

831a9	feirmeora. Mr. O Gorman, Cloghane (Eliog). 30 - 40.		
831a10	Tábhairneoir.		
831	Fear as Newtown (Eliog). c. 40.		
831	TÁ. Lúnasa, 1991. P.ÓC.	Caiséad le taobh B folamh	
832a1	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
832a2	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
832a3	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
832b1	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
832b2	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
832b3	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
832	Cl. Lúnasa, 1992. P.ÓC.		
833a1	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
833b1	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
833b2	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
833b3	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
833b4	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
833b5	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
833	Cl. Lúnasa, 1992. P.ÓC.		
834a1	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
834a2	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
834a3	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
834a4	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
834b1	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
834b2	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
834b3	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
834b4	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
834b5	[Anaithnid, Contae an Chláir]		
834	Cl. Lúnasa, 1992. P.ÓC.		

Ainmneacha daoine

Baineadh úsáid as an iliomad slite le hainmneacha daoine a leagan amach sa Chartlann:

Ainm an Duine	Catagóirí
Pádraig Tóibín	Ainm & Sloinne
Mícheál Ó Curraoin (Maidhc Neidi)	Ainm, Sloinne, Ainm Áitiúil
Bean Uí Riagáin	Teideal & Sloinne
Máire Bean Phléimeann	Ainm, Teideal & Sloinne
Bean Mhichíl Mhic Chárthaigh	Teideal, Ainm baiste an fhir chéile, Sloinne
Pádraig (Peats) Cionnaith	Ainm, Ainm Áitiúil, Sloinne
Wm. Lysaght	Giorrúchán & Sloinne
Fear óg éigin	Anaithnid
[Anaithnid]	Anaithnid
Jim Flynn (J.F.L.)	Ainm, Sloinne & Giorrúchán (= inisealacha an duine móide céadlitir an logainm)

Baineadh úsáid as meascán de Ghaeilge agus Béarla sa chatalóg, sa chaoi is go bhfuil 'Alice Bean Mackey', agus 'Mrs Ellen O'Brien' beirt ann, mar shampla, chomh maith le leithéidí 'Bean Uí Riagáin'.

Dátai

Ní raibh córas caighdeánach in úsáid chun eager a chur ar dhátaí. Féach na samplaí seo a leanas:

- Mártar, 1961
- 30ú Iúil, 1962
- 26/7/63
- Samhradh 1967
- 28, 30 Bealtaine 1977

Logainmneacha

Is iondúil go n-úsáidtear an baile fearainn mar an phríomháit tagartha don taifeadadh, agus go gcloítear leis an ghnáthsheoladh poist mar ordlathas, ach i gcásanna eile leagtar an t-eolas amach ag baint úsáide as an ordlathas faoi mar atá sé in www.logainm.ie, is é sin Contae > Barúntacht > Paróiste > Baile Fearainn. In amanna eile, baintear úsáid as barúntacht, paróiste nó mionainm mar an phríomháit tagartha do thaifead. Féach na samplaí seo a leanas, mar shampla de na mírialtachtaí a bhaineann le leagan amach na n-ainmneacha:

Uimhir Traic	Ainm na háite	Catagóirí
9a1	Ceann a Bhathla, Helvic	[Mionainm & BF]
34a2	Sráid na hEaglaise, Ceapach Cuinn	[Sráid & Baile]
37a7	Rearour, Co. Cork	[BF & Contae]
53b2	Ballysallagh, par. Kinsalebeg	[BF & Par.]
54a2	Barracree, Ballynamult	[BF & Baile]
755a1	Shanrahan (B. Iffa , Offa W.)	[BF & Bar.]

Is fiú a lua nach i gcónaí a bhíonn leagan caighdeánach de na logainmneacha in úsáid sa bhunchatalóg. Seo a leanas samplaí de logainmneacha nach raibh caighdeánach, nó nach raibh an leagan sa chatalóg ag teacht leis an leagan atá i mbunachar www.logainm.ie:

Uimhir traic	Ainm sa chatalóg	Ainm sa bhunachar
3a1	Maoil an Chóirne	Maoil an Choirnigh/Mweelahorna
11b1	Seana Chill	An tSeanchill/Shanakill
20b2	Log na Gáisí	Log na Giumhaisí/Lagnagoushee
28a2	Gleann a' Líosig	Gleann an Fhíorusce/Glenaleeriska
28b1	Ráth na Míníneach	Ráth na mBiníneach/Rathnameneenagh
566a4	Cill Phionnmhaí	Killinvoy
760a3	Forkhill	Fuarchoill/Forekill
760a7	Kyle	Coill Bhéal Átha na mBó/Kyleballynamoe

Ceisteanna iontaofachta

Ní féidir bheith cinnte i gcónaí go bhfuil an chatalóg iontaofa ó thaobh na sonraí de. Is léir ó na hiontrálacha seo a leanas, nár chruinnigh na bailitheoirí an t-eolas le chéile ag am an taifeadta ach gur scríobhadh iad tar éis an imeachta:

516b3	Beirt deartháir Mc Cormack. bf Curreeny. TÁ.S.O.33. An té is óige c.35 is mó a labhrann anseo. Feirmeoirí iad agus le fírinne b'fhéidir nach deartháracha. In aon tigh a bhí siad.	
562b4	Bean [fear?] c. 60. Cartronsheela.	
612a8	Mrs. Brown ? (c. 45), Ferryfort, Cillín an Chrónáin. Bean tí feirme. 16/9/75. Gan Ghaeilge. Co.	

Leagan amach an eolais (ginearálta)

Ag bun na n-iontrálacha uile a bhaineann le spól ar leith, tá ró ann d'eolas ginearálta faoin spól. Bhí seo contráilte in áiteanna, toisc nach raibh sé soiléir i gcónaí ar bhain an t-eolas seo leis an spól uile nó le traic ar leith ann. Sa chás seo thíos, ní bhaineann an iontráil faoi spól 14 le gach cuid den spól, faoi mar a bhíonn i gceist de ghnáth:

14a1	Séamas de Lóndra, Maoil a' Chóirne, An Rinn. 4 Deireadh Fómhair, 1962.	
14a2	Séamas Breathnach, Baile na nGall, An Rinn. 20 Samhain, 1962 le C.B. Luas 33/4, Faid seinnte 60 nóiméad	
14b1	Seán Mac Craith, Cnocán a' Phaora, Uacht., An Rinn. 21 Samhain, 1962. Luas 33/4, Faid seinnte c. 30 nóiméad. Ar lean ó TÉIP 17.	
14	<i>Bhí fear agus droch-Ghaeilge aige ag cainnt i dteannta de Lóndra (annamh)*</i>	

*Liomsa an cló iodálach

Ag spól 38, níl sé soiléir cé na traiceanna lena mbaineann na dátaí '25ú, 26 Iúl, 1963'. Tá dátaí eile luaite le traiceanna 38a1, 38a2.

38a1	Máire Bean Phléimeann (87), Crooked Bridge, Lios Mór. Gaeilge aici nuair a bhí sí óg, ach í as cleachtadh. 24ú Iúl, 1963.*	
38a2	Éamonn (c.45) agus Tomás (c.50) Ó Coirc, Crooked Bridge, Lios Mór. Feirmeoirí. Gan Gaeilge. 24ú Iúl, 1963*	
38a3	Séamas de Priondargrás (os cionn 90), Carrignagower East, Lios Mór. Gaeilge aige nuair a bhí sé óg, ach é as cleachtadh. Iúl 1963*	
38b1	Mícheál Nuinseann (86) Monaman, Lios Mór (as Crooked Bridge). Feirmeoir. Gaeilge aige nuair a bhí sé óg, ach é as cleachtadh. Iúl 1963*	
38	25ú, 26ú Iúl, 1963* Co. Phort Lairge. Cionaoth Bale a rinne an taifeadadh	Fuaim meascaithe

*Liomsa an cló iodálach

Taispeánadh thus na srianta atá le bunchatalóg an Bhainse Logainmneacha ó thaobh chomhlíonadh na bprionsabal dea-chleachtais de. Labhraítar anois ar an chaoi a luíonn an Chartlann leis an dea-chleachtais ó thaobh na gcaighdeán cartlannaíochta de.

3.3.2 An Chartlann Fuaime agus na caighdeáin chartlannaíochta

Seo a leanas na fearainn éigeantacha a luaitear in *ISAD(G)* (2000, 9) agus in *Irish Guidelines for Archival Description* (Society of Archivists 2009, 5) do chartlanna. Pléitear gach fearann i gcomhthéacs na Cartlainne Fuaime thíos, ag leibhéal na spól agus ag leibhéal na dtraiceanna.

ISAD(G)	Irish Guidelines
reference code	reference code
title	title
creator	creator(s)
date(s)	creation dates
extent of the unit of description	extent and medium
level of description	level of description
	scope and content

1. **Cód aitheantais:** Tá cód ar leith ag gach spól agus ag gach traic sa Chartlann.
2. **Teideal:** Ní raibh aon teidil ar fáil i mbunchatalóg an Bhainse Logainmneacha do spól nó do thraiceanna.
3. **An té a chruthaigh:** Ag leibhéal na spól tá an bailitheoir mar an té a chruthaigh. Ag leibhéal na dtraiceanna d'fhéadfáí 'cainteoir' a lua.
4. **Dáta:** Tá seo ar fáil sa Chartlann. Bíonn meascán ann idir dáta ginearálta (i.e. bliain) a bheadh feiliúnach mar eolas faoi na spóil, agus dáta ar leith (i.e. lá ar leith) a bheadh feiliúnach mar eolas faoi na traiceanna. Níl sé ionlán sásúil, mar in áiteanna bheadh eolas ann faoi choinne na spól ach ní bheadh aon eolas níos mine ann do leibhéal na dtraiceanna.

5. **Méid na n-aonad:** i.e. líon na n-aonad sa Chartlann. Is féidir seo a ghiniúint go huathoibríoch i mbunachar sonraí.
6. **Leibhéal an chur síos:** Bíonn leibhéal éagsúla ag baint le cur síos cartlannaíochta mar atá: 'fonds, sub fonds, series or sub series' (Society of Archivists 2009, 5) agus mar sin de. I gcás na Cartlainne Fuaimé d'fhéadfaí a áitiú go bhfuil dhá leibhéal ann, leibhéal na spól agus leibhéal na dtraiceanna. Is féidir na leibhéil sin a chruthú i mbunachar sonraí.
7. **Scóip agus ábhar:** Is éard atá i gceist leis seo ná cur síos ar an ábhar féin i bhfriotal nádúrtha. Níl sin ar fáil i gCartlann Fuaimé an Bhrainse Logainmneacha. Ní luaitear in ISAD(G) (International Council on Archives 2000) é áfach. Bheadh go leor oibre i gceist le cur síos a chruthú do na dtraiceanna uile, agus mar sin ceaptar gur fearr é a fhágáil ar lár sa chás seo, ceal acmhainní.

3.3.3 Achoimre

Dar le Park, tá tábhacht ar leith ag baint le dearbhú cáilíochta ó thús an phróisis ar aghaidh (2009), ach is rud é sin a ndéantar faillí ann cuid mhaith agus acmhainní á gcur le chéile. I gcás na Cartlainne Fuaimé, níor bacadh le dearbhú cáilíochta ón túis, toisc gur ábhar inmheánach a bhí ann. Mar a léirítear thus, is é an srian is mó a bhaineann le bunchatalóg na Cartlainne Fuaimé ná nach ionann na sonraí ar fad atá ar fáil do gach taifeadadh ó thaobh méid, cineál nó leagan amach an eolais.

Tagann na trí chritéar a luadh i gCaibidil 2 i gceist arís anseo.

1. Cruinneas: mura bhfuil an t-eolas atá sa chatalóg cruinn, cruthaíonn sé fadhbanna ó thaobh iontaofacht na hacomhainne. Bhí an fhadhb sin le sonrú faoin teideal 'ceisteanna iontaofachta'. Má tá botúin chló nó earráidí eile mar sin sa chatalóg, cuireann sé isteach ar fheidhmeanna cuardaigh i mbunachar.
2. Comhsheasmhacht: ní chloíonn an chatalóg seo le rialacha na comhsheasmhachta, i.e. ní bhaintear úsáid as an fhormáid chéanna i gcónaí do na sonraí. Tá sin le feiceáil in ainmneacha na ndaoine, sna dátaí agus sna logainmneacha.
3. Iomláine: mar a léiríodh thus faoin teideal 'éagsúlacht eolais', ní hionann an cur síos a dhéantar ar thaifead amháin agus an ceann a dhéantar ar thaifead eile. Mar sin, ní úsáidtear na fearainn chéanna do gach iontráil chatalóige. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil na hiontrálacha mar a bheadh súil leo (i.e. má tá ainm ag an duine i

dtaifeadadh amháin, bheifí ag súil go mbeadh ainm luaite le duine i dtaifeadadh eile, ach ní hamhlaidh an cás i gcónaí).

Maidir le dea-chleachtas i réimse na cartlannaíochta de, tá sonraí ar fáil sa bhunchatalóg do na fearainn **cód aitheantais, an té a chruthaigh agus dáta**. Is féidir sonraí a ghiniúint go huathoibríoch do na fearainn **méid na n-aonad agus leibhéal an chur síos**. Níl sé i gceist **scóip agus ábhar** a chur san áireamh. Fágann sé sin an fearann **teideal** nach bhfuil aon ábhar ar fáil faoina choinne i láthair na huaire, agus nach féidir aon socrú uathoibríoch a dhéanamh faoina choinne ach oiread. Déantar plé níos mine ar na ceannteidil seo ag 3.4 thíos, agus cuirtear moladh le chéile mar gheall ar an bhealach is fearr le struchtúr a chur ar an bhuneolas.

3.3.4 Dúshláin

Tá dúshlán faoi leith ag baint le hábhar ar ábhar le hoidhreacht é. Ní bheifeá ag súil go gcloífeadh sé le dea-chleachtas an lae inniu, mar gur cruthaíodh é i dtréimhse nach raibh an dea-chleachtas sin ann. Níor cuireadh an Chartlann Fuaime le chéile mar chartlann oifigiúil, ach an oiread, ach le haghaidh úsáid inmhéánach d'fhoireann an Bhrainse Logainmneacha. Is mar gheall ar na cúinsí sin nach luíonn bunchatalóg an Bhrainse Logainmneacha go nádúrtha le dea-chleachtas an lae inniu, is é sin, ó thaobh cruinnis, comhsheasmhachta agus ionláine an eolais. Níl sé i gcruth idir-inoibritheach, agus níl aon doiciméadú ar fáil mar gheall ar na cinntí a rinneadh le linn an acmhainn a chur le chéile.

An dúshlán is mó atá i gceist leis an ábhar seo, mar sin, ná bealach a aimsiú leis na sonraí a chóiriú, ionas go mbeidh na sonraí sin ag teacht níos fearr leis an dea-chleachtas comhaimseartha. Measadh go mbeadh an iomarca acmhainní de dhíth le hiomláine na sonraí a fheabhsú mar go mbeadh méid mór eolais le bailiú. Sa tráchtas seo, mar sin, díríodh isteach ar fheabhas a chur ar chruinneas agus ar chomhsheasmhacht na hacmhainne, agus ar cháilíocht na meiteashonraí sin a bhí ar fáil sa bhunchatalóg cheana féin.

Leagtar amach, sa chéad chuid eile, an dóigh ar cuireadh an bunachar sonraí le chéile, agus a ndearnadh iarracht bunsrianta na bunchatalóige a shárú.

3.4 Múnla a roghnú leis an eolas a ionchur i mbunachar

D'oibrigh an taighdeoir i gcomhar leis an fhoireann theicniúil in Fiontar leis an chóras oibre ab fhéarr a aimsiú. Eagraíodh cruinnithe rialta leo, go coicisiúil, ina ndearnadh plé ar an bhealach is fearr leis an eolas a chóiriú. Idir cruinnithe baineadh úsáid as an ríomhphost le

teagmháil a dhéanamh leo. Seo a leanas an struchtúr a leagadh amach don Chartlann Fuaime:

3.4.1 Struchtúr

In *ISAD(G)* (International Council on Archives 2000, 12) leagtar amach ceithre phrionsabal do chur síos cartlannaíochta:

- Description proceeds from the general to the specific
- Information should be relevant to the level of description
- Descriptions should be linked between levels
- There should be no repetition of information.

Bíonn gá, mar sin, le struchtúr ordlathach le cur síos a dhéanamh ar ábhar cartlainne. Sa chás seo is é an struchtúr Bailiúchán > Spól > Traic atá i gceist. Rinneadh an t-eolas mar gheall ar chainteoirí/bailitheoirí a scagadh amach chomh maith, ar mhaithe leis na feidhmeanna cuardaigh, ach níl baint aige sin le príomhstruchtúr na cartlainne. Déantar plé ar chóiriú na sonraí sin ag 3.4.3 thíos.

3.4.2 Fearainn

Leagadh amach an t-eolas faoi na spóil agus na traiceanna bunaithe ar na sé fhearann éigeantacha a moladh in *Irish Guidelines for Archival Description* (International Council on Archives 2000) mar a pléadh ag 3.3.2 thusa:

Leibhéal an chur síos	Spól	Traic
Cód aitheantaí	1 (mar shampla)	1a1 (mar shampla)
An té a chruthaigh	Bailitheoir	Cainteoir
Dáta	Bliain an taifeadta	Lá an taifeadta (dá mba ann dó)
Teideal	x	x
Nóta	Nóta spól	Nóta traic

Fágadh **méid na n-aonad** as an áireamh anseo, mar gur féidir é a líonadh isteach go huathoibríoch, agus cuireadh an fearainn **nóta** leis le haghaidh aon eolas breise a bheadh ar fáil. Cuireadh cúpla fearann breise leis na traiceanna, is é sin, **áit, teanga, téacs bunaithe** (an bunábhar ón chatalóg athscríofa) agus cuireadh áit don **chomhad fuaime** ann fosta, ionas go

mbeadh an t-eolas uile a bhí sa bhunchatalóg ar fáil sa bhunachar nua. Moladh nasc a chur idir na spóil agus na traiceanna a bhaineann leo, agus go mbeadh nasc ón traic go dtí an spól fosta.

3.4.3 Sonraí

Baineadh úsáid as na fearainn thusas leis an eolas uile a scaradh amach ina réimsí. Rinneadh an obair eagarthóireachta in Microsoft Excel, toisc gur féidir eagarthóireacht a dhéanamh ar bheart ceall go héasca ann, rud a chuir dlús faoin obair. Cuireadh na fearainn mar theidil ar na colúin in Excel, agus líonadh na cealla leis an eolas cuí. Leagtar amach thíos an obair a rinneadh ar na scarbhileoga éagsúla, i.e. ar scarbhileog na spól, na dtraiceanna, na gcainteoirí agus na mbailitheoirí.

Eolas faoin spól

Fíor 3: Seat scáileán: liosta Excel – scarbhileog na spól

	A	B	C	D	E	F
1	Uimhir Thagartha	Dátaí Cruthaithe	Bailitheoir	Nóta		
2	1	1961 0001, 0002				
3	2	1961	2	1 1/8 ips (n-orláí sa soicind)		
4	3	1962	3			
5	4	1962	4			
6	5	1962	5			
7	6	1962	6			
8	7	1962	7	1 1/8 ips (n-orláí sa soicind)		
9	8	1962	8			
10	9	1962	9			
11	10	1962	10			
12	11	1962	11			
13	12	1962	12			
14	13	1962	13			
15	14	1962	14			
16	15	1962	15			
17	16	1962	16			
18	17	1962	17			
19	18	1962	18			

Seo thusas scarbhileog na spól. Bhí ceithre cheannteideal i gceist leis seo, i.e. Uimhir, Dáta, Bailitheoir, Nóta.

1. Uimhir aitheantaí

Is ionann an uimhir aitheantaí agus uimhir an spól.

2. Dáta

Baintear úsáid as an bhliain don dáta ag an leibhéal seo.

3. Bailitheoir

Tugadh uimhir uathúil do gach bailitheoir, agus rinneadh a n-ainmneacha siúd a thaifeadadh i scarbhileog eile, le nascadh le chéile ag am an ionchurtha.

4. Nóta

Is ionann nótaí agus aon eolas breise a bhí sa chatalóg faoin spól iomlán, eolas teicniúil san áireamh.

Eolas faoin traic

Fíor 4: Seat scáileán: liosta Excel – scarbhileog na dtraiceanna

TrackID	CatalogueEntry	RecordingPlaceID	MinorPlace	RecordingDate	SpeakerID	AdditionalSpeakerID	LangID	Notes
1	<UIMH <ONTRÁIL BHUNAIDH>	<UIMHIR UATHÚIL>		XXXX-XX-XX	<UIMHIR UA <UIMHIR UATHÚIL>>			
1a1	Peadar Ó Shagháin, Oméith le E. de hÓ. AÓM. Márt., 1961. Luas 3 ³ / ₄ , LÁN	132329		1961-03	0001			GA, EN
1b1	P. Ó Sluaghán ; Bean Uí Anluáin le E. de hÓ. AÓM. Márt., 1961. Luas 3 ³ / ₄	132329		1961-03	0001	0002		
2a1	Peadar Ó Shagháin, Oméith, le Á. ÓM. 6 Meán Fómhair, 1962. Luas 1 ⁷ / ₈ , LÁN	132329		1962-09-06	0001			
3a1	Pádraig Cionnaith, Maoil an Chóirne, An Rinn, le Á.ÓM ; CB. 30ú Iúil, 1962. Uair an chloig	49605		1962-09-30	0003			
3b1	Micheál de Lóndra, Léith, an Rinn, le AÓM & CB, 2ú Lúnasa, 1962, 25 Nóméad.	49603		1962-08-02	0004			
3b2	[Micheál de Lóndra, Léith, an Rinn, le AÓM & CB]	49603		[1962-08-02]	0004			
4a1	Pádraig Tóibín, Baile na nGall, iascaire, c. 40 Bl. le Á.ÓM ; CB?, 31 Iúil, 1962. Luas 3 ³ / ₄ , c. 20 nóim	49592		1962-07-31	0005			GA
10 4a2	An fear céanna go deireadh, 11 Lúnasa, 1962	49592		1962-08-11	0005			
4b1	Pádraig Tóibín (thuas) agus a dhriothár Séamus, iascaire c. 50 bl. 24 Meán Fómhair, 1962. Luas 3 ³ / ₄ , LÁN,	49592		1962-09-24	0005	0006		
5a1	Micheál Turraoin (TERRY), An Rinn, (Baile Uí Churráin) le C.B., Á.ÓM. 1ú Lúnasa, 1962. Luas 3 ³ / ₄ 20 nóim.	49295		1962-08-01	0007			GA

Seo a leanas tuilleadh eolais faoin obair a rinneadh faoi na ceannteidil thusa:

1. Uimhir aitheantaí

Ionchuireadh é seo ó shonraí na bunchatalóige.

2. Cainteoir

Tugadh uimhir uathúil do gach cainteoir, agus rinneadh gach eolas mar gheall orthu siúd a thaifeadadh i scarbhileog eile, le nascadh leis an cheann seo ag am an ionchurtha. Bhí colún ar leith le haghaidh an phríomhchainteora agus ceann le haghaidh cainteoirí breise.

3. Dáta

Rinneadh treoir amach le haghaidh an dáta taifeadta, bunaithe ar 3.H. de na IASA [International Association of Sound and Audiovisual Archives] *Cataloguing Rules* (Miliano & IASA Editorial Group 1999). Baineann 3.H go sonrach le taifeadtaí fuaime neamhfhoilsithe. Tá an leagan amach atá in úsáid in IASA neamhspleách ar theangacha nádúrtha, toisc go mbaintear úsáid as figiúirí le cur síos a dhéanamh ar na dátaí. Féachtar air sin mar bhuntáiste ó thaobh na hidir-inoibritheachta de. Cloíonn sé forsta le caighdeán ISO 8601 (w3 1997). Seo a leanas an treoir a leanadh:

Cineál Eolais (Dáta)	Dáta Samplach	Leagan le hlonchur	Nóta
Séasúr & Bliain	Samhradh 1967	1967	Le linn an tsamhraidh a rinneadh an taifeadadh
Mí & Bliain	Márta, 1961	1961-03	
Raon míonna & Bliain	Lúnasa & Meán Fómhair, 1963	1963-08--1963-09	
Lá, Mí, Bliain	6 Meán Fómhair, 1962; 06/09/1962	1962-09-06	
Raon laethanta	14 Nollaig, 1962, 15 Nollaig, 1962	1962-12-14--1962-12-15	
Dátaí éagsúla, Mí, Bliain	12ú, 13ú, 16ú Meán Fómhair, 1963	1963-09-12--1963-09-16	Rinneadh na taifeadtaí ar 12, 13 agus 16 Meán Fómhair, 1963
Raon laethanta, Mí, Bliain	18ú, 19ú, 20ú Meán Fómhair 1963	1963-09-18--1963-09-20	
Gan dáta – ach gur féidir é a oibriú amach		[1963-02-02] (mar shampla)	
Gan dáta – ach nach féidir é a oibriú amach		Níor chóir aon rud a iontráil	

Mar is léir, níl an leagan amach seo iomlán comhsheasmhach, ó tharla go bhfuil difear idir an méid eolais atá ar fáil faoi na dátaí sna taifeadtaí. Dar le Shawn Day, Faireachlann na nDaonnachaí Digiteacha, Baile Átha Cliath, ní fadhb mhór é sin, toisc go bhfuil bealaí uathoibríocha ann leis na bearnaí san eolas sin a líonadh (i.e. a líonadh isteach le figiúirí nach bhfuil mar chuid den dáta go fírinneach), más gá (Cumarsáid phearsanta, 16 Bealtaine 2011).

4. Nótaí

Cuireadh anseo gach eolas eile a bhain leis an traic.

5. Áit

Tá uimhir uathúil ag gach logainm in www.logainm.ie. Rinneadh na hainmneacha a nascadh leis an bhunachar trí úsáid a bhaint as na huimhreacha uathúla atá ag baint leo i mbunachar sonraí www.logainm.ie. Chruthaigh sé sin idir-inoibritheacht inmhéánach idir an Chartlann Fuaimé agus www.logainm.ie. Is éard a bhí le déanamh chun an obair seo a chur i gcrích ná an iontráil a aimsiú i mbunachar www.logainm.ie agus an uimhir a bhí ag gabháil leis a chóipeáil agus a chur sa scarbhileog Excel. Sa chás nach raibh an t-ainm ar fáil in www.logainm.ie, rinneadh iarracht an baile fearainn/baile ina raibh an áit sin a aimsiú agus an uimhir a bhí ag an áit sin a úsáid. Scríobhadh an mion-logainm amach sa chás sin, sa cholún 'MinorPlaceName'.

Tá taifeadtaí ann a bhfuil níos mó ná áit amháin luaite leo. Rinneadh cinneadh áit amháin a cheangal leis an traic, ionas go mbeadh clib na dtráiceanna chomh slachtmhar agus is féidir. Rinneadh aon áit eile a cheangal leis an chainteoir faoin chlib 'áit chónaithe' nó 'baile dúchais'. Rinneadh athbreithniú air sin i ndiaidh an chéad ionchurtha agus pléitear é sin ag 3.5.1.

I gcuid mhaith cásanna, bhí an baile fearainn a bhí luaite sa bhunchatalóg scartá ina dhá chuid sa bhunachar féin. Tóg mar shampla 'Baile na Cúirte, An Rinn' atá luaite ag taifeadadh 11a1 sa Chartlann Fuaimé. In www.logainm.ie tá sin scartá idir 'Baile na Cúirte Thuaidh' agus 'Baile na Cúirte Theas'. Rinneadh cinneadh, sna cásanna sin, uimhir amháin a roghnú as an bheirt, toisc go mbíonn an t-eolas céanna ag gabháil leis an dá thaifead in www.logainm.ie, agus go mbeadh dúbailt i gceist leis an eolas dá gceangláofaí leis an dá áit é.

6. Teanga

Luaitear anseo bunteanga an taifeadta. Baineadh úsáid as na clibeanna 'GA' agus 'EN' le Gaeilge/Béarla a chur in iúl. Cuireadh isteach an t-eolas seo **sa chás go raibh sé soiléir ón**

chumas teanga a luadh leis an duine cén teanga a bhí in úsáid. Mar shampla, má luadh go raibh an duine 'gan Ghaeilge', cuireadh an clib 'EN' leis an taifeadadh. Ní bealach róchuimsitheach é sin leis an eolas sin a chur in iúl, ach ar a laghad más mian le daoine an t-eolas sin a chur leis amach anseo, tá tú maith curtha leis an obair sin.

7. Téacs bunaidh

Ní dhearnadh aon athrú air seo i ndiaidh na profála a rinneadh ar an leagan tras-scríofa.

Eolas faoin chainteoir

Fíor 5: Seat scáileán: liosta Excel – scarbhileog na gcainteoirí

A	B	C	D	E	F	G	H	I	J	K	L
148	0147	Patrick O'Meara	Patrick	O'Meara		F		c. 40	c. 1923	Feirmeoir	
149	0148	Jack Joy	Jack	Joy		F		c. 70	c. 1893	Feirmeoir	
150	0149	Thomas Houlihan	Thomas	Houlihan		F		c. 80	c. 1883	Feirmeoir	
151	0150	John O'Connell	John	O'Connell		F		c. 80	c. 1883	Feirmeoir	
152	0151	Michael Cowming	Michael	Cowming		F		c. 65	c. 1898	Feirmeoir	
153	0152	Robert Walsh	Robert	Walsh		F		c. 60	c. 1903	Feirmeoir	
154	0153	Conchubhar Ó Fearghasa	Conchubhar	Ó Fearghasa		F		70+	c. 1893	Feirmeoir	
155	0154	Peats Curran	Peats	Curran		F		90+	c. 1873	Feirmeoir	
156	0155	Sean Ó Broin (Jack Burns)	Sean	Ó Broin	Jack Burns	F		60+	c. 1903	Ní fios a cheird, feirmeoir b.	
157	0156	William Shanahan	William	Shanahan		F		90	c. 1873	Oibrí	
158	0157	John Harrington	John	Harrington		F				Feirmeoir	
159	0158	Patrick Kennealy	Patrick	Kennealy		F	49429			Feirmeoir	
160	0159	John O'Brien	John	O'Brien		F	50260			Feirmeoir	
161	0160	William Ryan	William	Ryan		F	49432			Feirmeoir	
162	0161	Richard Coffey	Richard	Coffey		F		c. 50	c. 1913	Feirmeoir	
163	0162	Tommy Wall (Brick)	Tommy	Wall	(Brick)	F		c. 75	c. 1888	Fear Caorach	
164	0163	Thomas Condon	Thomas	Condon		F		c. 70	c. 1893	Feirmeoir	
165	0164	Charlie Connors	Charlie	Connors		F		c. 70	c. 1893	Feirmeoir	
166	0165	Patrick Rawlins	Patrick	Rawlins		F		c. 75	c. 1888	Gabha	
167	0166	Micheal McGrath	Micheal	McGrath		F		c. 35	c. 1928	Feirmeoir	
168	0167	Patrick Coffey	Patrick	Coffey		F		c. 70	c. 1893	Feirmeoir	
169	0168	James Condon	James	Condon		F		c. 70	c. 1893	Feirmeoir	
170	0169	Paul Crotty	Paul	Crotty		F		c. 80	c. 1883	Feirmeoir	
171	0170	Declan O'Connell	Declan	O'Connell		F		c. 60	c. 1903	Feirmeoir	
172	0171	Liam Úi Allachain (sic)	Liam	Úi Allachain (sic)		F		c. 70	c. 1893	Feirmeoir	
173	0172	James Walsh (Fenton)	James	Walsh	(Fenton)	F		87	c. 1876	Feirmeoir	
174	0173	John Kerins	John	Kerins		F		c. 70	c. 1893		
175	0174	John Macken	John	Macken		F		c. 80	c. 1883	Feirmeoir	
176	0175	Bartholomew	Bartholomew	Budds		F		92	c. 1871		
177	0176	Seán Ó Dónaill	Seán	Ó Dónaill		F		c. 70	c. 1893		
178	0177	Mrs Ellen O'Brien	Mrs Ellen	O'Brien		B		c. 60	c. 1903	Bean firmeora	
179	0178	[Anraithnid]									
180	0179	Frank McCurdy				F		c. 50	c. 1915	Feirmeoir	
181	0180	Michael Maloney	Michael	Maloney		F		c. 70	c. 1893	Feirmeoir	
182	0181	Michael Ahearn	Michael	Ahearn		F		c. 70	c. 1893	Feirmeoir	
183	0182	[?] Morrison		Morrison		F		c. 75	c. 1888		
184	0183	Vincent Ahearn	Vincent	Ahearn		F		c. 50	c. 1913	Oibrí Feirmeoir	
185	0184	John Joe Connors	John Joe	Connors		F		c. 70	c. 1893	Feirmeoir	

Rinneadh na sonraí maidir leis na cainteoirí agus na bailitheoirí a scagadh amach. Rinneadh sin chun clibeanna a chur leis na sonraí ionas go mbeadh sé níos fusa na sonraí a eagrú nó a roinnt dá mba ghá. Is taobh amuigh den bhunstruchtúr Bailiúchán > Spól > Traic é sin, agus bunaíodh na fearainn ar na catagóirí eolais a bhí sa bhunchatalóg. Seo a leanas na fearainn a athnáodh:

1. Uimhir aitheantais chainteora

Tugadh uimhir ar leith do gach cainteoir le dúbláil eolais a sheachaint. Ní raibh sé i gcónaí soiléir, má luadh an t-ainm céanna cúpla uair, an duine amháin a bhí i gceist nó cúpla duine. Réitíodh na ceisteanna sin trína bheith á bplé leis an Bhrainse Logainmneacha.

2. Ainm iomlán

Ionchuireadh ainm iomlán an duine – leasainmneacha san áireamh – san fhearrann seo, faoi mar a bhí sé sa bhunchatalóg. Rinneadh na mionleasuithe seo a leanas ar ainmneacha daoine, ar mhaithe le leanúnachas. Chuir sé sin le comhsheasmhacht na sonraí, i.e. baineadh úsáid as an fhormáid chéanna leis na hainmneacha a ionchur:

- Rinneadh sloinnte Béarlaíthe in ‘Mc’ a tháthú leis an chuid eile den ainm, i.e. Mc Grath → McGrath.
- Rinneadh sloinnte in ‘Mac’ a scaradh ón chuid eile den ainm, i.e. MacGrath → Mac Grath.
- Cuireadh ‘Ó’ sna sloinnte Gaeilge fiú más ‘O’ a bhí sa bhunchatalóg’, i.e. Liam Ó Frighil → Liam Ó Frighil.
- Cuireadh uaschamóg idir ‘O’ agus an chuid eile den sloinnte i gcás na sloinnte Béarla, i.e. Florence O Sullivan → Florence O’Sullivan.
- I gcás na dteideal Béarla (Mr, Miss, Mrs), níor baineadh aon úsáid as aon phoncaíocht ag deireadh an teidil, ag leanúint na nóstairreachta atá leis na teidil sin i mBéarla Shasana (Hart 1983, 2).
- Ní dhearnadh aon athruithe ar shloinnte na mban, ó tharla iad a bheith scríofa go rialta sa bhunchatalóg.

3. Ainm

Cuireadh ainm baiste an duine anseo.

4. Sloinne

Cuireadh sloinne an duine anseo, agus é cóirithe mar ag 2 thusa.

5. Leasainm (nó ainm áitiúil)

6. Ainm réamhphósta

7. Gnéas

Bhí 'F' nó 'B' le cur sa scarbhileog.

8. Aois

De ghnáth bhí sin luaite sa chatalóg. Bhí leaganacha ann a raibh 'c.' (circa) rompu. Cuireadh spás idir an 'c.' agus an aois i ngach cás.

9. Blaín bhreithe

Rinneadh sin a oibriú amach ón dáta taifeadta agus ó aois an duine. Cuireadh 'c.' le gach bliain agus spás idir é sin agus an bhliain féin.

10. Slí bheatha

Cuireadh anseo aon eolas a bhain le slí bheatha an duine. In amanna ba aon fhocal amháin a bhí i gceist leis sin, 'feirmeoir' mar shampla, agus in amanna eile bhí abairt nó dhó luaite leis: 'lascaire agus bádóir é. Bhí sé tamall insan arm.'

11. Cumas Gaeilge

In amanna bhí frása gonta i gceist anseo, 'gan Ghaeilge' mar shampla, agus in amanna eile bhí níos mó eolais: 'Cainteoir dúchais Gaeilge de bhunadh na háite. An Ghaeilge go maith aige ach easpa chleachta air.'

12. Nóta

Aon rud eile faoin chainteoir.

Eolas faoin bhailitheoir

Seo a leanas an t-eolas a bhí ar fáil mar gheall ar na bailitheoirí:

1. Uimhir aitheantaí bhailitheora

Tugadh uimhir ar leith do gach bailitheoir.

2. Ainm

3. Sloinne

Bhí sé tábhachtach ainmneacha ionlána a chur ar fáil i gcás na mbailitheoirí, mar, den chuid is mó baineadh úsáid as giorrúcháin i mbunchatalóg an Bhrainse Logainmneacha.

Poncaíocht

Sa chás go raibh mír amháin ann (i.e. focal nó abairt amháin) níor baineadh úsáid as aon phoncaíocht. Sa chás go raibh níos mó ná abairt amháin cuireadh lánstad ag deireadh gach abairte. Baineadh úsáid as ceannlitreacha ag túis gach abairte.

3.4.4 Feidhmeanna cuardaigh

Is éard atá i gceist le feidhmeanna cuardaigh ná na bealaí arbh fhéidir cuardach a dhéanamh ar ábhar ar leith. Ceann de na buntáistí a bhaineann le bailiúchán dhigiteacha ná go gcruthaítar bealaí nua le cuardach a dhéanamh ar ábhar thar mar a bhí indéanta leis na formáidí cló. Dar le *Maryland*, '[d]igital collections should be developed with a perceived audience in mind' (Carignan et al. 2007, 14). Le feidhmeanna cuardaigh a cheapadh do bhailliúchán digiteach, mar sin, is cóir féachaint chuig riachtanais an úsáideora agus na feidhmeanna a bhunú ar thuiscent ar na riachtanais sin. Bíonn torthaí níos fearr ar chuardaigh ar fhearrainn ina úsáidtear foirmeacha údarásacha de théarmaí, do na logainmneacha, mar shampla (*ibid.*, 8). Is fearr cuardaigh a chruthú, forta, d'fhearrainn a bhfuil ardcháilíocht meiteashonraí ag baint leo, mar beidh torthaí níos fearr ar na cuardaigh sin.

Na cuardaigh is tábhactaí ó thaobh na Cartlainne seo ná an cuardach de réir áite, agus an cuardach de réir uimhir thagartha (an uimhir bhunaidh sa bhunchatalóg), ar chuíseanna ar leith. Baineann foireann an Bhrainse Logainmneacha, príomhúsáideoirí na Cartlainne, úsáid as na huimhreacha bunaidh catalóige, agus mar sin, tá tábhacht ar leith ag baint leis an chuardach sin. Is iondúil go mbíonn taighdeoirí logainmneacha ag déanamh taighde ar na logainmneacha a bhaineann le ceantar ar leith, i.e. ar bharúntacht nó ar pharóiste agus chuideodh an cuardach de réir ordlathais le gach taifeadadh a aimsiú, a bhaineann leis an cheantar ar spéis leo féin. Bheadh úsáid faoi leith le baint as cuardach de réir cainteora chomh maith, d'fhoireann an Bhrainse Logainmneacha, mar go mbeadh ainmneacha na ndaoine ar eolas agus in úsáid acu.


Seo a leanas na feidhmeanna cuardaigh a moladh, faoi chlib na spól agus clib na dtraiceanna. Cuireadh cuardach de réir bailitheora agus de réir bliana leis an chuardach faoi chlib na spól, toisc na sonraí sin a bheith ar fáil do gach taifeadadh. Bheadh torthaí cruinne ar fáil dóibh dá réir, mar sin.

Spól	Traic
Uimhir Thagartha	Áit (ordlathas san áireamh)
Bailitheoir	Cainteoir
Bliaín an taifeadta	

3.5 An chéad leagan den bhunachar

Mar a luadh ag 3.3. thusas, is i scarbhileoga Excel a rinneadh an obair eagarthóireachta bhunaidh ar shonraí na bunchatalóige. Baineadh úsáid as scarbhileog na dtraiceanna mar an phríomhbhileog, toisc ábhar na catalóige bunaidh a bheith mar chuid de. Bhí thart ar 6,000 líne i gceist leis an scarbhileog sin. Fuarthas cuidiú ó thriúr mac léinn ó UCC – a bhí ar thaithí oibre in Fiontar – leis na scarbhileoga a lónadh. Rinne an taighdeoir seo an obair sin a sheiceáil. Nuair a cuireadh an obair i gcrích cuireadh na scarbhileoga ar aghaidh chuig an fhoireann theicniúil in Fiontar, a rinne na sonraí uile a ionchur i mbunachar sonraí a bhí deartha agus cruthaithe acu féin. Seo thíos sampla den chéad leagan den bhunachar:

Fíor 6: Cartlann Fuáime – clib na dtraiceanna




The screenshot shows a Firefox browser window with the title 'Cartlann Fuáime - Mozilla Firefox'. The address bar shows the URL 'http://www.logainm.ie/phonetic/Default.aspx'. The page itself has a yellow header with the text 'CARTLANN FUÁIME' and a small logo. Below the header, there is a search form with a dropdown menu containing 'Téacs', 'Cainteoir', 'Bailitheoir', 'Spól', 'Áit (uimhir)', 'ID', and 'Leasainm'. The dropdown is currently open over the word 'roghnaigh...'. To the right of each dropdown item is a 'folmhaigh' button. A large 'Gabh' button is at the bottom right of the form. Below the form, the text 'Lion na dtraiceanna: 5253' is displayed, followed by a grid of numbers from 1 to 53. At the bottom left, there is a list of definitions for the terms: #1 téacs, #1 cainteoir, #1 bailitheoir, #1 spól, #1 áit, #1 data taifeadaidh, and #1 leasainm. The bottom right of the page says 'traic nuá'.

Is sampla atá sa seat thusas den eolas faoi na traiceanna sa chéad leagan den bhunachar. Ar bharr tá na feidhmeanna cuardaigh. Cuireadh cuardaigh ar 'téacs', 'ID' agus 'leasainm' isteach sa bhrefis ar a iarradh ar dtús. Is ionann 'ID' agus uimhir uathúil a tugadh do gach taifeadadh ag am a ionchurtha. Is ionann 'leasainm' agus uimhir an traic mar a bhí i mbunchatalóg an Bhrainse Logainmneacha, '1a1' mar shampla. Ag bun an tseat scáileán feictear traic amháin. Ar bharr na hiontrála tá an téacs bunaidh, i.e. an t-eolas neamhscártha

a tógadh ón bhunchatalóg. Ní cheadaítear d'aon duine an t-eolas sin a athrú. Cruthaíonn sé sin iontaofacht san ábhar, mar gur féidir comparáid a dhéanamh i gcónaí idir an t-eolas atá ann agus an bunleagan. Ansin taispeántar an t-eolas uile a scaradh amach i scarbhileog na dtraiceanna agus tá an t-eolas sin uile inathraithe. Má chliceáltear ar an traic féin osclaíonn bosca eile inar féidir eagarthóireacht a dhéanamh ar an eolas uile (féach an seat scáileán thíos). Ní féidir ach leo siúd a bhfuil pasfhocal acu aon athruithe a dhéanamh ar na sonraí agus tá cuntas cuairteora ann dóibh siúd a bheadh ag iarraidh leas a bhaint as na sonraí gan aon athruithe a dhéanamh.

Fíor 7: Cartlann Fuaime – bosca eagarthóireachta



Tá an leagan amach céanna ar na clibeanna eile, is é sin clib na spól, na gcainteoirí agus na mbailitheoirí. Tá áis ann chomh maith inar féidir le daoine scrollú tríd an ábhar seachas cuardach a dhéanamh, féach an chéad seat scáileán eile thíos.

Fíor 8: Cartlann Fuaime – cuardach

Lón na gcainteoirí: 4757 cainteoirí nua
ar aghaidh »

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14	15	16	17	18	19	20	21	22	23		
24	25	26	27	28	29	30	31	32	33	34	35	36	37	38	39	40	41	42	43	44	45	46	47	48

#1 Peadar Ó Sluaghán (inscne: fear)
ainm iomlán: Peadar Ó Sluaghán céad ainm: Peadar sloinne: Ó Sluaghán
traiceanna (3) »

Feictear thíos an t-eolas ag clib na spól. Tugtar faoi deara go luaitear méid na n-aonad ar bharr an liosta. Tá sin ar fáil do na clibeanna eile forsta. Cé nár cuireadh an cuardach de réir bliana san áireamh anseo, is féidir an bhliain a chuardach leis an chuardach téacs.

Fíor 9: Cartlann Fuaime – clib na spól

Lón na spól: 990 spól nua
ar aghaidh »

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
---	---	---	---	---	---	---	---	---	----

#1 [Cuntas ar Logainmneacha i bParóiste Chairlinn, Co. Lú]
teideal: [Cuntas ar Logainmneacha i bParóiste Chairlinn, Co. Lú]
uimhir thagartha: 1
dátaí cruthaithe: 1961
bailitheoir: #1 Art Ó Maolfabhl, #2 Éamonn de hÓir
nóta: 3 3/4 ips
traiceanna (2) »

#2 [Cuntas ar Logainmneacha i bParóiste Chairlinn, Co. Lú]
teideal: [Cuntas ar Logainmneacha i bParóiste Chairlinn, Co. Lú]
uimhir thagartha: 2
dátaí cruthaithe: 1962
bailitheoir: #1 Art Ó Maolfabhl
nóta: 1 7/8 ips (n-ordlá sa soicind)

3.5.1. Coigeartú

Rinneadh seiceáil de láimh ar an ábhar uile a iompórtáladh isteach sa bhunachar. I ndiaidh don fhoireann theicniúil an chéad leagan den bhunachar a chruthú, iarradh orthu cúpla leasú a dhéanamh, a raibh tábhacht ar leith ag baint leo, is é sin (a) go mbeiffí in ann an t-ábhar a chuardach de réir ordlathais (b) go mbeifí in ann an traic a íoslódáil.

(a) Ar dtús, bhí ar an úsáideoir uimhir uathúil na háite a chuardach le teacht ar an taifeadadh. Ní raibh sin sásúil ó tharla nach léir don úsáideoir cé na háiteanna atá faoi chaibidil sna taifeadtaí. Leasaíodh an cuardach sin, agus i láthair na huaire má scríobhtar uimhir áite sa bhosca, tabharfaidh an córas liosta duit de thraigeannta a bhfuil an áit sin, nó aon cheann dá fo-aonaid, ceangailte leis. Is socrú sealadach é sin, agus moltar amach anseo gur chóir go mbeadh bosca anuas ina bhféadfaí cuardach a dhéanamh de réir ordlathas, i.e. Contae > Barúntacht > Paróiste > Baile Fearainn.

(b) Is féidir é seo a dhéanamhanois.

Níor iompórtáladh cuid de na comhaid fuaimé. Bhain sé seo le hainmneacha na dtráiceanna agus leis an leagan amach a bhí orthu. Bhí an fhoireann theicniúil ag baint úsáide as na hainmneacha sin leis na tráiceanna a iompórtáil. De ghnáth is é an córas ainmniúcháin a bhí ann do na tráiceanna ná 'uimhir an spóil' (1-898), taobh ('a' nó 'b') agus uimhir an traic (1+). I gcásanna áirithe (mar 134Aa1, 801Ab1 etc.) níorbh amhlaidh a bhí, agus mar sin níor iompórtáladh na taifeadtaí sin go huathoibríoch in éineacht leis na taifeadtaí eile. Cuireadh an fhoireann theicniúil ar an eolas faoi sin, agus réitíodh an fhadhb.

Cé go raibh **teideal** mar cheann de na fearainn éigeantacha sna caighdeáin chartlannaíochta, ní raibh aon teidil ar fáil do Chartlann Fuaimé an Bhrainse Logainmneacha. Measadh go gcuirfeadh sé go mór leis an ábhar iad a bheith ar fáil. Rinneadh cinneadh mar sin, teideal a chumadh do na spóil. Cumadh na hainmneacha bunaithe ar an áit a ndearnadh an taifeadadh mar shampla '[Cuntas ar Logainmneacha i mBarúntacht Mhaigh Chuilinn, Co. na Gaillimhe]'. Rinneadh iarracht an áit tagartha is feiliúnaí a roghnú do na teidil. Baineadh úsáid as an Bharúntacht mar áit tagartha go príomha, ach sa chás nár fheil sé sin, baineadh úsáid as áit níos ginearálta – '[Cuntas ar Logainmneacha i gCo. Lú]' – nó úsáideadh bealach eile le cur síos a dhéanamh air: '[Cuntas ar Logainmneacha in oirtheor na Gaillimhe]'. Cuireadh na teidil sin ar fáil don fhoireann theicniúil agus ionchuireadh iad sa bhunachar.

Sa chéad leagan den bhunachar, rinneadh cinneadh áit amháin a cheangal leis an traic, agus dá mbeadh aon áit eile luaite ann, go luafadh ar scarbhileog na gcainteoirí é. Iarracht a bhí ann, clib na dtraiceanna a choinneáil chomh slachtmhar agus ab fhéidir. Tar éis an ionchurtha, tugadh faoi deara nach raibh seo slachtmhar mar nós, toisc go raibh logainmneacha luaite le daoine faoi leith agus ní le daoine eile. Ní raibh iomláine ag baint leis na sonraí, mar sin, agus ní bheadh a fhios ag an úsáideoir cén fáth a raibh logainmneacha luaite le daoine faoi leith agus nach raibh le daoine eile. Lena chois sin, rinneadh iarracht na logainmneacha sin a scaradh in dhá ghrúpa: áiteanna cónaithe agus bailte dúchais. Cé go ndearnadh sin sa chéad leagan den bhunachar, braitleadh nach raibh sin slachtmhar ach an oiread, mar ní i gcónaí a bhíothas in ann a oibriú amach, an é an áit chónaithe nó an baile dúchais a bhí i gceist san iontráil chatalóige. Baineadh na hainmneacha, mar sin, ó liosta na gcainteoirí agus cuireadh isteach leis na traiceanna iad. Ní raibh ach thart ar 150 duine i gceist leis seo, agus níos lú na 1% de na traiceanna. Braitear go bhfuil na feidhmeanna cuardaigh níos fearr faoi chlib na dtraiceanna mar gheall air sin forta.

Braitheadh, i ndiaidh an chéad ionchurtha, nach raibh feidhm ag baint leis na hainmneacha áitiúla daoine nó na hainmneacha réamhphósta a bhí ann faoi chlib na gcainteoirí. Fabht amháin ná nach raibh siad ar fáil ach i lón beag cásanna, rud a chiallaigh nach raibh iomláine ag baint leis na sonraí. Ina theannta sin, bhí formáidí éagsúla ag baint leis na hainmneacha áitiúla, agus mar thoradh air sin bhí sé deacair eagarr a chur orthu go córasach. Rinneadh cinneadh an t-eolas scagtha a bhaint ón bhunachar mar sin. Tá na hainmneacha áitiúla fós le feiceáil faoi 'ainm iomlán', 'Jim Ryan (Dick)', mar shampla.


Bhí ainmneacha pearsanta sa bhunchatalóg a raibh giorrúcháin ag gabháil leo – Jim Flynn (J.F.L.), mar shampla. Baineadh na giorrúcháin sin ón bhunachar tar éis an cheist a phlé leis an Bhrainse Logainmneacha. Braitheadh nach raibh feidhm ag baint leo agus mar sin nár cheart iad a bheith ann.

3.5.2. Moltaí eile

Tugtar faoi deara éagsúlacht mhór a bheith ann i gcás litriú na n-ainmneacha. Tá leaganacha éagsúla de na hainmneacha céanna in úsáid, 'Micheál' agus 'Mícheál', mar shampla. Cuireann sé sin isteach ar na feidhmeanna cuardaigh do na cainteoirí, mar ní thiocfadh gach toradh aníos dá ndéanfaí cuardach ar leagan amháin de na hainmneacha sin. Measadh go mbeadh sé róchasta caighdeánú a dhéanamh ar na hainmneacha, toisc an oiread sin leaganacha d'ainmneacha a bheith ar fáil, i nGaeilge agus i mbÉarla. Rinneadh cinneadh, ina áit, liostaí Excel a chur le chéile – ceann do na hainmneacha agus ceann do na sloinnte – de

na hainmneacha sin a raibh níos mó ná leagan amháin i gceist leo. An moladh a rinneadh ná go gcuirfí na leaganacha malartacha de na hainmneacha san áireamh mar chuid den chuardach, agus mar sin dá ndéanfá cuardach ar 'Micheál' mar shampla, go dtiocfadh gach toradh a raibh 'Micheál', 'Mícheál', 'Michael', nó 'Mick' anuas. Cuireadh na liostaí sin ar aghaidh chuig an fhoireann theicniúil in Fiontar. Ní raibh sé d'acmhainn acu an moladh sin a chur i bhfeidhm roimh aighniú an tráchtas seo, ach táthar ag súil go gcuirfear i bhfeidhm é amach anseo. Seo thuas seat scáileán den obair a rinneadh:

Fíor 10: Seat scáileán: liosta Excel – ainmneacha malartacha



The screenshot shows a Microsoft Excel spreadsheet titled 'Cartlann ainmneacha2'. The data is organized into several columns, likely representing different spellings or forms of the same name. Column A contains numbers from 10 to 27. Columns B through K contain various names such as Annraoi, Henry, Anthony, Antoinín, Antony, Antoine, Aodh, Hugh, Hughie, Arthur, Austin, Bartholomew, Bat, Batt, Batty, Beait, Bernard, Bearnard, Ben, Bernie, Bertie, Bessie, Bill, Billy, Will, William, Willie, Willy, Bob, Bobbie, Robbie, Robert, Roibeard, Brian, Bríd, Bridget, Bridgie, Bridie, Brigid, Cáit, Caitlín, Cathleen, Cití, Kate, Kathleen, Kitty, Caitríona, and Carmel. The cell containing 'Bob' is highlighted with a blue border.

3.5.2. An toradh agus cúrsaí dea-chleachtais

Is éard a bhí mar aidhm ag an tionscadal seo ná sonraí na catalóige bunaidh a chóiriú le hionchur i mbunachar. Rinneadh iarracht cloí leis na trí chritéar a luaigh Park san alt ‘Metadata Quality in Digital Repositories: A Survey of the Current State of the Art’ (2009), sin iad:

1. Cruinneas na sonraí
2. Comhsheasmhacht na sonraí
3. Iomláine na sonraí.

Toisc gur ábhar le hoidhreacht atá i gceist leis an Chartlann Fuaimé, thíríodh isteach ar chruinneas agus ar chomhsheasmhacht na sonraí, mar ní bheadh sé d'acmhainn iomláine na sonraí a thabhairt chun rialtachta ag an staid seo. Rinneadh iarracht, mar sin, formáid na sonraí a bhí ann cheana a thabhairt chun rialtachta, nithe ar nós dáta, ainmneacha daoine

agus mar sin de. Rinneadh iarracht forsta, na sonraí a chóiriú ar bhealach a bhí ag teacht leis na caighdeáin le haghaidh inneachar sonraí, ó thaobh leagan amach an eolais de. Baineadh úsáid as www.logainm.ie mar liosta údarás do na logainmneacha. Tá nasc ann i láthair na huairé idir an Chartlann Fuaime agus www.logainm.ie, rud a chruthaíonn idir-inoibritheacht idir an dá bhunachar. Aon úsáideoir anois, atá ag baint úsáide as an Chartlann Fuaime, tá teacht aige go héasca ar na taifid chartlainne atá ar fáil ag www.logainm.ie don áit atá faoi chaibidil aige. Tá an bunachar ag teacht, den chuid is mó, leis na caighdeáin chartlannaíochta a pléadh thuas, ó thaobh na bhfearann atá ar fáil. Is féidir cuardach a dhéanamh de réir leibhéal an chur síos, rud atá tábhachtach i gcás cartlann ar bith.

Rinneadh an bunachar i bhformáid XML ('Extensible Markup Language'), teanga mharcála atá comhoiriúnach le caighdeáin mheiteashonraí eile ar nós Dublin Core nó an TEI ('Text Encoding Initiative'). Dá thoradh sin, tá an fhéidearthacht ann na sonraí sin a ionchodú i bhformáid eile le hionchur i mbunachar eile, dá mbeifí ag iarraidh na sonraí a roinnt.

3.6 Cur síos ar modhanna eagarthóireachta ar ábhar canúnach

I gCaibidil 4, déantar tras-scríobh ar thaifeadtaí fuaime a rinneadh i nGabhla, amach ó chósta Thír Chonaill. Roghnaíodh an tacar sin mar mhionstaidéar eagarthóireachta as an Chartlann iomlán, agus tá míniú ar na cúiseanna a roghnaíodh an ceantar sin ag túis Chaibidil 4. Cuireadh scéim eagarthóireachta le chéile don tras-scríobh bunaithe ar scéimeanna eile eagarthóireachta d'ábhar i gcanúint Thír Chonaill. Sa ghiota seo a leanas déantar cur síos ar na scéimeanna eagarthóireachta eile sin, ar mhaithe le míniú a thabhairt ar an dóigh a ndéantar eagarthóireacht ar ábhar inchomparáide. Feictear an scéim thíos ag 3.6.9.

3.6.1 Na téacsanna

Ar mhaithe le modhanna eagarthóireachta a oibriú amach d'ábhar canúnach, rinneadh scagadh ar leabhair a scríobhadh i gcanúint Thír Chonaill, le fáil amach cé na nósanna atá ann le hábhar canúnach a chur in eager sa chanúint áirithe sin. Breathnaíodh ar leabhair bhéaloideas den chuid is mó, agus ar aon nótaí a bhí iontu faoin dóigh a ndearnadh an tras-scríobh. Amharcadh ar na leabhair seo a leanas: *Seanchas Annie Bhán* le Gordon W. MacLennan (1997); *Ulster Gaelic Voices*, le Róise Ní Bhaoill (2010); *Síscéalta ó Thír Chonaill* le Seán Ó hEochaíd, Máire Ní Néill agus Séamus Ó Catháin (1977); *Na Cruacha: Scéalta agus Seanchas*, le Háine Ní Dhíoraí (1985); *Uair an Chloig Cois Teallaigh* in eager ag Séamus Ó Catháin (1985). Roghnaíodh na leabhair seo mar eiseamláirí de chleachtas comhaimseartha na heagarthóireachta canúnaí. Roghnaíodh iad toisc ardchaighdeán a bheith orthu agus mar gheall ar an léiriú a thug siad ar na modhanna a bhí in úsáid acu.

3.6.2 Aidhmeanna ginearálta na heagarthóireachta

Feictear sna leabhair thusas gurb é príomhaidhm na heagarthóireachta canúnaí ná ‘to apply conventions of spelling in Standard Irish while still enabling the reader to come very close to hearing the authentic voice of the storyteller in her [or his] native dialect’ (MacLennan 1997, 50). Baintear úsáid as litriú an Chaighdeáin Oifigiúil sa chás nach gcuirfeadh sé isteach ar thuisceint an léitheora ar fhuaim na bhfocal: ‘some additional conformity to *An Caighdeán Oifigiúil* has been introduced wherever it was not felt to seriously interfere with the faithful representation of the dialect’ (Ó hEochaíd, Ní Néill & Ó Catháin 1977, 401). Ba chóir go mbeadh an tras-scríbhinn ag teacht le nósanna scríofa na Gaeilge. Mar shampla, in *Na Cruacha: Scéalta agus Seanchas* (Ní Dhíoraí 1985, 188) ní cheadaítear ‘críochnai’ a úsáid in áit ‘críochnaithe’.

3.6.3 Rithim na cainte

Sa leabhar *Seanchas Annie Bhán* (MacLennan 1997) baintear úsáid as uaschamóga le bá fuaim a chur in iúl, mar shampla athraítéar *an* > *a'* agus *ag* > *a'*. Cuidíonn sé sin le rithim na cainte a chur ar shúile an léitheora. Féach mar shampla an sampla seo a leanas: ‘A’ chead rud a chonaic a’ máistir, Bilí a’ teacht thart ar a’ teach agus é a’ goil cheoil a’ marcaíocht ar a’ bheathach’ (1997, 172). Séimhítéar focail eile ar nós ‘féin’ (‘fhéin’). Is nós é sin nach dtagann chun cinn sna leabhair eile atá faoi chaibidil anseo.

3.6.4 Leaganacha éagsúla a úsáid

Sa chaint, baintear úsáid as leaganacha éagsúla d’fhocal amháin, leis an rud céanna a chur in iúl, mar shampla tá ‘a rá’ agus ‘a ráit’ mar an t-ainm briathartha den bhriathar ‘abair’, agus d’fhéadfadh duine amháin feidhm a bhaint as an dá leagan sin. Sna leabhair *Seanchas Annie Bhán* (MacLennan 1997) agus *Ulster Voices* (Ní Bhaoill 2010) glactar leis an phrionsabal sin mar chuid d’obair na heagarthóireachta. Coinnítear na leaganacha éagsúla seo, le pictiúr níos cruinne a thabhairt don léitheoir ar theanga an scéalaí. Sna leabhair eile níor ceadaíodh a leithéid, agus rinneadh socruí i gcónaí cloí le leagan amháin den fhocal. Is fiú a thabhairt faoi deara ag an phointe seo gurb iad *Seanchas Annie Bhán* agus *Ulster Voices* na leabhair is nua as na téacsanna seo, agus go raibh siad bunaithe go mór mór ar thaifeadtaí fuaimseachas ar lámhscríbhinní, nach ionann agus na téacsanna eile.

3.6.5 Seanfhoirmeacha

Ceadaítear i ngach cás úsáid fhoirmeacha stairiúla na Gaeilge. Déantar é seo ‘in order to keep grammatical distinctions not found in the standard language’ (MacLennan 1997, 52). Is iad na príomhchásanna ina dtarlaíonn sé seo ná:

- I gcás na mbriathra, go háirithe sa mhodh coinníollach agus san aimsir fháistineach de bhriathra sa dara réimniú: *inseochaidh*, *choinneochadh*, chomh maith le leaganacha malartacha de na briathra neamhrialta: *théid*, *labhrann* etc.
- Seanfhoirmeacha na n-ainmfhocail: mar shampla ‘tinidh’ a bhfuil an fhoirm ghinideach ‘tineadh’ aige (*ibid.*).

3.6.6 Ábhar tagartha

Is fiú a thabhairt faoi deara go n-úsáidtear *Leabhar Mór Bhriathra na Gaeilge* (Hughes 2008) mar aon leis an suíomh Idirlín www.logainm.ie le heagar a chur ar bhriathra agus ar logainmneacha sa leabhar *Ulster Voices* (Ní Bhaoill 2010, 356-360). Braitear gur úsáideach an cur chuige é do na briathra ach nach mbeadh sé chomh fóirsteanach céanna do na logainmneacha, ó tharla gur leaganacha caighdeánacha atá i gceist in www.logainm.ie agus nach i gcónaí a bhíonn sin ag teacht leis na leaganacha atá sa chaint. Is ó ábhar taifeadta a scríobhadh an t-ábhar atá in *Ulster Voices* (Ní Bhaoill 2010) agus ní ó lámhscríbhinní, agus meastar go mb’fhéidir go raibh tionchar aige sin ar an mhodh eagarthóireachta a úsáideadh, i.e. bheadh níos mó gó le hábhar tagartha mar sin le heagar a chur ar an ábhar.

3.6.7 Achoimre ar na modhanna eagarthóireachta

Le heagar a chur ar ábhar canúnach déantar iarracht an bealach a dhéanamh idir an Caighdeán Oifigiúil agus an chanúint scríofa. Cloítear le litriú an Chaighdeáin seachas sa chás nach dtabharfadhl sé sin cothrom na Féinne don chanúint. Is féidir nósanna coitianta a aithint i gcás na dtéacsanna seo a luadh thuas, mar shampla go n-úsáidtear leaganacha stairiúla de na briathra agus mar sin de. Ach bíonn cinntí le déanamh ag an eagarthóir mar gheall ar ábhar tagartha a úsáid, leaganacha éagsúla a cheadú, bá fuaimé a chur in iúl agus cé na leaganacha d’fhocail is fearr a fhreagraíonn d’fhuaim na bhfocal.

3.6.8 Impleachtaí don tráchtas seo

Bunaíodh an scéim eagarthóireachta don ábhar tras-scríofa ar na scéimeanna a pléadh thuas. Rinneadh liosta ceisteanna agus an tras-scríobh a dhéanamh ar dtús. Rinneadh iarracht a theacht ar shocrú do na ceisteanna sin bunaithe ar an dea-chleachtas de réir na

litríochta. Nuair a thángthas ar shocrú, cuireadh sin in iúl ar an scéim eagarthóireachta. Cuireadh leis an scéim eagarthóireachta de réir a chéile agus an tras-scríobh a dhéanamh. Seo thíos torthaí na hoibre sin:

3.6.9 Scéim eagarthóireachta

Is é aidhm na heagarthóireachta seo an téacs labhartha a chur i láthair ar bhealach atá soláite agus sothuigthe, ach atá dílis don teanga labhartha chomh maith. Rinneadh iarracht cloí le *Caighdeán Oifigiúil na Gaeilge* (Rialtas na hÉireann 2009) ó thaobh litriú na bhfocal de, ach amháin sna háiteanna sin nach léiriú cruinn a bheadh ansin ar an chanúint áitiúil.

Seo thíos an scéim eagarthóireachta a cuirtear i bhfeidhm maidir le heagarthóireacht ghinearálta na dtéacsanna:

Ginearálta

- Baintear úsáid as leaganacha malartacha as *Foclóir Uí Dhónaill* (Ó Dónaill 1977), nó as foinsí eile, má cheaptar go bhfreagraíonn sé níos fearr d'fhuaim na cainte. Ní chuirtear fonóta le focal sa chás gur leagan malartach as *Foclóir Uí Dhónaill* atá ann, ach cuirtear fonóta le focail a thagann as foinsí eile.
- Cuirtear focail Bhéarla sa chló iodálach.
- Sa chás go bhfuil an chaint doiléir agus nach féidir é a oibriú amach, baintear úsáid as lúibíní cearnógacha [...] leis sin a chur in iúl.
- Baintear úsáid as na comharthaí focalbhá ... nuair nach gcríochnaítear abairt, nó nuair a bhíonn stad sa chomhrá.
- Is comharthaí dúbailte athfhriotail a úsáidtear sa tras-scríbhinn.
- Bíonn sé de nós i gcanúint Uladh ‘t’ a chur i ndiaidh ‘l’ i gcásanna áirithe (Ó Searcaigh 1925, 105). Cloítear leis na leaganacha sin sa tras-scríbhinn seo: *doichilt, faichilt, tógáilt, coinneáilt*.
- Ní chloítear leis na rialacha a leagtar amach sa scéim seo, i gcás an bhailitheora Art Ó Maolfabhlai, mar nach bhfuil canúint Thír Chonaill aige. Bunaítear an tras-scríobh ar chaint Art ar fhuaim na bhfocal go ginearálta.

Bá fuaim

- Ní gnách an *n* a fhuaimniú san alt roimh chonsain ach nuair a thagann guta nó fuaim guta roimhe. Is gnách gur *a'* a deirtear seachas *ag* fost. Is *an agus ag* a scriobhtar sna téacsanna seo.

Briathra

- Baintear úsáid as na leaganacha canúnacha de na briathra atá ar fáil in *Leabhar Mór Bhriathra na Gaeilge* le A.J. Hughes (2008). Sa chás nár ceapadh go raibh an leagan a bhí sa leabhar sin ag freagairt d'fhuaim na bhfocal, baineadh úsáid as leagan eile agus cuireadh fonóta leis. Sa chás go bhfuil leagan caighdeánach in úsáid, cloítear leis an leagan sin.
- Sa chás go bhfuil leaganacha éagsúla den bhriathar céanna in úsáid ag an chainteoir céanna, nó ag cainteoirí éagsúla, cloítear leis na leaganacha atá in úsáid acu, mar shampla *rá agus ráit*.
- Baintear úsáid as an mhír bhriathartha atá in úsáid ag an chainteoir, fiú mura bhfuil sé caighdeánach: *Ní mhothaigh*.²
- Ceadaítear an fhoirm choibhneasta de na briathair: *a deireas, a bhriseas, a bheireas*.

Ainmfhocail

- Fágatar leaganacha malartacha d'uimhir iolra na n-ainmfhocail mar atá sa chaint: *bádaí, faoileogai, curaigh*.
- Scríobhtar *cúpla* mar *cupla* nuair atá an chiall ‘péire’ leis.
- Cloítear le leaganacha stairiúla infhillte de na hainmfhocail: *ag baint móndadh*.

An chopail

- Baintear úsáid as na leaganacha *is é, ní hé, ab é, nach bé* seachas *is ea, ní hea, an ea* agus *nach ea* le léiriú níos cruinne a thabhairt ar fhuaim na bhfocal.

² 'Cé gur **níor** an mhír dhiúltach is coitianta sa Ghaeilge do bhriathra rialta san aimsir chaite [...] tá claonadh láidir i gcanúintí na Mumhan **ní** a chur in áit **níor**, msh. **ní bhog** 'did not move'. Tá an claonadh céanna seo le tabhairt faoi deara i nGaeilge Chonnacht agus i gCúige Uladh.' (Hughes 2008, 23)

Tuiseal tabharthach

- Cloítear le *t* roimh *s* i gcás ainmfhocail fhirinscneacha: *den tsamhradh, den tseort*.
- Ceadaítear an seanleagan iolra den tuiseal tabharthach, más ann dó: *laethaibh*.

Réamhfhocail

- Cloítear leis na leaganacha canúnacha de na réamhfhocail, e.g. *leofa = leosan, fá = faoi, faofa = fúthu, ró = roimh*. San áit a dtagann an leagan caighdeánach leis an chanúint, baintear úsáid as an leagan sin.
- Déantar idirdhealú idir *fá* agus *faoi* sna téacsanna.
- Nuair a bhaintear úsáid as *chun an/na* sa chiall *go dtí*, scríobhtar mar '*na* é, e.g. *chun na tíre = 'na tíre*.
- Cloítear leis na leaganacha stairiúla *ins an* agus *ins na*, toisc go bhfreagraíonn siad d'fhuaim na bhfocal. Is iad sin na leaganacha atá i bhFoclóir Uí Dhónaill in ionad *insan* agus *insna*.
- Cloítear leis an úsáid chanúnach de *de* agus *do*.

Logainmneacha

- Déantar iarracht leagan a úsáid atá ag teacht le fuaim na bhfocal sa chaint. Ciallaíonn sé sin nach ionann é i gcónaí agus an ceannfhocal a luitear leis an ainm ag 4.2 thusas.

Leaganacha canúnacha

- Cloítear leis na leaganacha canúnacha seo tríd síos:
 - ◆ Dabhriathra: *astoigh, ariamh, comh*
 - ◆ Cónaisc: *ná* in áit *nó*
 - ◆ Intriacht: *bhaill*
 - ◆ Ceisteanna: *caidé* (= cad é), *cad tuighe/tuighe* (= cad chuige)
 - ◆ Aidiacht: *inteacht*
 - ◆ Eile: *maram* (= gabhaim orm)

4. Torthaí taighde – logainmneacha agus ábhar tras-scríofa

Leagtar amach, sa chaibidil seo, torthaí an taighde a rinneadh ar thacar samplach d'ábhar ón Chartlann Fuaimé, i.e. an tacar a bhaineann le Gabhla i dTír Chonaill. Roghnaíodh an tacar ó Ghabhla mar thacar samplach le haghaidh mionstaidéir ar chúpla cúis:

1. toisc go raibh ardchaighdeán Gaeilge ag na faisnéiseoirí
2. toisc gur oiléan é agus mar sin go bhfuil sé srianta ó thaobh achair talún de
3. toisc gur tacar dhá uair an chloig atá i gceist leis, agus gur fheil an fad sin do mhéid an tráchtas.

Ar dtús sa chaibidil seo, tá réamhrá gearr mar gheall ar an oiléan agus an bheirt fhaisnéiseoirí a bhaineann leis sa Chartlann Fuaimé. Leagtar amach ansin an córas atá in úsáid leis na logainmneacha a chur in eagar, is é sin an leagan amach agus an córas foghraíochta. Pléitear gramadach na logainmneacha go hachomair. Faoi dheireadh tá an t-ábhar logainmneacha féin agus an tras-scríobh ar na taifeadtaí fuaimé, agus iad tras-scríofa sa chanúint áitiúil.

4.1 Réamhrá

Is oiléan é Gabhla atá suite míle farraige amach ó chósta Thír Chonaill. Tá sé suite i lár grúpa oiléan amach ó chósta Ghaoth Dobhair, le hInis Meáin agus Inis Oirthir soir ó thuaidh uaidh agus Inis Fraoigh agus Uaigh siar ó dheas uaidh. Dar le Aalen agus Brody, téann traidisiúin na chéad teaghlach ar an oiléan siar go dtí na 1750idí (1969, 59). Rinneadh an t-ainm Gabhla a thaifeadadh chomh fada siar le 1608. Seanainm atá ann a thagann ón bhunfhocal ‘gabhal’, agus deirtear go dtagann sé ón chuma atá ar Ghabhla ón thír mór (Uí Fhearraigh 2008, 45).

Seo liosta tagairtí do Ghabhla ón suíomh www.logainm.ie:

Tagairtí do Ghabhla

1608	Goolagh & Inishenny	Anal.Hib. 3.172
1654	Galla	CS 114
1776	Gola I	Mackenzie
1801	Gola	Mc Crea
1829	Gola	AL: Received Name

Bhí traidisiún láidir iascaireachta i nGabhla sa 20ú haois (Aalen agus Brody 1969, 24). Ba ghnách leo a bheith ag iascaireacht scadán, bradán agus gliomach ó na báid (*ibid.*, 86–91), agus éisc eile ar nós ballán agus glasán le slat ó áiteanna áirithe ar an oileán. Ó tharla gur iascairí an chuid is mó de na fir ar an oileán, bhí eolas breá acu ar na hainmneacha ar an chósta, thart faoi na hoileáin bheaga eile, i.e. cén áit a mbeadh na poill iascaireachta nó na boilgeacha agus na líonáin agus na carraigeacha uile a d’fhéadfadh a bheith contúirteach dóibh. Bhí ainmneacha acu ar na poill agus ar na carraigeacha céanna dá bharr.

Mar a pléadh i gCaibidil 2, tháinig meath ar úsáid na logainmneacha toisc go raibh meath ag teacht ar na ceirdeanna traidisiúnta ar nós na hiascaireachta agus na feirmeoireachta. Tá gné eile ag baint leis an mheath ar logainmneacha Ghabhla, is é sin, gur tréigeadh an t-oileán ag deireadh na 1960idí. Druideadh an scoil náisiúnta sa bláth 1967, agus faoin am a raibh an daonáireamh ann i 1976 ní raibh oiread agus duine amháin fágtha ar an oileán (Uí Fhearraigh 2008, ix). Ní raibh daoine ag baint úsáide as na logainmneacha, mar sin, ó tharla nach raibh siad ina gcónaí ar an oileán a thuilleadh. Ní raibh meath tar éis teacht ar Ghaeilge mhuintir an oileáin, áfach. Ciallaíonn sé sin go bhfuil caighdeán an-ard Gaeilge ag na faisnéiseoirí, agus gur i nGaeilge a bhí na logainmneacha uile, gan mórán de thionchar an Bhéarla a bheith le sonrú orthu.

Bailíodh na logainmneacha sa chaibidil seo ó thriúr faisnéiseoirí, agus ó fhoinsí eile scríofa a luitear thíos. Rinneadh taifeadadh den chéad bheirt fhear, John Mac Bride agus Pádraig ’Ac Fhionnlaoigh, mar chuid de Chartlann Fuáime an Bhraintse Logainmneacha i 1970 agus i 1979 faoi seach, agus tá leaganacha tras-scríofa de na taifeadtaí sin ar fáil ag 4.3 agus 4.4 sa tráchtas seo. An triú duine ná Máirín Uí Fhearraigh (Nic Suibhne) as Ard na mbáinseog i nGabhla. Rugadh ar an oileán í, ach bhí ar an teaghlaigh aghaidh a thabhairt ar an tír mór nuair a druideadh an scoil sa bláth 1967 (*ibid.*). Tá baint láidir aici le saol an oileáin sa lá atá inniu ann. Is stiúrthóir í ar Chomharchumann na nOileán Beag i nGaoth Dobhair, a chuir an leabhrán *Logainmneacha Oileáin Bheaga Thír Chonaill* (2010) le chéile. Chuir an taighdeoir seo faoi agallamh í, i nDoirí Beaga, Gaoth Dobhair ar 27 Iúil 2011. Is ionann an chuid is mó de na logainmneacha a thug sí agus na logainmneacha atá in *Logainmneacha Oileáin Bheaga Thír Chonaill* (2010) ach tugadh breis eolais mar gheall ar bhunús na logainmneacha agus rinneadh taifeadadh ar na leaganacha fuaimnithe. Níor cuireadh na leaganacha ón leabhrán sin san áireamh sna foinsí thíos, mar sin, toisc go mbeadh dúbailt an eolais i gceist leis, ach

baineadh úsáid as an léarscáil le haghaidh suíomh na logainmneacha. Phléigh Máirín logainmneacha ar an talamh níos mó ná an bheirt eile. Seo a leanas eolas mar gheall ar John Mac Bride agus Pádraig 'Ac Fhionnlaoigh:

John Mac Bride (John Dhónaill Sheáin)

Ba é Dónall Sheáin Mhaighréide Mac Giolla Bhríde, iascaire as Gabhla, a athair (rugadh Bealtaine 1873). Ba í Mary Dhónaill Shéamuis Ní Bhaoill as an Ard Donn i nGaoth Dobhair (rugadh c.1882) a mháthair. Pósadh iad c.1906. Bhí ceathrar clainne acu (Central Statistics Office Ireland 2009) (Uí Fhearraigh 2008, 35). Rugadh John é féin i nGabhla i mí an Mheithimh 1908. Pósadh é ar Mháire Eoghain Liam Nic Gairbheith as Gabhla agus bhí ochtar clainne acu (Uí Fhearraigh 2008, 43). Thóg siad an teaghlach i nGabhla ach ansin bhog siad go tir mór. Ba ghnách le John a theacht chuig an oileán mar fhear poist agus é ina chónaí ar tir mór agus bhí dúil mhór aige a bheith ag gabháil isteach chuig an oileán an uair sin. Dar le Máire, iníon leo, go raibh cumha ar a hathair i ndiaidh Gabhla:

Níor shocraigh m'athair ariamh ar tir mór. Chrónaigh sé an fharraige agus achan rud a bhain léi. Thóg sé teach i mBaile an Droichid ar an Bhun Bheag ag amharc amach ar an fharraige. Chífeá Gabhla ón fhuinneog agus na bádaí ag teacht aníos an cainéal, ach ina dhiaidh sin, chrónaigh sé Gabhla i gcónaí. (Uí Fhearraigh 2008, 89)

Pádraig 'Ac Fhionnlaoigh (Pádraig Éamoinn Thaidhg)

Ba é Éamonn Thaidhg Mac Fhionnlaoigh, feirmeoir agus iascaire as Gabhla a athair (rugadh 1870), agus ba í Nóra Phroinsias Sheoirse Nic an Bhaird as Bun an Inbhir, Gaoth Dobhair a mháthair (rugadh c.1885) (Uí Fhearraigh 2008, 40). Pósadh iad c.1907 (Central Statistics Office Ireland 2009). Rugadh Pádraig i 1910 (*ibid.*). Ba chol ceathrar é do Sheán 'Ac Fhionnlaoich, an scríbhneoir cailiúil as an oileán a scríobh *Ó Rabharta go Mallmhuir* (1975), cuimhní cinn ar a shaol féin ar an oileán, chomh maith le leabhair ficsin agus neamhfhicsin eile. Luitear Pádraig é féin cúpla uair sa leabhar úd sin, agus é ag glacadh párite in eachtraí a tharla ar an oileán. B'iascaire é. Mar a deir sé féin sa taifeadadh fuaime: 'd'iascaigh mé thart ar Éirinn uilig [...]. Sin an áit ar chaith mise bunús mo shaoil'. Pósadh ar bhean as Machaire Chlochair é agus bhog sé go tir mór an uair sin. Ciallaíonn sé sin gur raibh sé ar tir mór daichead bliain faoin am a rinneadh taifeadadh air don Chartlann Fuáime.

Foinsí eile

Chomh maith le fianaise na bhfaisnéiseoirí thuasluaite baineadh úsáid as na foinsí seo a leanas: *Logainmneacha Oileán Bheaga Thír Chonaill* (Comharchumann na nOileán Beag 2010); liosta logainmneacha a bailíodh do Chnuasach Bhéaloideas Éireann (CBÉ 1721, 163–164); logainmneacha a luadh in *Ó Rabharta go Mallmhuir* ('ac Fionnlaoich 1975); sliocht as *Ulster Voices* (Ní Bhaoill 2010) ina labhraíonn Séamus 'Ac Fionnlaoich faoi shaol an oiléain; cúpla sliocht as *Sealóga agus Siosmaid* ('Ac Fionnlaoich 2011) ina phléitear logainmneacha Ghabhla; léarscáil Dan McGinley de Ghabhla (1993) agus www.logainm.ie. Baineadh úsáid chomh maith as agallamh a rinneadh le Nóra Nic Giolla Bhríde as Gabhla atá ar www.bealoideas.com. Níor cuardaíodh aon mhórfoinsí stairiúla de thairbhe srianta ama. Measadhbh, festa, nach mbeadh mórán torthaí ar an chuardach áirithe sin ó tharla gur mionainmneacha den chuid is mó atá i gceist leis na logainmneacha i nGabhla, agus nach mbeidís san áireamh, mar sin, i gcáipéisí riarracháin.

Comharthaí sóirt agus gramadach na n-ainmneacha

Ní hiondúil go mbíonn mionainmneacha níos mó ná 350 bliain d'aois (Mac Gabhann 2010) agus luíonn sé le réasún gurb amhlaidh an cás i nGabhla, go háirithe, mura raibh buanchónaí ar an oiléan go dtí an 18ú haois. I gcás ainm amháin, is féidir a dhéanamh amach gur sa 16ú haois a cumadh é, mar gheall ar an bhaint atá aige le stair na haoise sin. Cladach na Croiche an t-ainm atá i gceist, áit ar crochadh mac Maolmuire an Bhata Bhuí Mac Suibhne sa 16ú haois, mar thoradh ar choimhlint a bhí ann idir Maolmuire agus Feilimí Cam Ó Baoill.

Tugtar faoi deara go gcloíonn formhór logainmneacha Ghabhla le rialacha gramadaí na Gaeilge. Gaeilge uile a bhí ar an oiléan, idir shean agus óg, agus mar sin níl tionchar an Bhéarla le brath mórán ar logainmneacha an oiléan, cé is moite de chás amháin, An *Building*. Luaitear cúpla ainm i *Logainmneacha Oileán Bheaga Thír Chonaill* (2010) nach bhfuil an t-alt leo. Agus iad in úsáid sa chaint, áfach, tugtar faoi deara go n-úsáidtear an t-alt le cuid acu siúd. Fágann sé sin nach bhfuil ach líon beag nach bhfuarthas aon sampla ina raibh an t-alt in úsáid leo, ar nós Cnoc Dóite, Lag Bán, Gob Dubh agus Líonán Rua. Tá samplaí ann nach bhfuil séimhiú san áit a mbítí ag súil leo, i.e. Carraig Máirtín Mór agus Carraig Máirtín Beag. Tá sampla amháin ina bhfuil séimhiú in áit nach mbeifeá ag súil leis, i.e. Chois an Talamh. Meastar gurb é an chúis atá leis sin ná go mbíodh réamhfocal mar 'de' nó 'a' roimhe ó cheart, ach gur thit an réamhfocal as úsáid, toisc nach raibh aon bhéim air. Ní raibh meath sa díochlaonadh suntasach i logainmneacha Ghabhla. Bhí cúpla logainm ann, áfach, nár úsáideadh an tuiseal ginideach i gcónaí iontu san áit a mbeifeá ag súil leis, sin iad: Béal an Mhaoil Mhuiríní agus Béal na Maoile Muiríní, atá ar fáil in *Logainmneacha Oileán Bheaga*.

Thír Chonáill (2010) agus Ard na Dumhcha agus Ard an Dumhaigh atá ar fáil san fhoinséacháin. Tá logainmneacha ann atá calctha sa tuiseal tabharthach baininscneach, is iad sin:

- i. An Chroich
- ii. An Dumhaigh
- iii. An Sceilp
- iv. An Sceilp Chaoil
- v. An Sceilp Mhóir

Tá gné amháin eile atá suntasach faoi logainmneacha Ghabhla, is é sin go n-úsáidtear cúpla focal/leagan éagsúil le cur síos a dhéanamh ar an 'scoilt': 'scoilt', 'scealp', 'scealpaigh', 'scailp', 'sceilp' agus 'scos'. Úsáidtear go hinmhalaítear iad agus mar sin, feictear a leithéidí 'Scoilt an Tairbh' agus 'Scos an Tairbh', 'Scailp na Loinge' agus 'Scoilt na Loinge'. Is ábhar spéise é go bhfuil an focal 'scos' in úsáid mar fhocal ar an 'scoilt', ó tharla nach focal é atá forleathan sa chaint.

An foghraíocht

Baineadh úsáid as trí fhoinséach le tuiscint a fháil ar an tras-scríobh foghraíochta sa chanúint seo, is é sin *Stair na Gaeilge* (Hughes 1994), *Foghraídheacht Ghaedhilge an Tuaiscirt* (Ó Searcaigh 1925) agus an chaibidil 'Irish' ag Ailbhe Ní Chasaide in *Handbook of the International Phonetic Association* (1999). Rinneadh cinneadh cloí le córas fóníimeach leathan don tras-scríobh foghraíochta ar na logainmneacha.

Seo a leanas na fóníeimí guthacha atá in úsáid don tras-scríobh foghraíochta, agus samplaí a bhaineann leo sa tras-scríobh:

Fóníeim	Siombail IPA	Ainm	Sampla ón tras-scríobh
/i:/ - i fada	[i]; [ɪ]	Tor Buí	/tor bi:/
/i/ - i gearr	[ɪ]	Binn an tSeabhaic	/b'iN' ə to:k'/
/e:/ - e fada	[e:]	Binn an Fhéir	/a:rd nə ge:rax/
/e/ - e gearr	[ɛ]	An Sceilp	/ə ſk'el'p'/
/a:/ - a fada	[æ:]; [a:]	Tóin na hÁithe	/to:n' nə 'ha:jə/
/a/ - a gearr	[a], [ə]	Cladach na Croiche	/kladax nə 'krax'ə/

/ɔ:/ - o fada	[ɔ:]	Croc Dóite	/kruk dɔ:t'ə/
/o:/ - o fada	[o:]	Tóin Pholl na hEorna	/to:n' ful nə hɔ:rənə/
/o/ - o gearr	[ʌ]; [a]	TorRua	/tor rua/
/u:/ - u fada	[u:]	Poll an Dúigh	/puL ə du:i:/
/u/ - u gearr	[ɣ]	Mullach an Bhuilidh	/'muLax ə 'vildiŋ/
/ə/ - schwa	[ə]; [a]; [i]	Scoilt na Loinge	/skolt nə liŋ'ə/

Baineadh úsáid as an liosta fóníeimí do na consain mar atá leagtha amach ag Art Hughes sa leabhar *Stair na Gaeilge* (1994, 621) agus mar a léirítear thíos, leis na mionleasuithe seo: s' >ʃ agus j' >j.

b b' p p' d d' t t' g g' k k'
w v' f f' s ʃ ɣ j x x'
m m' n n' ɳ ɳ' l l'
n n' r r' l l'

Tugtar faoi dearai na siombail seo a leanas:

	Siombal	Sampla – foghraíochta	Leagan i litriú na Nua-Ghaeilge
Béim an ghutha	[']	,a:L't' 'wa:jə	Ailt Mháire
Béim thánaisteach	[,]	,tor nə 'ʃk'a:r'd'ə	Tor na Sceairde
Guta fada	[:]	,a:rd nə 'ʃi:og	Ard na Sióg
Díghlórú	[ɳ]	,a:rd nə 'raɳ'i:	Ard na Raithní
Consan Caol	[']	,b'in' ə 'N'e:r'	Binn an Fhéir
s Caol	ʃ	,karik' ə 'haʃk'im'	Carraig an Choiscéim
Srónaíl	ũ	,gub nə 'dũ:	Gob na Dumhcha

Leagan amach

Baintear úsáid as an léarscáil 6" do cheantar Ghabhla (Ordnance Survey Ireland 1906) chun suíomh na logainmneacha a léiriú. Baineann an chéad chuid le hlompainn, oiléán atá díreach ó thuaidh ó Ghabhla. Ina dhiaidh sin tá logainmneacha Ghabhla. Ar dtús tugtar na hainmneacha uile atá scríofa ar an léarscáil i mbÉarla. Ansin tugtar na hainmneacha a bhfuil a suíomh ar eolas. Rinneadh na hainmneacha sin a mharcáil ar an léarscáil le huimhreacha agus tá an uimhir sin taobh leis an ainm sna liostaí. Ina dhiaidh sin uile, tugtar ainmneacha nach bhfuil an suíomh ar eolas. Fuarthas suíomh na n-ainmneacha ó thrí fhoinse: (a) léarscáil a d'ullmhaigh Art Ó Maolfabhl agus é i mbun taifeadta i nGabhla sa bhliain 1970 agus a bhí ar fáil in oifigí an Bhrainse Logainmneacha, (b) an léarscáil a bhí ag dul le *Logainmneacha Oileáin Bheaga Dhún na nGall* (Comharchumann na nOileán Beag 2010) agus (c) léarscáil Dan McGinley de Ghabhla (1993).

Seo a leanas an leagan amach atá ar an iontráil le haghaidh logainm amháin:

Scoilt na Loinge	Ainm Gaeilge	Scoltnalinga	Ainm Béarla
a) Scailp na Loinge		SS 114	
b) Scoilt na Loinge		SS 130	Foinse agus Leathanach
c) ,skolt nə 'Lɪŋ'ə		JMB, PMF	
d) ,skos nə 'Lɪŋ'ə	Foghraíocht	MUF	

'Tá poll breá domhain i Scoilt na Loinge agus leaba ancaire bhreféann ann nuair a bhíonn an ghaoth aduaidh nó anoir. Bhain na Sasanaigh úsáid go leitheadach as nuair a bhí seilbh na tíre acu.' ('ac Fionnlaoich 2011, 114) ————— **Míniú nó eolas breise**

Fuarthas na leaganacha Gaeilge de chuid de na logainmneacha ó www.logainm.ie. Sa chás nach raibh an t-ainm ar fáil, cuireadh leagan ar fáil bunaithe ar an fhianaise atá leagtha amach thíos. Cuireadh leagan Béarla leis na hainmneacha sa chás go raibh sé ar fáil in www.logainm.ie. Is í an taighdeoir seo a chuir na leaganacha foghraíochta le chéile.


Giorrúcháin

Seo a leanas na giorrúcháin a úsáidtear do na foinsí:

CBÉ	-	Cnuasach Bhéaloideas Éireann (CBÉ 1721, 163–164)
ÓRGM	-	<i>Ó Rabharta go Mallmhuir</i> ('Ac Fhionnlaoich 1975)
DMG	-	Léarscáil Dan McGinley de Ghabhla (1993)
UV	-	<i>Ulster Voices</i> (Ní Bhaoill 2010)
SS	-	<i>Sealóga agus Siosmaid</i> ('Ac Fhionnlaoich 2011)
FGT	-	<i>Foghraídheacht Ghaedhilge an Tuaiscirt</i> (Ó Searcaigh 1925)
JMB	-	John Mac Bride
PMF	-	Pádraig 'Ac Fhionnlaoigh
MUF	-	Máirín Uí Fhearraigh
NNGB	-	Nóra Nic Giolla Bhríde

4.2 Logainmneacha lompainne & Ghabhla

Fíor 11: Suíomh logainmneacha thart ar lompainn



Ar an léarscáil

lompainn

- lompuin
- Umpain
- Umphain
- ċos klan' ā MPWİN' ā
- 'umpin'

Umfin Island

- CBÉ
ÓRGM 1; SS 114, 115
DMG
FGT 63
JMB; PMF; MUF

[A]n tuigbheáil atá agamsa ar an chiall atá leis an fhocal i nGaidhilg ná gur “lomp-thoinn” atá ann, sin an tonn ag iompó.’ – MUF

Tor Uí Arragáin

- Tor Uí Fheargáin
- Tor Uí Fharagáin
- Tor na bhFeargáin
- ,tor i: 'arəgan'

Torragaun

- ÓRGM 1
SS 114
SS 129
JMB; PMF; MUF

‘[N]í leasainm ar bith é ar an tor chéanna nó tá sé iontach crochta agus staighrí cloch de fhargán óna bhun go dtí na bharr.’ (‘Ac Fhionnlaoich 2011, 114)

‘Ainmnithe i ndiaidh duine.’ – MUF

An Tor Bán

- a) Tor Bán
- b) Tor Ban
- c) ə ,tor 'ba:n

Torbane

- ÓRGM 1
- DMG
- JMB; PMF

Tor na Sceardán

- a) Tor na Scairde
- b) ,tor nə 'ʃk'a:r'də

Tornascardan

- DMG
- PMF; MUF

Tor na gColpach

- a) Tor na gColpach
- b) Tor na Scolpa
- c) ,tor nə 'goləpax

Tornacolpagh Island

- ÓRGM 1
- DMG
- JMB; PMF

Logainmneacha – uimhrithe

1. An Líonán Mór

- a) ə ,L'i:nan 'mo:r

JMB

2. Creag Bheag Bhéal lompainn

- a) ,k'r'eg 'v'ug ,v'e:l 'umpin'

JMB

3. Leac Thor Uí Arragáin

- a) Leac Thor Uí Earragain
- b) 'L'ak ,hor i: 'arəgan'

DMG

JMB

4. Tóin lompainn

- a) 'to:n' ,umpin'

JMB

5. Poll Chúl lompainn

- a) ,puL xu:l 'umpin'

JMB

6. Poll na Toite

- a) ,puL ñən tɔ:t' JMB; PMF

7. Gob ?

- a) ,gub ñən a:L 'ba:n' JMB
 b) ,gub nə ha:Lə 'ba:n'ə JMB

8. Poll Thaobh lompainn

- a) 'puL hi:v ,umpin' JMB

9. Béal lompainn

- a) 'b'e:l ,umpin' JMB

Logainmneacha eile sa cheantar

Scaird lompainn

- a) Scaird Umphin DMG
 b) 'ʃk'ar'd' ,umpin' PMF; MUF

'[M]á tá Sceaird lompainn le feiceáil ó thír mór tá a fhios agat go bhfuil sé iontach garbh agus gur... nach bhfuil lá ann fá choinne goil 'na farraige. Agus is iomaí lá a mhoitheofá iad, nuair a bhí muidinne inar gcónaí ar an oiléan, bheadh siad i gcónaí ag caint ar "ó tá Sceaird lompainn ag goil suas sa spéir, ní bheidh bád ar bith ag goil amach inniu," agus tá sin fíor.'
 – MUF


Taobh lompainn

- a) [T]aobh Umpain ÓRGM 100
 b) 'ti:v ,umpin' JMB

Creag Thor Uí Arragáin

- a) 'k'r'eg ,hor i: 'arəgan' JMB

Fíor 12: Suíomh logainmneacha i nGabhla thoir thuaidh



Ar an léarscáil

Trá na mBláthán

- a) Tráigh na mBlán
- b) Trá na mBláthán
- c) Trá na mBlathán
- d) Trá na mBlathanna
- e) ,tra:j nə 'mLa:n

Tranamullane

- CBÉ
- ÓRGM 1
- SS 114, 128
- DMG
- JMB; PMF; MUF

'[P]ort agus cuan breá a fuair a ainm ó na héisc bheaga nó gildíní a thug sult, pléisiúr agus caitheamh aimsire do ghasúraí an oiléain ins na laetha a bhí.' ('Ac Fionnlaoich 2011, 114)

Is cosúil gur athmhíniú atá i gceist leis an leagan 'Trá na mBlathanna'.

Gob nDeorann

- a) Gob na ndeorán
- b) Gob na nDeorann
- c) Gob na nDeoran

Gobrinanoran

- CBÉ
- ÓRGM (léarscáil); SS 115, 129
- DMG

- d) ,gub nə n'ɔ:ran JMB; PMF; MUF

[D]eirtear go bhfuair sé a ainm ó na fir bháite nó na deoraithe a tháinig fá thír ansin agus a hadhlacadh ar an ghob sin.' ('Ac Fionnlaoich 2011, 115)

Carraig an Choiscéim

- a) Carraig an Choiscéim SS 115, 129
- b) Carraig a' Choiscéim DMG
- c) ,karik' ə 'haʃk'im' JMB; PMF
- d) ,karig' ə 'haʃk'im' MUF

[A]inm atá fóirsteanach nó má tá lá cnuasaigh le déanamh ag duine caithfidh sé coiscéim fhada a thabhairt go dtí an charraig seo ar a bhfásann cuid mhór creathnaí' ('Ac Fionnlaoich 2011, 115)

Cladach na Croiche

- a) Cladach na Croiche CBÉ; SS 113, 129; DMG
- b) ,kladax nə 'krajə JMB
- c) ,kladax nə 'krax'ə PMF; MUF

[F]uair [sé] a ainm ó Fheidhlimidh Cam Ó Baoill nuair a chroch sé mac Mhaolmuire an Bhata Bhúi Mhic Suibhne ar spíce cloiche atá ansin go dtí an lá atá inniu ann cé gur tharla sin ceithre chéad bliain ó shin.' ('Ac Fionnlaoich 2011, 113)

Féach forsta 'Maolmuire an Bhata Bhuidhe' le hÉnri Ó Muirgheasa, foilsithe i mBéaloideas, Iml. 3, Uimh. 3, Meitheamh 1932 le haghaidh leagan iomlán den scéal seo.

Logainmneacha – uimhrithe

1. Tráigh an Phoill Bhúi

- a) 'tra:j ə ,fol' 'wi: JMB

2. Tóin na hÁithe

- a) ,to:n' nə 'ha: JMB
- b) ,to:n' nə 'ha:jə JMB
- c) ,to:n' nə 'ha:x'ə JMB

'A Lime-kiln. Tóin na hÁithe.' – JMB

3. Cé Thrá na mBláthán

- | | |
|--------------------------|---------|
| a) Cé Thrá na mBláthan | ÓRGM 13 |
| b) Cé Thrá na mBláthán | SS 132 |
| c) 'k'e: ,xra: nə 'mla:n | NNGB |

4. Béal Ghob na nDeorann

- | | |
|--------------------------|-----|
| a) 'b'e:l ub nə ,N'c:ran | JMB |
| b) 'b'e:l ub ə ,N'c:ran | JMB |

5. Chois an Talamh

- | | |
|------------------|-----|
| a) 'xoʃ ə 'talu: | JMB |
|------------------|-----|

Chuala mé an t-ainm seo in úsáid i nGabhla forsta, agus mé ar obair pháirce mí líuil 2011.

6. Port an tSnámha

- | | |
|--------------------|-----|
| a) Port a tSnamha | DMG |
| b) ,port ə 'trā:u | JMB |
| c) ,port ə 'trā:wə | MUF |

‘Ní fhaca mise aon nduine ag snámh ariamh ann.’ – JMB

‘Níl cuimhne agamsa ariamh go dteachaigh duine ar bith againn a shnámh agus níl áit ansin a bheadh iontach fóirsteanach fá choinne snámh i bPort an tSnámha, níl.’ – MUF

7. Béal Charraig an Choiscéim

- | | |
|-------------------------------|-----|
| a) 'b'e:l ,xarig' ə 'haʃk'im' | JMB |
|-------------------------------|-----|

8. Béal Chladach na Croiche

- | | |
|-----------------------------|-----|
| a) 'b'e:l xladax nə ,krax'ə | JMB |
|-----------------------------|-----|

9. An Chroich

- | | |
|-------------|-----|
| a) ə 'xrax' | JMB |
|-------------|-----|

10. Ard na Dumhcha

- | | |
|--------------------|-----|
| a) Ard a' Dumhaigh | DMG |
| b) ,a:rd ə 'dū:i: | MUF |

Logainmneacha eile sa cheantar

Báighe Ghabhla

- a) Báighe Ghabhla DMG
 b) 'ba:jə ,χo:lə MUF

An Building


- a) Building DMG
 b) ə 'bildɪŋ JMB; NNGB

'[C]noc mhór ard ar Chnoc an Choillín'. – JMB

Mullach an Bhuilding

- a) ,muLax ə 'vildɪŋ JMB

Fíor 13: Suíomh logainmneacha i nGabhla thiar thuaidh



Ar an léarscáil

Boilg an Choillín

- | | |
|-------------------------|----------------|
| a) Boilg an Choillín | Bullogaculleen |
| b) Builg a' Chaoilín | SS 129 |
| c) ,bul'ig' ə 'xul'i:n' | DMG |
| | JMB; PMF |

'[B]oilg atá fabhtach agus contúirteach [...] bíonn smug uirthi an lá is ciúine ins an bhliain.'
('Ac Fionnlaoich 2011, 129)

Cnoc an Choillín

- | | |
|----------------------|---------------|
| a) Cnoc a' Choillín | Knockaculleen |
| b) Cnoc an Choillín | ÓRGM 1 |
| c) Cnoc a' Chaoilín | SS 113 |
| d) ,kruk ə 'xul'i:n' | DMG |
| | PMF; MUF |

Scoilt Uí Dhúgáin

- | | |
|-------------------------|------------------|
| a) Scailp Uí Dhuigheáin | Skoltydoogan |
| b) Scailp Uí Dhúgáin | CBÉ |
| c) Scos Uí Dhugáin | ÓRGM (léarscáil) |
| d) ,skolt i: 'u:gan' | DMG |
| e) ,skalp i: 'u:gan' | JMB |
| f) ,ʃk'alp i: 'u:gan' | PMF |
| | MUF; NNGB |

Tor Éamainn Uí Cholla

- | | |
|--------------------------|---------------|
| a) Tor Sheimí Cholla | Toremonacolla |
| b) 'tor e:mn' i: 'xol | DMG |
| c) 'tor 'he:m'i: 'xolə | JMB |
| d) ,tor im'i: 'xolə | JMB |
| e) 'tor ,e:man' i: 'xolə | PMF |
| | MUF |

'Séimí Ó Colla.' – JMB

'[T]á an tor sin giota beag amach ann, caithfidh tú léim a thabhairt.' – JMB

Binn an tSeabhaic

a) Binn an tSeabhaic

b) ,b' in' æ 't'o:k'

'[A]n bhinn is airde agus is crochta ar an oiléán, ach níorbh é an seabhac a chonaic mise ag déanamh a neide inti ach an fiach dubh.' ('Ac Fhionnlaoich 2011, 114)

'[C]aithfidh sé go mba ghnách leo [na seabhaic] neadracha a bheith acu amuigh in san bhinn sin, i gcúil an oiléain agus bheirtear Binn an tSeabhaic ar an bhinn, i ndiaidh an éin.' – MUF

Binatoke

ÓRGM 1; SS 114; DMG

JMB; PMF; MUF

Tor na mBallán

a) Tor na mBallán

b) ,tor Næ 'malan

'lasc atá sa bhallán. Maram gur tugadh sin air mar gheall ar gur... go mbeadh siad ag iascaireacht ballán thart fá dtaobh den tor sin.' – MUF

Tornamullane

ÓRGM 1; SS 114; DMG

PMF

An Mhaoil Mhuiríneach

a) Maol Muirínigh

b) æ ,v'il' 'wur'i:n'i:

c) əN ,v'i:l' 'wur'i:n'ax

Mweelmurrinagh

DMG

PMF

MUF

Is éard atá i gceist le Muiríneach ná 'cineál féar garbh chun díon a dhéanamh' (Ó hAirt 1994), agus is é a úsáideadh i nGabhla leis na díonta a dhéanamh go dtí gur tháinig na díonta sclátaí chun tosaigh (Uí Fhearraigh 2008, 64).

Trá Mhachaire na nGall

a) Traigh Mhachaire na nGall

b) 'tra:j ,wahər Næ 'ŋaL

c) 'tra:j ,wa:r Næ 'ŋaL

Tramagheranagall

DMG

JMB

PMF

'Áit a dtáinig na Gaill i dtír b'fhéidir in aimsir na gCeilteach' ('Ac Fhionnlaoich 2011, 113).

'Ar chúl na trá tá na clocha doirlinge is mó agus is deise ar an bhaile agus ní hé iontas ar bith sin mar níl foscadh ar an tsaol acu ón Fharraige Atlantach, atá á ní leis na mílte bliain. An té a bhfuil dúil ins an iascaireacht aige, tá gliomaigh, crúbóga, deargóga agus go minic murlaisc fairsing anseo.' ('Ac Fhionnlaoich 2011, 129)

Logainmneacha – uimhrithe

1. Scoilt na hUamha

- a) Scos na h-Uamha DMG
b) ,skolt nə 'hū: JMB

2. Tóin Scoilt na hUamha = Tóin an Choillín

- a) ,to:n' skolt nə 'hū: JMB

2. Tóin an Choillín = Tóin Scoilt na hUamha

- a) ,to:n' ə 'xuL'i:n' JMB

3. Gob Dubh DMG

4. Lag Bán

- a) Lag Bán DMG
b) ,Lag 'ba:n MUF

5. An Coillín

- a) An Caoilín DMG
b) ə 'kuL'i:n' MUF

‘Bhail, tá cnoc ann, cnoc mór ann, agus tá lag mhór ann agus sin an rud a dtabhrann siad an Coillín air. Lag mhór talamh, bhí sé curtha in san tseanam.’ – JMB

6. Béal an Choillín

- a) 'b'e:l ə ,xuL'i:n' JMB

7. Éadan an Choillín

- a) Éadan an Chaoilín DMG
b) ,e:dan ə 'xuL'i:n' MUF

8. Na Beanna Gorma

- a) Na Beanna Gorma SS 114; DMG
b) nə ,b'anə 'gorəmə MUF; NNGB

'[F]uair [siad] a n-ainm ó na bláthanna deasa gorma agus leoga coimhthíoch a fhásann as gach scoilt iontu i rith an tSamhraidh.' ('Ac Fionnlaoich 2011, 114)

'Beanna arda atá iontu sin ar an taobh thuaidh den oileán, tá siad. [...][B]heirtear na Beanna Gorma orthu mar gheall ar tráthnóna nuair a bhíonn an ghrian ag goil faoi go mbíonn dath gorm ar na leacacha móra atá suas taobh na mBeanna agus bheireann siad loinnir ghorm ar na clocha, creidim gur mar gheall ar an chineál cloch atá iontu agus sin an tuighe a bhfuil na Beanna Gorma ansin.' – MUF

9. An Coillín Mór

- a) ə ,kul'i:n' 'mo:r JMB

10. An Coillín Beag

- a) An Coillín Beag SS 113
b) ə ,kul'i:n' 'b'og JMB

'[N]í bréag a rá ná go bhfuil sé tamall fada ó fuair sé an t-ainm sin nó is fada ó an lá ó bhí crainn ag fás ansin.' ('Ac Fionnlaoich 2011, 113)

11. Béal Scailp Uí Dhúgáin

- a) 'b'e:l ,skalp i: 'u:gan' JMB; MUF

12. Tóin Chnoc an Chait

- a) 'to:n' ,xruk ə 'xit' JMB

13. Cnoc an Chait

- a) Cnoc a' Chait CBÉ; ÓRGM (léarscáil); DMG
b) Cnoc an Chait SS 113
c) ,kruk ə 'xit' JMB; MUF

'Inar chónaigh cait fhiáine ina chuid beanna cúpla bliain ó shin.' ('Ac Fionnlaoich 2011, 113)

14. Scealp na Bláth Báine

- a) [G]o Scealpaí na Bláthá Báine ÓRGM 21
b) Scailpe na Bláthá Báine ÓRGM 38
c) Scealpaigh na Blath Báine DMG
d) ,ʃk'alp nə bla: 'ba:n'ə MUF

15. Poll Thor Éamainn Uí Cholla

- a) 'puL 'hor eməN' i: 'xɔLə JMB
 b) 'puL ,hor imN' i: 'oLə JMB

16. Cnoc na gCoinín Geannáin DMG**17. Poll an Duilisc**

- a) Poll a Duillisg CBÉ
 b) Poll a Duillisc DMG
 c) ,puL ə 'dil'iʃk' JMB; MUF; NNGB

18. Scoilt an Tairbh

- a) Scailp a' Thairbh CBÉ
 b) Scos an Tairbh DMG
 c) ,skolt ə 'tiriv' JMB
 d) ,skos ən 'ta:jiv' MUF

‘Bhail, caithfidh sé gur rud atá sé [...] gur thit tarbh ann, am inteacht.’ – JMB

19. An Mhaoil Mhuiríneach Mweelmurrinagh

Féach thuas. Ní raibh suíomh na háite seo marcálte san áit cheart ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordánáis dar le John Mac Bride. Cuireadh marc nua leis, chun an suíomh ceart a léiriú.

20. Tóin Bhinn an tSeabhaic

- a) 'to:n' ,v'iN' ə 't'o:k' JMB

21. Binn Chró Hiúdláin

- a) Beann Cró Chiúdaláin CBÉ
 b) Binn Chroich Hudlán DMG
 c) 'b'iN' xɾɔ: ,h'u:dəlan' MUF

‘[B]a ghnách le mintir an oileáin clearca agus eallach agus b’fhéidir lachain agus bardail agus rudaí mar sin a choinneáil agus in sa tsamhradh chuirfí amach na clearca go dtí an cnoc agus bheadh bóitheach beag déanta amuigh sa chnoc amach as leacacha agus túrtógaí agus... fá choinne na gcearc, agus is é an fáth a chuirfí na clearca amach ‘na cnoic mar go mbeadh

préataí agus achan chineál torthaí *or* glasraí curtha thart fá na tithe agus bhí na garrantaí *closáilte* do na tithe agus bhíodh na cearda ag goil isteach in sna garrantaí agus chuirfí amach 'na cnoic iad fá choinne iad a chur amach as cosán go dtí go mbeadh faill na préataí agus na glasraí a bhaint agus thart fá na cnoic ansin bheadh na crónna beaga seo ann, *but* cró cearc a bheadh iontu agus de réir mar a thuigim, níl a fhios agam cé Hiúdalán, déarfainn gur amach as Aodh nó *Hugh* a bheadh sé agus tugadh Hiúdalán agus sin an tuighe a bhí cró ag Hiúdalán ansin ag barr na binne agus sin an tuighe a bhfuil Binn Chró Hiúdaláin air.' – MUF

22. Boilg Thor na mBallán = Tor na mBallán Beag

- a) 'bul'ig' ,hor nə 'małan JMB

22. Tor na mBallán Beag = Boilg Thor na mBallán

- a) Tor na mBallán Beag DMG

23. Poll Thor na mBallán

- a) 'puł ,hor nə 'małan JMB

24. An Gruagán

- a) An Grugán CBÉ
- b) An Grogán ÓRGM 1; SS 113
- c) [l] gcúl an Ghrogáin ÓRGM 78
- d) Gruagán DMG
- e) ə 'ru:gan JMB
- f) ə 'gru:gan MUF

'[F]uair [sé] a ainm ón méid cnocán beag atá ag teacht i ndiaidh a chéile.' ('Ac Fhionnlaoich 2011, 113)

'Tá sé ar cheann de na pointí, creidim, is airde ar an oileán agus [...] thíos faoin Ghruagán atá an caorán agus an portach agus an áit a mbíodh daoine ag baint móndadh agus tá sé ard agus bheireann sé foscadh don áit a rabh an caorán. Tá an caorán thíos eadar an Mhaoil Mhuiríorgh agus an Ghruagán ar an taobh thiar thuaidh, maram, den oileán.' – MUF

25. Béal Thor na mBallán

- a) 'b'e:l ,hor nə 'małan JMB

26. Leac Bhilí Óig DMG

27. Béal Mhachaire na nGall DMG

28. Creag Mhachaire na nGall

- a) Creag Mhachaire na nGall DMG
- b) 'k'r'eg wahər nə 'ŋal JMB
- c) ,k'r'eg wa:rə nə 'ŋal MUF

29. Leac na gCailleach Dubh

- a) 'L'ak nə ,gaL'ax 'du: JMB

‘Na héanacha. Sin na cailleacha dubha.’ – JMB

30. Poll an Ghearráin Ruaidh

- a) Poll an Ghearáin Ruaidh CBÉ
- b) Poll an Ghearán Ruaidhe DMG
- c) 'puL ə ja:ran' 'ru:ai JMB

‘[A]m inteacht tháinig beathach, an gearrán ruaidh, anuas an mhalaidh, tá an mhalaidh mhór ann. Chuaigh sé ar mhullach air féin amach as an pholl. Marbhadh é amuigh sa pholl. Poll an Ghearráin Ruaidh.’ – JMB.

31. Scailp na Réabhóige

- a) Scailp na Rabóige CBÉ
- b) Scos na Reabhoige DMG
- c) ,skos nə 'r'a:wog'ə MUF

‘Éan atá sa réabhóg forsta. Tá réabhóg bheag agus réabhóg mhór ann.’ – MUF

32. Bun Bheart Fheilimí

- a) 'bun ,wart 'el'im'i: JMB

33. Binn Mhachaire na nGall DMG

34. Ard Pháirc an Locha

- a) Ard Pháirc a' Locha DMG

35. Trá Loch Mhachaire na nGall

- a) Tráigh Loch Mhachaire na nGall DMG

36. Lag Chnoc Dóite

- a) Lag Cnoc Dóite DMG
- b) 'Lag ,kruk 'dɔ:t'ə MUF

37. Cnoc Dóite

- a) Cnoc Dóite SS 113; DMG
- b) ,kruk 'dɔ:t'ə MUF

'Cnoc Dóite a bhfuil an chuma sin air.' ('Ac Fhionnlaoich 2011, 113)

38. Béal na Maoile Muiríní


- a) Béal Maol Mhuirinigh DMG
- b) 'b'e:l ən wul' 'wir'i:n'i: MUF

Logainmneacha eile sa cheantar**Poll an Dúigh**

- a) ,puL ə 'du:i: NNGB

'[B]hí tobar galánta ann, fíorusce. Tobar fíorusce a bhí ann. Bheadh achan nduine ag tarraingt as. Bhí uisce galánta ann. Sílim go bhfuil an tobar sin ann go fóill ach ní úsáideann aon nduineanois é.' – NNGB

Fíor 14: Suíomh logainmneacha i nGabhla thiar theas



Ar an léarscáil

Loch Mhachaire na nGall

- a) Loch Mhacaire na nGall
- b) Loch Mhachaire na nGall
- c) ,LOX wahər nə 'ŋal
- d) ,LOX wa:jə nə 'ŋal
- e) ,LOX wa:r nə 'ŋal

Lough Magheranagall

- CBÉ
- DMG
- JMB
- MUF
- MUF

Ba ghnách le muintir an oileáin a gcuid éadaí a ní anseo, nuair a bhíodh an t-uisce gann. Dhéantaí pótín ar thaobh an locha fosta (Uí Fhearraigh 2008, 27).

Scoilt na nGlasán

- a) Scos na nGlassan
- b) ,skolt nə 'ŋlasan
- c) ,skol't' nə 'ŋlasan

Scoltaglassan

- DMG
- JMB; PMF;
- MUF

‘Bíonn muid ag iascaireacht glasán [...]. Ba ghnách leo a bheith ag iascaireacht ón talamh le slat’. – PMF

An Mhaoil Mhór **Mweelmore**

- a) An Mhéisil Mhór CBÉ
- b) An Mhaol Mhór ÓRGM 1
- c) An Maol Mór SS 113
- d) Maoil Mhór DMG
- e) ə ,v'i:l' 'wo:r' JMB
- f) ə ,v'il' 'wo:r' PMF
- g) ,mi:l' 'wo:j MUF

‘[T]á sé maol agus lom.’ (‘Ac Fhionnlaoich 2011, 113)

‘[B]headh caorán ar an Mhaoil Mhóir fostach sílim ar an taobh.’ – MUF

An Tor Buí **Torboy**

- a) Tor Buí DMG
- b) əN ,tor 'bi: JMB
- c) ,tor 'bi: PMF; MUF

An Tor Glas

Torglass Island

- a) An Tor Glas CBÉ; SS 114, 130; UV 160
- b) Tor Glas ÓRGM 1; DMG
- c) ə ,tor 'glas JMB; PMF
- d) ,tor 'glas MUF

‘[Tor] a bhfuil paiste de fhéar ghlas air i rith na bliana.’ (‘Ac Fhionnlaoich 2011, 114)

‘Má amharcann tú amach air tá sé i gcónaí iontach iontach glas agus maram gur sin an tuighe a tugadh an t-ainm air.’ – MUF

Boilg na nDoicheall

Bullogadihil

An Tor Rua

Torroe

- a) An TorRua SS 129
- b) TorRua DMG
- c) ə ,tor 'rua JMB; MUF

An Charaigh

- a) Carraig an Chairéil
- b) An Charraidh
- c) ə 'xari:
- d) əN 'xarig'

Quarry Rock

- www.logainm.ie
- DMG
- JMB; PMF
- MUF

'An Charaigh. Sin, agus an bhfuil a fhios agat, dá mbeadh an fharraige, mar a déarfá, gan beo a bheith inti [...], nuair a bhogfadh sí ar chor ar bith, mar a déarfá, d'inseochadh sin é. Bheadh tonn ag briseadh uirthi sin i dtólamh.' – PMF

D'fhéadfadh gur 'Caraigh[:] A weir; uisce na carach' (Mac Murchaidh, gan dáta) atá i gceist leis an ainm seo. Tá Béal na Caracha taobh leis chomh maith. Tá sin cosúil leis an sampla 'uisce na carach' thusas. Is cosúil gur athmhíniú atá i gceist le əN xarig'/an Charaigh.

Scoilt na Loinge

- a) Scailp na Loinge
- b) Scoilt na Loinge
- c) Scos na Loinge
- d) ,skolt nə 'Lɪŋ'ə
- e) ,skos nə 'Lɪŋ'ə

Scoltnalinga

- SS 114
- SS 130
- DMG
- JMB; PMF
- MUF

'Tá poll breá domhain i Scoilt na Loinge agus leaba ancaire bhreá ann nuair a bhíonn an ghaoth aduaidh nó anoir. Bhain na Sasanaigh úsáid go leitheadach as nuair a bhí seilbh na tíre acu.' ('Ac Fhionnlaoich 2011, 114)

'Tá áit mhór, poll mór isteach ansin [...], beanna móra arda taobh astoigh dó. Agus ba ghnách le na soithigh seoltóireachta ó seo, tá poll mór domhain ann, ba ghnách leofa baint foscaidh. Sin an t-am a bhí na *tyrants* ag goil thart fad ó shoin. Fada an lá, ba ghnách leo baint faofa ansin [...]. Aigh. Tá [...] poll mór astoigh ann agus é ard, agus luighfeá dhá lá ann agus ní thabharfaí fá dear tú' – PMF

Port an Chrainn

- a) Port a' Chruinn
- b) Port an Chruinn
- c) Port a Chrainn
- d) ,port ə 'xriN'

Portacrin

- CBÉ; ÓRGM 13
- SS 114, 128, 130, 131
- DMG
- JMB; PMF; MUF; NNGB

Boilg Phort an Chrainn	Bullogportacrin
a) Builg Phort a Chrainn	DMG
b) 'bul'ig' ,fort ə 'xriN'	JMB; PMF; MUF

Logainmneacha – uimhrithe

1. Machaire na nGall

a) Macaire na nGall	CBÉ
b) Machaire na nGall	ÓRGM 1; SS 112, 129
c) ,maxər' nə 'ŋaL	JMB

Cuirtear síos ar Mhachaire na nGall mar ‘léana cothrom idir an loch agus an trá’ (‘Ac Fhionnlaoich 1975, 161).

‘Tá Machaire na nGall thiar i gcúl an oiléain agus tá tráigh bheag, tá tráigh bheag dheas ansin, agus amach uaithi tá talamh, tá píosa deas de thalamh cothrom, maram go dtiocfadh leat machaire a thabhairt air, cé nach bhfuil sé iontach mór. Loch Mhachaire na nGall atá ar an loch forsta, níl sí i bhfad ón tráigh agus níl a fhios agam cad tuighe a bhfuil sin air ach creidim dá mbeadh daoine, strainséirí, ag teacht ‘an oiléain, nó dá dtiocfadh daoine ó áit inteacht eile a bhí... nach rabh feiciste ag teacht gur sin an áit a dtiocfadh siad. Rud eile dó, ba ghnách le, am an chogaidh agus am... bheadh bádaí, bheadh cuid mhór bádaí amuigh i gcúl an oiléain ag goil ó áit go háit agus bheadh fomhuireáin agus achan cineál bádaí amuigh ann agus in am an chogaidh tháinig cuid mhór strainséirí isteach fá thír, daoine a maraíodh agus a thit ó bhádaí agus mairnéalaigh agus achan cineál daoine, tháinig cuid mhór acu isteach ar chúl an oiléain agus maram go dtáinig cuid mhór acu isteach ansin thart fá Mhachaire na nGall agus creidim go bhfuil siad... gur Machaire an Strainséara nó Machaire na nGall ná gur sin an fáth a bhfuil an t-ainm sin air.’ – MUF

2. Scoilt na Feannóige

a) Scos na Feannóige	DMG
b) ,skolt nə 'fanog'ə	JMB
c) ,skos nə 'fanog'ə	MUF

3. Ard Scoilt na nGlasán

a) Ard Scoilt na nGlassan	DMG
---------------------------	-----

4. Ard na Raithní

- a) Aird na Raithnígh DMG
b) ,a:rd nə 'raŋ'i: MUF

5. Scoilt na Raithní

- a) ,skolt nə 'raŋ'i: JMB

6. Ailt na bhFaoileog

- a) Ailt na Fhaoileóg DMG
b) ,a:L't' nə 'wi:L'og MUF

7. Tor an Dualtaigh = Tor na bhFaoileog

- a) Tor a Dualtí DMG
b) ,tor ə 'dualti: JMB; MUF

‘Dualta, ainm duine agus bhí daoine den dream sin ar an oileán, na Dualtaigh.’ – MUF

7. Tor na bhFaoileog = Tor an Dualtaigh

- a) ,tor nə 'wi:l'og JMB

8. Béal Thor an Dualtaigh = Béal Thor na bhFaoileog

- a) 'b'e:l ,hor ə 'dualti: JMB

8. Béal Thor na bhFaoileog = Béal Thor an Dualtaigh

- a) 'b'e:l ,hor nə 'wi:l'og JMB

9. An Tor Scrábach

- a) Tor Scrabach DMG
b) ə ,tor 'skra:bax JMB
c) ,tor 'skra:bax MUF

‘Mar gheall ar go bhfuil sé garbh. Scrábach: sin focal eile a bheadh againne ar ‘garbh’.’
– MUF

10. Na Doichill

- | | |
|------------------|------------------------------|
| a) Na Doichill | ÓRGM 66; UV 160; SS 114, 130 |
| b) Na Doichilt | DMG |
| c) nə 'dox'əL't' | JMB |
| d) nə 'dox'iL't' | MUF |

'[B]oilgeacha atá doicheallach agus contúirteach.' ('Ac Fhionnlaoich 2011, 114)

'Sin 'bí ar d'fhaichilt'. 'Be careful'. [...] Na Doichilt, *do you see?* Tá siadsan i dtólamh... Tá sé i dtólamh contúirteach. Tá, contúirteach. Caithfidh tú i dtólamh, a bheith ar d'fhaichilt.' – JMB
'[Á]it a bhí ann a bhí iontach contúirteach agus go rabh cuid mhór creagacha ann, cuid acu nach rabh le feiceáil i gcónaí, cuid acu faoin uisce, cuid acu os cionn an uisce [...] agus rud a deir na hiascairí gur chóir d'achan nduine eagla a bheith orthu ghoil isteach de chóir na creagacha sin agus doicheall a bheith orthu roimhe na creagacha agus bheirtear na Doichillt orthu.' – MUF

Aistrítear 'na Doichill' in *Ulster Voices* mar 'The Dangerous Place' (Ní Bhaoill 2010, 161).

11. Béal an Toir Scrábaigh

- | | |
|----------------------------|-----|
| a) 'b'e:l ə ,tor' 'skrabi: | JMB |
|----------------------------|-----|

12. Béal na Caracha

- | | |
|----------------------|-----|
| a) 'b'e:l nə 'karaxə | JMB |
|----------------------|-----|

13. Ailt Phaidí

- | | |
|-------------------|-----|
| a) Ailt Pháidí | DMG |
| b) ,a:L't' 'fadi: | MUF |

14. Taobh na Maoile Móire

DMG

15. Scealpaigh an Chró-larainn

- | | |
|----------------------------|-----|
| a) Scealpaigh an Criotháin | DMG |
| b) ,ʃk'alpi: ə 'xrairan' | JMB |

'[A]n bhfuil a fhios agat fá choinne baint cloch [...]. Sin an *crowbar*.' – JMB

16. Ailt Mháire

- | | |
|-------------------|-----|
| a) Ailt Mháire | DMG |
| b) ,a:L't' 'wa:jə | MUF |

17. Ailt Luí Chonnaill

DMG

18. Binn Scos na nGág

- | | |
|--------------------------|-----|
| a) Binn Scos na nGág | DMG |
| b) 'b'iN' ,skos nə 'ŋa:g | MUF |

19. Poll an Mhadaidh Uisce

- | | |
|---------------------------|-----|
| a) Poll a' Mhadaigh Uisce | DMG |
| b) 'puL ə wadi: 'iʃk'ə | MUF |

'Madaidh uisce a bhí breá fairsing flúirseach i nGabhla ariamh.' – MUF

20. Scoilt na nGág

- | | |
|----------------------|-------|
| a) ,skolt nə 'ŋa:g | JMB |
| '[G]ág in do chois.' | – JMB |

21. Líonán Scos na nGág

DMG

22. Gob Scos na nGág

DMG

23. Casán Buí

DMG

24. Binn an Fhéir

- | | |
|---------------------|-----|
| a) Beinn an Fhéir | CBÉ |
| b) Binn an Fhéir | DMG |
| c) ,b'iN' ə 'N'e:r' | JMB |
| d) ,b'iN' ə 'N'e:j | MUF |

25. Staighre na bhFaoileog

- a) *,ste:r'ə nə 'wi:L'og* JMB

'Tá creag ag seasamh amuigh ansin mar a déarfá, ag seasamh ansin, agus is cineál de staighre atá ann dar linne... Staighre na bhFaoileog.' – JMB

26. Scoilt na Loinge**Scoltnalinga**

Féach thusa. Suíomh na scoilte féin atá i gceist leis seo, nach ionann agus an áit a bhfuil sé scríofa ar an léarscáil.

27. Súil an Droichid

- a) *Súl a' Drichid* DMG

28. Poll Scoilt na Loinge

- a) *'puL ,skolt nə 'Liŋ'ə* JMB

29. Béal Thobar Nellie

- a) *'b'e:l ,hubər 'neli:* JMB

'Tá an tobar is deise, an t-uisce is deise ar tháinig tú riamh air, agus tá sé ann, tá sé ann le mo linnse.' – JMB

30. Scos na gColpach

- a) *Scos na gColpa* DMG
 b) *,skos nə 'goləpax* MUF

31. Gob an Chlochair Mhóir = Gob an Bharta Ard

- a) *'gub ə ,xlohar' 'wo:r'* JMB

31. Gob an Bharta Ard = Gob an Chlochair Mhóir

- a) *Gob an Bharta Ard* DMG

32. An Fhiacail

- a) *An Fhiacal* DMG
 b) *əN 'iakəl'* MUF

‘Is é an rud atá san fhiacail, creag atá ann agus tá sé ag sá aníos amach as an fharraige agus le amharc air tá sé cosúil le fiacail amháin ina seasamh léi féin.’ – MUF

33. An Clochar Mór

- | | |
|--------------------|-----|
| a) Clochar Mór | DMG |
| b) ə ,klohar 'mo:r | JMB |

34. Tobar Nellie DMG

35. Tobar Fanny DMG

36. Ard na mBánseog

- | | |
|-----------------------|-----------|
| a) Ard na Mainseog | DMG |
| b) ,a:rd nə 'ma:n'ʃog | MUF; NNGB |

‘Is é an míniú a tugadh dúinn i gcónaí ar Ard na mBánseog nuair a bhí muid beag, an chéad rud tá sé ard, níos airde ná cuid eile den talamh ar an oiléan agus ansin, an bánseog, is é an rud atá i gceist le bánseog ná bláth beag geal bán agus... ón teach ar an ard síos go dtí an bealach, síos go dtí an bealach mór tá cuibhreann ann, agus ba ghnách le préataí a bheith curtha ann i gcónaí agus, nuair a thiocfadh an bláth bán ar na préataí, bheadh an cuibhreann uilig geal, suas taobh an aird agus sin an tuighe a bhfuil Ard na mBánseog, *the height of the white flower, or the little white flower* an rud atá i gceist le Ard na mBánseog.’ – MUF

I bhFoclóir Néill Uí Dhónaill (1977), tugtar ‘patch of potatoes in bloom’ mar mhíniú ar an bhánseog.

37. An Ceann Beag

- | | |
|----------------|-----|
| a) Ceann Beag | DMG |
| b) ,k'uŋ 'b'og | MUF |

‘Má théann tú thuas ar Ard na mBánseog agus má théann tú suas go barr Ard na mBánseog agus [...] síos ar an taobh eile dó, ag tarraigtear Loch Mhachaire na nGall tá páirc bheag ansin a bhfuil cláí cloiche thart air agus sin an Ceann Beag, agus ní thuigim cad tuighe a bhfuil an Ceann Beag air ach an t-aon rud a bheinn ag smaointíú air ná tá sé ag ceann an locha, tá sé faoi Ard na mBánseog agus ag ceann na locha, agus páirc bheag atá ann agus b'fhéidir gur sin an tuighe a bhfuil an Ceann Beag air.’ – MUF

38. Ard na Sióg

- a) ,a:rd nə 'ʃi:og MUF

‘Bhí cuid mhór scéaltaí, creidim go rabh siad in achan áit roimhe seo, fá siógaí agus go bhfeicfí siógaí agus go bhfeicfí leipreacháin agus go bhfeicfí fir bheaga agus tá a fhios agat an cineál sin rud, ach bheifí i gcónaí ag ráit gur Ard na Sióg, gur sin an áit... go rabh na siógaí le feiceáil ar an ard sin, os cionn na locha.’ – MUF

39. Ard Ghráinne Móire

DMG

40. Páirc Mhicí Bán

DMG

41. Cúl Ard na Sióg

- a) Cúl Ard na Seóg DMG

42. Éadan na Maoile Móire

- a) Éadan na Maoile Móire DMG
b) 'e:dan nə mi:l'ə 'mo:jə MUF

Logainmneacha eile sa cheantar**Tóin an Toir Bhúí**

- a) 'to:n' ə tor' 'wi: JMB

Lag na nDoicheall

- a) ,Lag nə 'NOX'əL PMF

Tóin na Maoile Móire

- a) Tóin na Maoile Móire DMG
b) ,to:n' nə mi:l'ə 'mo:r'ə JMB

Páirc na hEornan

ÓRGM 58

‘Tá páirc amuigh in aice na loch agus níor tugadh d’ainm riaghairt uirthi ach páirc na heornan.’
Tugtar le fios in *Ó Rabharta go Mallmhuir* (1975) gur dócha go mbítí ag fás na heornan san áit sin faoi choinne poitín a dhéanamh.


Staca Dhroim Ghéarráin

a) 'staka 'χrim' 'ja:ran'

PMF

'Creag iontach ard atá inti. Agus níl sí mór ach tá sí iontach ard, agus an bhfuil a fhios agat, creag iontach shásta a bhí ann. Anois, dá mbeifeá amuigh ar an tsuaitheadh ag iascaireacht potaí agus rudaí mar sin, tchífeá iad go minic, fá choinne na marcanna a ghlacadh ar an talamh, an bhfuil a fhios agat, cá háit ar chuir siad a gcuid potaí, fá choinne nuair a rachfá arís, an bhfuil a fhios agat. Go dtí go rachfá go dtí an áit.' – PMF

Fíor 15: Suíomh logainmneacha i nGabhla thoir theas



Ar an léarscáil

An Líonán Caol

a) Líonan Coyle

Leenancoyle

DMG

An Slodán Mór

a) Slodán Mor

Slodanmore

DMG

b) ə ,slodan 'mo:r

JMB; PMF

c) əN ,sludan 'mo:r

MUF

Líonán na nGlasán

- a) Líonan na nGlassan
- b) Líonán na nGlasán
- c) ,L'i:nan nə 'ŋlasan

Leenannaglassan

- DMG
- SS 131
- JMB; PMF

‘[Á]it a bhfuil deargóga fairsing nuair a bhíonn sé lagtrá.’ (‘Ac Fhionnlaoich 2011, 131)

Port an Churaigh

- a) Port a' Churraigh
- b) Port an Churraigh
- c) Port a Churrach
- d) ,port ə 'xori:

Portacurry

- CBÉ; ÓRGM (léarscáil)
- SS 112
- DMG
- JMB; PMF; MUF

‘Sin an áit a bhfágfadh siad as Gabhla fad ó shoin. Sin fada an lá ó shoin,ní rabh acu ach na curaigh san am.’ – PMF

Gob na Dumhcha

- a) Gob bun na dTuatha
- b) Gob na Dumhcha
- c) ,gub nə 'dū:
- d) ,gub nə 'dū:ha

Portnadoogha

- CBÉ
- SS 132; DMG
- JMB; PMF
- PMF; MUF

‘Sraith de charraigeacha atá contúirteach.’ (‘Ac Fhionnlaoich 2011, 132)

Carraig na Béicfí, Creag na Béicfí

- a) Creag na Béicfí
- b) Creag na Beicigh
- c) ,karik' nə 'b'e:k'i:
- d) ,k'r'eg nə 'b'e:k'i:

Carrickabeaky

- ÓRGM 2; SS 131, 132
- DMG
- JMB; PMF
- MUF

‘Creag na Béicfí’ an leagan atá in www.logainm.ie.

‘Tá an chreig seo ris beagnach ar fad, í de shíor ag búithrigh agus ina marc maith ag an duine atá ag déanamh turais idir Gabhla agus an thír móir.’ (‘Ac Fhionnlaoich 2011, 132)

‘[D]e réir mar a thuigim is é an fáth a tugadh Creag na Béicfí air ná gur creag í atá furasta go leor a fheiceáil ach do dhaoine nach bhfuil eolach ar an fharraige is iomaí uair a rachadh daoine suas ar an chreag sin le curach ná bád ná cibé a bhí leo agus gur ba ghnách leo, dá rachadh bád nó curach ar an chreag go mbeadh siad ag béicfí ag iarraidh ar dhuine inteacht

iad a shábháil agus ansin gur sin an fáth a tugadh Creag na Béicfí uirthi agus ansin tugadh Tráigh na Béicfí ar an tráigh amach díreach os a gcoinne mar, maram gur sin an áit a dtabharfaí daoine i dtír i ndiaidh a bheith thuas ag Creag na Béicfí.' – MUF

Trá na Béicfí

- | | |
|------------------------|------------------|
| a) Tráigh na Béice | CBÉ |
| b) Trá na Béicfí | ÓRGM (léarscáil) |
| c) Traigh na Beicigh | DMG |
| d) ,tra:j nə 'b'e:k'i: | JMB; PMF; MUF |

Féach Creag na Béicfí thuas.

An Poll Buí

- | | |
|-------------------|-----------------------|
| a) An Poll Buidhe | CBÉ |
| b) Poll Buí | ÓRGM (léarscáil); DMG |
| c) ,puL 'bi: | JMB; PMF; MUF |

Logainmneacha – uimhrithe

1. Faoin Áithe

- | | |
|------------------|-----|
| a) Faoin Áiche | DMG |
| b) ,fi:n' 'a:x'ə | MUF |

2. Leac na mBallán

- | | |
|--------------------|----------|
| a) Leac na mBallán | DMG |
| b) ,l'ak nə 'maLan | JMB; MUF |

'Ba ghnách leo a bheith ag iascaireacht sa tseanam le slat.' – JMB

3. An Sceilp

- | | |
|----------------|-------------|
| a) An Sceilp | CBÉ; SS 131 |
| b) Sceilp | DMG |
| c) ə 'ʃk'el'p' | JMB |
| d) ən 'ʃk'alp | MUF |

'[Á]it a cheapann cuid mhór éadálacha, bearna bhref ag a bhéal le sin a dhéanamh agus cladach garbh istigh le hiad a choinneáil.' ('Ac Phionnlaoich 2011, 131)

4. An Sceilp Mhóir

- a) əʃk'el'p' 'wo:r' JMB

5. An Sceilp Chaoil

- a) əʃk'el'p' 'xi:l' JMB

6. Ard na Bualadh

- a) Árd na Bualadh CBÉ
 b) Ard na Bualadh SS 131; DMG
 c) ,a:rd nə 'bualu: MUF

'[Á]it a raibh reilig lá den tsaol do naíonáin nach bhfuair baisteadh.' ('Ac Fhionnlaoich 2011, 131)

7. An Chreag Mhór

- a) Creag Mhór DMG
 b) ə,x'r'eg 'wo:r JMB

8. An Slodán Caol

- a) ə,słodan 'ki:l JMB

9. An Clochar

- a) An Clochar ÓRGM (léarscáil); DMG
 b) ə 'klohar MUF

'[C]reidim go bhfuil sé ainmnithe mar gheall ar go bhfuil cuid mhór clocha, clocha beaga ciorclach creidim atá a oiread nite amach is isteach ag an fharraige go bhfuil siad uilig deas mín ciorclach.' – MUF

10. Faoin Bhinn

- a) Faoin Bhinn CBÉ
 b) 'fi:n' 'v'in' JMB

'[T]á binn ansin, agus cladach uilig go léir atá ann, clocha maithe móra, a dtabhrann siad Faoin Bhinn air. Tá sin ag goil soir go dtí Port an Churaigh ansin.' – JMB

11. Ruball na Binne

- | | |
|----------------------|-----|
| a) Ruball na Binne | DMG |
| b) ,rubal nə 'b'iŋ'ə | MUF |

12. Trá Phort an Churaigh

- | | |
|-------------------------|-----|
| a) 'tra:j fort ə ,xori: | JMB |
|-------------------------|-----|

13. Trá Bheag Ghob na Dumhcha

- | | |
|-----------------------------|-----|
| a) ,tra:j 'v'og ,gub ə 'dū: | JMB |
|-----------------------------|-----|

14. An Dumhaigh**Sandhills**

- | | |
|---------------|------------------|
| a) An Dumhach | ÓRGM (léarscáil) |
| b) Dumhaigh | DMG |
| c) ən 'dū:i: | MUF |

‘Tá píosa talamh ag gobadh amach in san fharraige agus níl sé iontach leathan, an Dumhaigh, a bheirtí air. Áit ghainmheach atá ann, talamh iontach gainmheach agus ar an dá thaobh dó tá dhá thráigh.’ – MUF

15. Creag Thrá na Béicfí

- | | |
|-------------------------------|-----|
| a) ,k'r'eg xra:i nə 'b'e:k'i: | JMB |
| b) ,k'r'eg rə:i nə 'b'e:k'i: | JMB |

16. Creag Ailíse = Creag na Trá Bige

- | | |
|--------------------|-----|
| a) Creag Ailíse | DMG |
| b) ,k'r'eg 'al'iʃə | MUF |

16. Creag na Trá Bige = Creag Ailíse

- | | |
|----------------------------|-----|
| a) ,k'r'eg nə tra: 'b'ig'ə | JMB |
|----------------------------|-----|

17. Poll na hEorna

- | | |
|--------------------|----------|
| a) Poll a h-Eórna | CBÉ |
| b) Poll na h-Eorna | DMG |
| c) ,puL nə 'hɔ:rna | JMB; MUF |

18. An Pháirc Bhoig

- | | |
|---------------------|-----|
| a) Phairc Bhug | DMG |
| b) ə ,fa:r'k' 'wig' | MUF |

19. Binn Pholl na hEorna

- | | |
|--------------------------|-----|
| a) Binn Pholl na h-Eorna | DMG |
| b) ,b'in' ful nə 'hc:rñə | MUF |

20. Ard na Druideoige

- | | |
|-------------------------|-----|
| a) ,a:rd nə 'dri:d'og'ə | MUF |
|-------------------------|-----|

21. Tóin Pholl na hEorna

- | | |
|--------------------------|-----|
| a) ,to:n' ful nə 'hc:rñə | JMB |
|--------------------------|-----|

22. Poll Charlie Shiúbháin

- | | |
|---------------------------|-----|
| a) Poll Charlie Shiumhain | DMG |
|---------------------------|-----|

23. An Sceilp Chaoil

- | | |
|-----------------------|-----|
| a) ə ,ʃk'el'p' 'xi:l' | JMB |
|-----------------------|-----|

24. An Bhinn Bhuí

- | | |
|----------------|-----|
| a) ,v'iN' 'wi: | MUF |
|----------------|-----|

25. Mullach an Aird

- | | |
|----------------------|-----------|
| a) Mullach an Áird | CBÉ |
| b) ,muLax ən 'a:r'd' | MUF; NNGB |

'Ar Mhullach an Aird tá cupla teach thart, cóngarach dá chéile, agus tá leac ansin an áit a mba ghnách le, creidim, fir an bhaile níos mó na mná an bhaile, theacht le chéile, an bhfuil a fhios agat, sa tráthnóna agus bheadh comhrá acu fá, *ya know*, iascaireacht agus aimsir agus cibé caidé a bheadh ag tarlú agus is iomaí tráthnóna a bheadh daoine, fir go háirithe, ag seasamh fá Mhullach an Aird ag comhrá.' – MUF

26. An tArd

- | | |
|-------------|--------|
| a) An tArd | SS 114 |
| b) An t-Ard | DMG |

Luaite mar bhaile fearainn in *Sealóga agus Siosmaid* le Seán 'Ac Fhionnlaoich. (2011, 114)

27. Ard Cheandoige

- | | |
|---------------------|--------|
| a) Ard Cheandoige | SS 114 |
| b) Ard Cheann Daige | DMG |

Luaite mar bhaile fearainn in *Sealóga agus Siosmaid* le Seán 'Ac Fhionnlaoich. (2011, 114)

28. An Lagrán

- | | |
|---------------|--------|
| a) An Lagrán | SS 114 |
| b) əN 'Laxran | MUF |

'[L]éana de thalamh íseal a bhíos deacair a shileadh.' ('Ac Fhionnlaoich 2011, 114)

29. Ceathrú na Binne

- | | |
|-----------------------|---------------------|
| a) Ceathrú na Binne | ÓRGM 1; SS 114, 131 |
| b) ,k'aru: nə 'b'in'ə | MUF; NNGB |

'Tá Ceathrú na Binne thíos ag taobh Phort an Chrainn, b'fhéidir, thart fá Faoin Áithe agus an scoil agus thart fá Phort an Chrainn. Tá Ard na Bualadh agus an Sceilp agus áiteanna mar sin.' – MUF

30. Ard Breac

- | | |
|------------------|-----|
| a) Ard Breac | DMG |
| b) ,a:rd 'b'r'ak | MUF |

31. Ard na gCaorach

- | | |
|---------------------|---------|
| a) Ard na gCaorach | ÓRGM 13 |
| b) Ard na nGaorach | DMG |
| c) ,a:rd nə 'ge:rax | MUF |

32. An Poll Salach

- | | |
|----------------------|--------------------------|
| a) [Ó]n Pholl Salach | ÓRGM 1 |
| b) An Poll Salach | ÓRGM (léarscáil); SS 114 |

c) ,puL 'salax

MUF

Luaitear seo mar bhaile fearainn in *Sealóga agus Siosmaid* le Seán 'Ac Fhionnlaoich (2011, 114).

33. Cúltrá

a) **Chúl Traigh**

DMG

Logainmneacha eile sa cheantar

An Garraí Mór

ÓRGM 12

'[G]arraí atá os cionn na scoile agus a bhí ina áit chruinnithe ag na páistí ar a mbealach chun na scoile.' ('Ac Fhionnlaoich 1975, 12)

An Brollach

SS 113

'Ar an taobh íseal den oileán.' ('Ac Fhionnlaoich 2011, 113)

Creag Thóin Pholl na hEorna

a) ,k'r'eg 'to:n' ,fuL nə 'hɔ:rnə

JMB

Ainmneacha Farraige

An Bhoilg Bhuí

Bullogboy

a) An Bhoilg Bhuí

SS 114, 130

b) ə ,wul'ig' 'wi:

JMB; PMF

'[C]eann atá ag briseadh agus ag búirigh olc nó maith an lá.' ('Ac Fhionnlaoich 2011, 114)

Boilg Chonaill

Bullogconnell

a) Boilg Chonaill

ÓRGM 103; SS 114

b) ,bul'ig' 'kuniL'

PMF

An Rinneogaigh

Rinnogy

a) faoin Rinneogach

ÓRGM 100

b) An Roinneogach

SS 114

c) ə 'rin'ogi:

PMF

'Ar an taobh thoir de Umpain [...] boilg chaol fhada atá ris go dtí go mbíonn sé leath barrláin.' ('Ac Fhionnlaoich 2011, 114)

Boilg Chathail

- | | |
|----------------------|-----------------|
| a) Boilg Chathail | ÓRGM 27; SS 114 |
| b) ,bul'ig' 'ka:həl' | PMF |

‘Boilg Chathail i gcúl Ghabhla.’(‘Ac Fhionnlaoich 1975, 27)

An Bhoilg Fhada

- | | |
|--------------------|-----|
| a) ə ,wul'ig' 'adə | JMB |
|--------------------|-----|

Carraig Mháirtín Bheag**Carrickmartin Beg**

- | | |
|-------------------------------|----------|
| a) 'karik' 'ma:r't'i:n' 'b'og | JMB; PMF |
|-------------------------------|----------|

Carraig Mháirtín Mhór**Carrickmartin More**

- | | |
|-------------------------------|-----|
| a) 'karik' 'ma:r't'i:n' 'mo:r | PMF |
|-------------------------------|-----|

Líonán Rua**Leenanroe**

- | | |
|------------------|----------|
| a) ,l'i:nan 'rúa | JMB; PMF |
|------------------|----------|

Na Mic Ó gCorra**Stag Rocks**

- | | |
|----------------------|----------|
| a) Na Micí Gora | ÓRGM 2 |
| b) Nə ,m'ik'i: 'gorə | JMB; PMF |

Féach an tagairt seo a leanas ó ‘An Diabhal i Seanchas Thír Chonaill’(Ó hEochaídhe and Ó Laoire 1989, 37):

‘Bhí triúr deartháireacha orthu seo a dhíbir Colm Cille san am sin a dtugadh siad na Mic Ó gCorra orthu agus rinne sé trí chreag daofasan agus tá siad le feiceáil ansin ina seasamh go dtí an lá inniu. Deirtear go raibh oiread feirge orthusan le Colm Cille agus go dtógann siad a gcuid seoltaí uair achan bhliain le pilleadh ar Thoraigh le muintir Cholm Cille a bhrúth agus a dhódh ach comh luath agus a tithear iad, caithfidh siad a gcuid seoltaí a íslíu arís agus tá siad ansin ó am Cholm Cille. Tá muid uilig ag dréim nach bhfaghann siad bogadh choíche nó dá mbaineadh siad Toraigh amach bhéarfadh siad drochbhail air agus ar a bhfuil fágtha ann.’

Oileán Bó**Bo Island**

- | | |
|----------------|-----|
| a) ,il'an 'bɔ: | PMF |
|----------------|-----|

Béal Oileán Bó

- a) ,b'e:l il'an 'bo: MUF

Oileán Eala**Allagh Island**

- a) Oileán Eala CBÉ; ÓRGM 1
 b) ,il'an 'alə JMB; PMF; MUF

‘Oileán Eala. Oileán beag atá ann, sin Oileán Eala. Áit fá choinne caora déag ar feadh coicíse. Áit a thógfás tá caora déag ar feidh deich lá.’ – PMF

Oileán Ghabha**Go Island**

- a) Oileán O (Ghabha) CBÉ
 b) Oileán Ó ÓRGM 1; SS 130
 c) ,il'an 'yo: JMB; PMF
 d) ,il'an 'o: MUF

‘In sa chaint deireann muid Oileán Ó. Shílfeá gur 'Ó' a bhíonn i gceist [...] ní rabh cónaí go bhfios domhsa cibé ar Oileán Ó in am ar bith ach d'úsáidfí an t-oileán fá choinne, cosúil le, eallach a chur anon...’ – MUF

Na Tomógaí

- a) nə 'tumogi: PMF

‘Tá rainse ó rainse fada faofa, na Tomógaí, isteach ag tarraigts ar lompainn.’ – PMF

Ainmneacha Eile**Tón an Mháirt Árd**

CBÉ

Carraig an Aifrinn

ÓRGM 173

4.3 Ábhar tras-scríofa – John Mac Bride

Is tras-scríbhinn í seo d'agallamh le John Mac Bride agus é faoi agallamh ag Art Ó Maolfabhlai a bhí ag obair leis an Bhainse Logainmneacha ag an am sin, sa bhliain 1970. Seasann JMB agus AÓM do na daoine céanna. Spól 250 atá i gceist leis seo. Maireann an traic ar thaobh A den spól 48 nóiméad 6 soicind agus maireann an traic ar thaobh B 12 nóiméad 37 soicind. Tá an bunábhar fuaimé ar fáil ag traic 1 agus 2 d'Aguisín 2, is é sin, an dlúthdhiosca atá ag gabháil leis an tráchtas seo.

Iontráil chatalóige

250a1: John Mac Bride. A rugadh is a tógadh ar Ghola DG 32, 60–70 bl d'aois 1970, é ina chonaí ar Bhóthar na Trá i mbf Magheraclogher ar an mBun Beag. Gaeilge ó dhúchas aige.

An tras-scríbhinn: 250a1

AÓM: Téip 250 uaithne. Téip 250 uaithne. Caint, samhradh 1970 le Seán Mac Bride a rugadh is a tógadh ar Oileán Ghabhla, ar chósta Dhún na nGall, léarscáil 32. Timpeall 80 bliain d'aois a bhí sé. Iascaire. Tá sé anois ina chónaí ar an tir mór, i Machaire Clochair, ar an mBun Beag. B'fhéidir nach bhfuil aige ach an seachtó, ní cuimhin liom i gceart...

[paiste bán 00:43 – 01.25]

JMB: An bhfuil *pen* eile agat? An *pen* sin eile agat, ab é? Taiseánpaidh mise duit an áit a bhfuil tú ag goil fá choinne... An bhfuil ceann eile agat?

AÓM: Is ea. *No*, níl.

JMB: Fan is gheobhaidh mé é. *Go on*. Seo [...]. Fan go [...] an cláigean ort.

AÓM: Tá sé fiosrach. Fiosrach atá sé [...]. An dtosóidh tú ansin?

JMB: An t-ainm amháin. Sin an ché. Sin an *pier*, sin an *pier*. Sin Gob na nDeorann.

AÓM: An ché a bheir sibhse air i nGaedhilg, an é? An ché?

JMB: Cé, cé.

AÓM: An ché, sin an *pier* sin.

JMB: An *pier*. Cé. Sin Gob na nDeorann.

AÓM: An ea? Gob na nDeorann?

JMB: Gob na nDeorann, é sin.

AÓM: Céard is deorann ann?

JMB: Gob na nDeorann. Tá sin thíos, taobh thíos, ach ní bheadh a fhios caidé a bheadh ann...

AÓM: Caidé deorann? Caidé an rud é sin?

JMB: Anois, níl a fhios agam caidé an dóigh á mhíneáil³ ar chor ar bith. Gob na nDeorann.
Bhailanois...

AÓM: Carraigeacha beaga ansin.

JMB: ...sin Béal Ghob na nDeorann.

AÓM: Cuirfidh mise uimhir a haon ansin.

JMB: Is é. Béal Ghob na nDeorann. Bhailanois, tú ag goil soir leat ansin bhail, Chois an Talamh a bheireann muid air sin.

AÓM: An ea?

JMB: Chois an Talamh.

AÓM: Chois an Talamh? Sin uimhir a dó ansin.

JMB: Bhail, mar a déarfá. Ar aghaidh leat. Sin anois é Chois an Talamh as sin go dtí sin.

AÓM: Is ea. *Just* an méid sin. Is ea.

JMB: Is é. Bhailanois... Sin...sin Port an tSnámha.

AÓM: Port an tSnámha?

JMB: Port an tSnámha.

AÓM: Ansin?

JMB: Ansin.

AÓM: B'in uimhir a trí. Sin snámh an ea?

JMB: Port. Is é. Port, bhail, sin áit a mbíodh daoine amuigh ag snámh roimhe seo. Anois...

³ Míniú

AÓM: Tá na daoine tugtha don snámh ansin, nach bhfuil?

JMB: Tá siad tugtha don snámh. Fan go bhfeice méanois.

AÓM: Muintir an oiléain a bhí i gceist agat ansin?

JMB: Is é. Muintir an oiléain.

AÓM: An mbíonn siad ag snámh móráin?

JMB: Arú, ní bhíonn leoga. Sin an t-ainm a tugadh dó.

AÓM: Ó, is ea. Tuigim.

JMB: Ní fhaca mise aon nduine⁴ ag snámh ariamh ann.

AÓM: Á, nár fhaca? Á. Tuigim. Is é. Is é. Bhí an fear sin, McGarvey, ag rá liom gur shnámh sé amach as an Tráigh Gheal go dtí Inis Oirthir.

JMB: Ó maram gur shnámh. Ó shnámh, ó shnámh, ó shnámh. Níl ann ach giota beag.

AÓM: Ní dhearna mé féin é mar sin.

JMB: [...]

AÓM: Ní dhearna mé sruthán.

JMB: Sin. Fan go dtí go bhfeicfidh méanois. Carraig an Choiscéim. Sin Béal Charraig an Choiscéim.

AÓM: Béal Charraig an Choiscéim. Ó, is é sin. Agus sin Carraig an Choiscéim.

JMB: Sin Carraig an Choiscéim ansin...

AÓM: Sin an béal.

JMB: ... bhail, sin an béal ansin.

AÓM: Uimhir a ceathair.

JMB: Bhail anois, sin anois, *look*. Sin Carraig an Choiscéim é féin ansin anois. An scealpaigh ansin, bhail.

AÓM: Caidé a bheir tú air? Scailp? An scoilt é sin?

JMB: Sin an scoilt.

⁴Tá urú ar 'duine' faoi thionchar an 'n' san fhocal 'aon'. Ní raibh a leithéid ann go stairiúil.

AÓM: Á, an scoilt, ab ea? Ní ainm ceart é sin.

JMB: Ó, tá, sin an scoilt. Sin an scoilt chun a ghoil anonn. Caithfidh tú léim a thabhairt as sin go dtí...

AÓM: An dtiocfadh leat é a dhéanamh? Coiscéim anall...

JMB: Ó bhí mise thall ann. Sin an tuighe a bhfuil Carraig an Choiscéim air.

AÓM: Níl ann ach coiscéim anonn.

JMB: Is é. Cladach na Croiche. Bhail, sin, sin Cladach na Croiche.

AÓM: Caidé croich?

JMB: Bhail, tá scéal mór fá dtaobh dó sin ach níl a fhios agamsa é.

AÓM: Croch a bhí ann?

JMB: Áit... Crochadh fear ann.

AÓM: Á, tuigim, is ea.

JMB: Crochadh fear ann. An dtuigeann tú? Crochadh fear ann a dtabharfadhl siad Mac Maolmuire air fadó.

AÓM: Cén t-ainm a bhí air?

JMB: Mac Maolmuire. Tugadh as Toraigh agus crochadh ansin é, tá mise ag deánamh.

AÓM: Cén fáth?

JMB: Níl a fhios... Á, níl a fhios agam. Bhí siad ag troid roimhe seo, an dtuigeann tú? Níl an scéal...

AÓM: As Toraigh?

JMB: Níl an scéal agamsa ar chor ar bith, ach tá daoine thart a bhfuil an scéal acu. So, tá... anois. Sin béal. Sin an béal ansin ar an taobh eile de, *look*. Béal Chladach na Croiche. Bhail, sin an áit a bhfuil an chroich, tá croich astoigh ansin, rud ar a dtabhrann siad an Chroich. Is é.

AÓM: Tá croich ansin?

JMB: Tá croich ann.

AÓM: Caidé an sórt rud é sin anois?

JMB: Tá cineál de pholl ann. Rachadh tusa síos agus thig leatsa a ghoil faoi agus tá nead druidte astoigh ann, mar a bheadh *arch* ann, an dtuigeann tú, mar a bheadh *arch* ann. Bhail sin an áit ar crochadh é.

AÓM: Ó... sin an áit ar crochadh é.

JMB: Sin an áit ar crochadh é. Sin an tuighe a dtabhrann siad an Chroich air. Bhail, *look*. Connigh anois.

AÓM: Cén áit a bhfuil an Chroich?

JMB: Tá croich ansin, *look*.

AÓM: Ar an ngob beag sin? An é?

JMB: Tá croich ansin. [...] ansin.

AÓM: Sin uimhir a sé.

JMB: An Chroich ansin áit inteacht. Anois. Seo giota mór anois, anseo, a bhfuil a dhath ar bith. Ansin Boilg an Choillín.

AÓM: Boilg an Choillín?

JMB: Sin Boilg an Choillín amuigh ansin. Bhail anois, seo anois Tóin... Connigh go fóill... Tá áit... tá scoilt astoigh ansin, *look*, ansin, a dtabhrann siad Scoilt na hUamha air.

AÓM: Caidé sin?

JMB: Scoilt na hUamha.

AÓM: Ó tá uaimh istigh ansin.

JMB: Tá uaimh astoigh ansin.

AÓM: Sin uimhir a seacht ansin.

JMB: Is é. Bhail anois, sin anois, siar go dtí sin, siar go dtí sin, sin Tóin Scoilt na hUamha. Tóin Scoilt na hUamha.

AÓM: An píosa sin...?

JMB: Bhail, tá ainm eile fostá⁵ air, Tóin an Choillín.

AÓM: Aigh, is ea. Agus tá Cnoc an Choillín thusa ansin.

JMB: Sin Cnoc an Choillín.

AÓM: Agus sin Boilg an Choillín, céard é...?

JMB: Sin Boilg an Choillín. Bhail.

AÓM: Is é an rud céanna é?

JMB: Is é. Tóin an Choillín. Tóin an Choillín.

AÓM: Sin uimhir a hocht.

JMB: Is é. Uimhir a hocht.

AÓM: Agus caidé an Coillín?

JMB: Bhail, tá cnoc ann, cnoc mór ann, agus tá lag mhór ann agus sin an rud a dtabhrann siad an Coillín air.

AÓM: Ó, an ea?

JMB: Lag mhór talamh, bhí sé curtha in san tseanam ach níl sé...

AÓM: An bhfuil sé ar a bharr nó ag an taobh? Cá háit a bhfuil an lag sin?

JMB: Sin anois, *Knock... aculleen*. Bhail sin an cnoc.

AÓM: Sin an pointe is airde ansin?

JMB: Is é. Bhail, cén t-ainm é sin?

AÓM: *Scoltydoogan...*

JMB: Scoilt Uí Dhúgáin. Bhail, *look*, sin anois an Coillín ansin. Sin an áit a gcaithfidh sé a bheith, ansin áit inteacht, an bhfuil a fhios agat? Is é, thart fá sin. Is é.

AÓM: Uimhir a naoi. Bhail, caidé an focal é sin? An Coillín?

JMB: Sin an t-ainm ach ní thiocfadh liomsa a dhath ar bith eile a thabhairt duit. Ní mhethaigh mé iomrá ariamh air ach Coillín. Tá Coillín ar an talamh, tá Béal an Choillín, mar a [...], tá an Coillín Mór ann agus an Coillín Beag.

⁵Fuaimníonn John Mac Bride mar ‘fostaidh’ é seo. Cloítear leis an leagan caighdeánach ‘fosta’ anseo.

AÓM: Uilig ansin?

JMB: Uilig go léir. Astoigh san áit sin anois. An Coillín Mór agus an Coillín Beag.

AÓM: An Coillín Mór agus an Coillín Beag?

JMB: Coillín Beag. Aigh.

AÓM: Agus caidé coill? Ní *wood* atá i gceist?

JMB: Bhail anois, ní thiocfadh liom a inse duit ar chor ar bith, caidé bhail anois. Coinnigh anois... Bhail, sin Scoilt Uí Dhúgáin, bhail. Tá scoilt mhór isteach ansin. Tá scoilt mhór isteach ansin. Bhail, sin ansin é sin.

AÓM: Sin marc a chuir na *sappers* in airde ansin.

JMB: Sin marc *sapper*, *marc sapper*, maram, is é. Sin é Cnoc an Choillín, tá a fhios agamsa cá bhfuil an marc sin, tá mé ag deánamh.

AÓM: An bhfuil sé sa charraig ann?

JMB: Astoigh i gcarraig. Cos, cos circe, rud mar a bheadh cos circe ann. Bhail, caidé an rud sin?

AÓM: *Arch*. Tá *archway* ann.

JMB: Sin an t-*arch* i mBéal Scealp Uí Dhúgáin. *Arch*. Sin Scealp Uí Dhúgáin nach bé?

AÓM: Is é.

JMB: Bhail, tá Béal Scealp Uí Dhúgáin astoigh ansin.

AÓM: Caidé a bheir sibh ar an *archway* sin?

JMB: Bhail, rachadh tú amach as Scealp Uí Dhúgáin anois, agus sin an tóin sin ansin. Bhail sin Tóin Chnoc an Chait.

AÓM: Cnoc an Chait?

JMB: Cnoc an Chait.

AÓM: Sin uimhir a dó dhéag ansin. Agus an bhfuil Cnoc an Chait féin thusa anseo?

JMB: Cnoc an Chait? Ba cheart do Chnoc an Chait a bheith ansin, mar sin. B'fhéidir nach bhfuil sin [...], Cnoc an Chait ansin.

AÓM: Uimhir a trí déag. Cait, ab ea? Caidé...?

JMB: Bhail, Chnoc an Chait, fan go n-inseochaидh mé duit. Cait fián'. Coiníní ann, agus tá a fhios agat tá brocais mhór ann fá choinne na coiníní a ghoil isteach ann agus na cait fhián'.

AÓM: An bhfuil cait fián' anois?

JMB: Bhí cait fián' ann, níl aon cheann anois anall *but* bhí siad ann. Chonaic mise mé féin iad. Mharbh... Chuidigh mé le dhá cheann acu a mharbhadh anuas ansin. Fan go bhfeicfimid anois, cá bhfuil muid anois? Sin Scoilt Uí Dhúgáin.

AÓM: Tóin Chnoc an Chait.

JMB: Sin Tóin Chnoc an Chait. Tóin Chnoc an Chait. Bhail seo anois, sin Tor Éamainn Uí Cholla ansin. Bhail. Sin Tóin Chnoc an Chait, *look*, ina reath anuas ansin anois. Sin Poll Thor Éamainn Uí Cholla. Poll Thor Éamainn Uí Cholla.

AÓM: Sin an áit sin, ansin.

JMB: Is é.

AÓM: Ceathair déag.

JMB: Poll Thor Éamainn Uí Cholla atá astoigh ansin anois.

AÓM: Ab in ainm duine é sin, nach é?

JMB: Is é. Séimí Ó Colla. Tor Shéimí Uí Cholla. Tor Shéimí Uí Cholla. Bhail tá an tor sin giota beag amach ann, caithfidh tú léim a thabhairt. Ba ghnách le... Bhail sin an áit a bhfuil an *arch* astoigh ansin.

AÓM: Is é. Tá *arch* ansin.

JMB: Sin an *t-arch* ansin. Bhail anois, níl a dhath thíos anseo anois go dtí Binn an tSeabhaic. An dtuigeann tú... [...], Binn an tSeabhaic.

AÓM: Cé go bhfuil cuan astoigh ansin sórt?

JMB: Bhail, tá binn mhór astoigh ansin. Bhail, tá cupla áit eile anseo. Fan go dtí go bhfuil mise ag smaoitiú *right well*. Tá... Poll an... Poll an Duilisc.

AÓM: Poll an Duilisc.

JMB: Poll an Duilisc ansin áit inteacht uaidh sin.

AÓM: Sin a cúig déag.

JMB: Poll an Duilisc uaidh sinanois. Bhail, sin *look*, Scoilt an Tairbh.

AÓM: Tá cuid mhór scoilt ann...

JMB: Scoilt an Tairbh

AÓM: ... an Tairbh?

JMB: Scoilt an Tairbh. Tarbh.

AÓM: Ó tuigim, is é, is é. B'in uimhir a sé déag.

JMB: Bhail, caithfidh sé gur rud atá sé...

AÓM: ... gur thit tarbh ann.

JMB: ... gur thit tarbh ann, am inteacht. Bhail anois.

AÓM: Seanainmneacha seo uiliganois?

JMB: Tá. Seanainmneacha. Tá.

AÓM: Tá sin ann, a fhad is is cuimhin leatsa...?

JMB: Ó, tá leoga, agus níl ainm úr ar bith ar chor ar bith air. Bhailanois, ar aghaidh linn
anois chun Binn an tSeabhaic. Sin Binn an tSeabhaic astoigh ansin. Bhail, sin Tóin
Bhinn an tSeabhaicanois.

AÓM: Aigh, is é.

JMB: Tóin Bhinn an tSeabhaic.

AÓM: B'in uimhir a seacht déag. Sin carraig...

JMB: Seoanois... Sin carraig bheag. Bhail...

AÓM: An bhfuil an *map*...?

JMB: Poll... Seoanois Poll Thor na mBallán.

AÓM: Thor na mBallán...

JMB: Bhail, *look*, sin Tor na mBallán ansin. Bhail, sin an charraig ansin, bhail. Tá uaimh

mhillteanach astoigh ansin, agus tá an uaimh sin... níl sin ceart. Tá an uaimh sin ag goil trasna agus ag goil amach anseo, *but*... caidé an rud sin?

AÓM: Níl ansin ach an líne. Tá sé sin... Airde, sin airde an talún sin.

JMB: Tá an uaimh sin ag goil trasna ansin, *look*.

AÓM: An bhfuil? Agus amach arís...?

JMB: Amach ansin... Machaire na nGall. Seo suas taobh Mhachaire na nGall.

AÓM: Ní thiocfadh leat siúl síos tríothu agus amach arís?

JMB: Bhail, bhí mise fríd giota maith am amháin, ach, thiocfadh leat... *but* tá an uaimh ag goil fríd. Tá an uaimh ag goil fríd. Ní thiocfadh leat a ghoil fríd. Tá creagacha agus tá ródhorcha agus é róchontúirteach. Bhail...

AÓM: Cá bhfuil sé sinanois? Tá sé ag goil trasna mar sin?

JMB: Tá, ag goil trasna mar sinanois. Sinanois an dóigh a bhfuil sé ag goil, tá mé ag deánamh [...] festa. Bhail tá ag goil isteach go Machaire na nGall.

AÓM: Cén t-ainm a bhí agat air sin?

JMB: Poll Thor na mBallán.

AÓM: Á, is ea. Sin uimhir a hocht déag.

JMB: Is é. Sin an bhoilg beag... boilg bheag ansin. Boilg Thor na mBallán a bheir siad air.

AÓM: ... a bheir sibh air sin. Is ea.

JMB: Sin an bhoilg bheag.

AÓM: Sin a naoi déag.

JMB: Sin a naoi déag anois. Sin Tor na mBallán ansin. Bhail, thig leat a ghoil fríd iad seo anois. Agus seo...

AÓM: Ní thiocfadh leat curach a...

JMB: Thig leat a ghoil ann le bád. Ó thig leat fáil fríd le bád, sin é, thig le bád. Bhí mise ann, minic go leor. Tor na mBallán.

AÓM: *Mweel murrinagh...?*

JMB: Bhail, tá sin contráilte ar scor ar bith.

AÓM: An bhfuil?

JMB: Anois, sin an cnoc sin ansin, bhail, sin an Gruagán⁶.

AÓM: An Gruagán a bheir sibhse air sin.

JMB: An Gruagán a bheireann muidinne air.

AÓM: Cuirfidh mé fiche ansin air sin ansin.

JMB: Is é. Sin an Gruagán anois.

AÓM: Bhail, ní mhothaigh tú riamh é sin?

JMB: Ní fhaca mise é.

AÓM: *Mweelmurrinagh.*

JMB: Níl a fhios agamsa anois. Ní thiocfadh liomsa...

AÓM: Ní mhothaigh tú riamh é sin?

JMB: Ní mhothaigh mise ariamh an t-ainm sin. Ní mhothaigh.

AÓM: Seanmap é. B'fhéidir go rabh an t-ainm ann, fadó. Sin breis agus céad bliain ó shin anois...

JMB: Tá sin corradh maith agus céad bliain ó shoin anois.

AÓM: B'fhéidir nach bhfuil sé ann. An bhfuil an ceann sin... sin *Mweelmore*, an bhfuil sé sin agat?

JMB: Fan go fóill. Tá sin ceart. Tá sin ceart. [...] ansin go gcuirfidh mé mo ghlúin air [...]. Anois, tá muid ag teacht thart linn anois, bhail. Seo Tor na mBallán. Tá muid ag teacht aníos Tor na mBallán, anois *look*. Sin Béal Thor na mBallán ansin anois, an dtuigeannt tú? Sin an béal anois.

AÓM: Sin Béal Thor na mBallán. Sin uimhir a fiche haon.

JMB: Is é. Anois. Bhail, sin suas Béal Thor na mBallán anois. Bhail, goitse [...]. Sin *look* an bhfeiceann tusa sin... ansin. Bhail, sin an áit a bhfuil sé ag teacht *look*.

⁶ Fuaimnítear mar /ru:gan/

AÓM: An é? Eadar an dá thor ansin?

JMB: Is é. Sin go dtí sin.

AÓM: Aigh, is ea. Tuigim.

JMB: Doiligh a leanstan.

AÓM: Go garbh. An bhfuil sé chomh fada sin? An mbeadh sé chomh fada sin?

JMB: Ó *yeah*, tá giota fada ann. Giota fada ann. Deir siad go bhfuil an uaimh neartaithe ó bhí mise astoigh ann. Tchífeá [...]. Ghlacfá lá iontach maith, áit mhór atá ann, fá choinne a ghoil anonn.

AÓM: Tá sé an-chontúirteach, nach bhfuil?

JMB: Bhailanois, níl a dhath thíos anois. Sin anois, fan go bhfeice mé. Sin Creag Mhachaire na nGall, ab é?

AÓM: Is dóigh, *yeah*.

JMB: Níl ainm ar bith air. Fan go bhfeice mé. Sin Tráigh Mhachaire na nGall. Bhail, sin Creag Mhachaire na nGall.

AÓM: Sin uimhir a fiche dó.

JMB: Bhail, fan go fóill.

AÓM: An bhfuil ceann eile?

JMB: Tá ceann eile ansin. Tá leac ansin a dtabhrann siad Leac na gCailleach Dubh air.

AÓM: Leac na...

JMB: ... gCailleach Dubh.

AÓM: Cuirfidh mé fiche dó air sin. Leac na gCailleach Dubh. Sin na héanacha?

JMB: Is é. Na héanacha. Sin na cailleacha dubha sin.

AÓM: Sin an chreag?

JMB: Bhail.

AÓM: An ea?

JMB: Seo anois, *look*. Sin í an chreaganois. Creag Mhachaire na nGall.

AÓM: Fiche trí.

JMB: Ach tá muid ag teacht aníos anois anseo.

AÓM: Creag.

JMB: Bhail, sin anois, an bhfeiceann tú san áit sin? Sin Poll an Ghearráin Ruaidh. Tá poll astoigh in san talamh ann, giota beag isteach, agus tá, an bhfuil a fhios agat, [...] eadar barr na binne agus an poll agus am inteacht tháinig beathach, an gearrán ruaidh, anuas an mhalaidh, tá an mhalaidh mhór ann. Chuaigh sé ar mhullach air féin amach as an pholl. Marbhadh é amuigh sa pholl. Poll an Ghearráin Ruaidh.

AÓM: Sin uimhir a fiche ceathair, déarfaidh mé. Sin an áit sin?

JMB: Is é.

AÓM: Tá an *map* sin, cruinn go leor mar sin.

JMB: Tá. Bhail anois, níl a dhath anseo ach, sin áit eile thíos anois go dtí sin. Sin Bun Bheart Fheilimí.

AÓM: Bun Bheart Fheilimí?

JMB: Bun Bheart Fheilimí.

AÓM: B'in duine a bhí ann?

JMB: Bhail, Feilimí a bhí ann agus bhí beartaí aige amach go dtí an fharraige. Bun an bhearta. Bun Bheart Fheilimí. Thart fá sin atá sé.

AÓM: Uimhir a fiche cúig air sin ansin.

JMB: Is é. Bhail, sin... sin anois look. *What do you call it?* Sin an tráigh anois, sin an tráigh anois. Bhail tá muid ar shiúl anois siar ar an taobh eile. Sin anois bhail, sin Scoilt na nGlasán. Sin Scoilt na nGlasán. Bhail, tá scoilt eile ansin a bhfuil Scoilt na Feannóige air.

AÓM: Scoilt na Feannóige?

JMB: Aigh.

AÓM: Sin uimhir a fiche sé.

JMB: Scoilt na Feannóige. Bhail, sin Scoilt na nGlasánanois. Bhail, fan go bhfeicfimid anois. Sinanois, Scoilt na Feannóige, Scoilt na nGlasán. Bhail...

AÓM: Sin scoilt eile ansin.

JMB: Sin scoilt. Scoilt na Raithní.

AÓM: ...na Raithní? Fiche seacht.

JMB: Scoilt na Raithní.

AÓM: An mbeadh na hainmneacha sin uilig ag achan duine ar an oileánanois?

JMB: Ó leoga tá. Níl sé ag an mhuintir óg. Níl ná ní chaith siad an t-am ann, agus tá miseanois le cupla lá ag smaoitiú, táid⁷ ag teacht isteach i mo cheann, táid ag teacht isteach i mo cheann. An dtuigeanntú? Bhailanois...

AÓM: Ach nuair a bhí tú ann bhí na hainmneacha sin ar eolas...

JMB: Na hainmneacha sin uilig. Iad go léir. Cá rabh tú? Bhí mé uilig... Bhailanois, sin Scoilt na Raithní. Bhail, tá muid ag goil ar aghaidhanois go dtí, sin an Mhaoil Mhóranois. Sin an Mhaoil Mhóranois. Sin an Tor Glas amuighansin. Glas. Sin an Tor Buí. Is é. Tón an Toir Bhuí. Tá. An Tor Buí atá taobh astoighdó. Tá an Tor Glas amuigh agus tá an Tor Buí astoigh. An dtuigeanntú? Mar seo. Fananois go [...] an ndeánfaidh muid iad seo [...]? Sinanois Scoilt na nGlasán agus ar aghaidh linnanois go dtí... Tor na bhFaoileogansin *look*.

AÓM: Tor na bhFaoileog.

JMB: Tor na bhFaoileog.

AÓM: Uimhir fiche hocht. Is sórt áit anall ansin an bhfuil?

JMB: Bhail, sin áit eile, má tá. Creag atá ansin. Bhail, sin Béal Thor na bhFaoileog.

AÓM: Sin ansin.

JMB: Is é, astoigh ansin.

⁷ Luitear ‘táid’ mar an tríu pearsa iolra den bhriathar ‘bí’ san aimsir láithreach, do Ghaeilge na Mumhan, in *Leabhar Mór Bhriathra na Gaeilge* (Hughes 2008, 87). Feictear anseo é i nGaeilge Chúige Uladh.

AÓM: Sin uimhir a fiche naoi.

JMB: Sin Béal Thor na bhFaoileog. Tá sin anois ag goil fríd ansin.

AÓM: É ag dul amach ansin...?

JMB: Bhail anois. Tá sin deánta againn, bhail. Seo anois. Sin an Tor Glas. Bhail, sin na Doichilt. An bhfeiceann tú san áit sin uilig an bhfuil a fhios agat? [...] tá Doichilt. Tá na creagacha sin uilig *all submerged*.

AÓM: An bhfuil siad sin ceart anois an áit ina bhfuil siad?

JMB: Tá. Tá mé ag deánamh go bhfuil [...] ar scor ar bith dó. Sin ceart. Tá sin ceart uilig anois.

AÓM: Caidé doichilt? Cén míniú a bheadh air sin?

JMB: Bhail, inseochaидh mé duit. Doichilt. Sin ‘bí ar d'fhaichilt’. ‘*Be careful*’.

AÓM: Á is ea. Tuigim. Is ea. Is ea.

JMB: An dtuigeann tú? Bhail, na Doichilt, *do you see?* Tá siadsan i dtólámh... Tá sé i dtólámh contúirteach. Táid contúirteach. Caithfidh tú i dtólámh, a bheith ar d'fhaichilt. *Careful*. Bhail anois.

AÓM: Deir tú go bhfuil ainm eile agat air sin?

JMB: Tá. Tor Rua. Tor Rua. Seo an Tor Rua.

AÓM: An bhfuil sin ceart?

JMB: Tor Rua féin, nach bé? Is é. Sin ansin é. T-o-r-r-o-a. Tor Rua. Bhail, sin uilig a bhfuil d'ainm agamsa air. Tá. Bhail. Fan go fóill.

AÓM: Ní fheicim é istigh ansin.

JMB: Sin Tor an Dualtaigh ab é?

AÓM: *No*. Ní hé sin a thug tú air sin.

JMB: Is é.

AÓM: Creag.

JMB: Ní fheicim Tor an Dualtaigh. Beidh sé ansin, nach bé?

AÓM: Béal...

JMB: Béal Thor an Dualtaigh.

AÓM: Thor an Dualtaigh?

JMB: Sin Béal Thor an Dualtaigh.

AÓM: Shíl mé go rabh ainm eile agat air sin.

JMB: Bhailanois, is é an t-ainm a thug [...].

AÓM: Uimhir a fiche hocht. Tor an Dualtaigh.

JMB: Tor an Dualtaigh. Sin Béal Thor an Dualtaigh. An bhfuil a fhios agat, suas ina aghaidh ansin. Anois, sin na Doichilt. Taobh amuigh de, tá sin uilig taobh amuigh de, creidim.

AÓM: Níl ainm ar bith ar na rudaí sin?

JMB: Níl, bhail. Sin. An bhfeiceann tusa sin? Sin an Tor Scrábach.

AÓM: Tor Scrábach.

JMB: Go sin as sin ansin.

AÓM: Uimhir a tríocha.

JMB: Tor Scrábach. [...] anois. Fan go bhfeice mé. Sin Béal an Toir Scrábaigh. Béal an Toir Scrábaigh.

AÓM: An áit sin?

JMB: [...]

AÓM: Is é. Sin uimhir a tríocha haon.

JMB: Is é. Scrábaigh.

AÓM: Bhí ainm eile air, Caraigh a thug tú air sin. Ab é?

JMB: Bhail, sin anois, *look*. Sin an Tor Rua. Bhail.

AÓM: An mbíonn sé sin os cionn uisce anois, an bhfuil?

JMB: Tá, bhail, tá sin os cionn an uisce i dtólamh. Tá sin os cionn an uisce i dtólamh.

AÓM: An bhfuil sé ard?

JMB: Ó, leoga, tá sé... Bhail, b'fhéidir lá farraige móire go b'fhéidir go... gheobhaidh, an

bhfuil a fhios agat, do lámh air sin uilig. Caithfidh tú a bheith beo.

AÓM: Ach shíl mé nuair a bheadh tor air go mbeadh sé ard. Bíonn na toir ard, nach mbíonn?

JMB: Bhailanois. Tá sé ard. Níl sé an-ard ach sin an TorRua a bheireann siad air ar scor ar bith.

AÓM: An mbíonn sé faoi uisce?

JMB: Ó, níl, níl sé faoi uisce ach oiread. Ach níonn an t-uisce lá farraige móire is gaoithe móire, b'fhéidir...

AÓM: Mar a thá sé sin ansin anois tá sé faoi uisce. Tá sin mícheart. An dóigh a bhfuil sé déanta ansin.

JMB: Bhail, níl sé faoi uisce ar bith. Tá sin os cionn an uisce.

AÓM: An bhfuil an ceann sin faoi uisce?

JMB: Níl. Níl sé sin faoin uisce ach oiread.

AÓM: Níl. Tá. An dóigh a bhfuil sé déanta...

JMB: Tá a fhios agam... an dóigh a bhfuil siad deánta...

AÓM: An bhfuil siad so faoi uisce...? Na cinn sin Carraig Máirtín.

JMB: Carraig Máirtín? Níl. Bíonn siad sin... bhail, le lán mara...

AÓM: An bhfeiceann tú an líne sin?

JMB: Tchím.

AÓM: Sin an pointe is faide suas a thagann an fharraige. An líne sin. Agus níl ceann ar bith ar na rudaí sin.

JMB: Níl siad seo faoin uisce.

AÓM: Nach bhfuil?

JMB: Bhail ghníthear iad le farraige mhór is le stoirm.

AÓM: Féach an ceann seo anois mar shampla. Tá an méid sin os cionn uisce.

JMB: Ó tchímanois.

AÓM: Agus sin lagtrá, an chuid eile de...

JMB: Tchímanois, tchímanois.

AÓM: Sin mar a bhí sé deánta. Ba chóir píosa a bheith acu siúd?

JMB: Bhail, sin Tor na mBallán, bhail, ní theachaigh a dhath ariamh trasna ansin. *But...* an dtuigeann tú? Tá sin os cionn an uisce, *but*, maram, siocair gur é a ghní... b'fhéidir go ghnífi uairanois le cúig bliana é. B'fhéidir go rachadh an t-uisce trasna *look* le *storm* millteanach ná le muir ard. Aigh.

AÓM: Tuigim. Tuigim.

JMB: Cá bhfuil muidanois?

AÓM: An Tor Ruaidh.

JMB: Tá muid ag an TorRua. Bhail. Sinanois aniar an tóin sin. Sinanois, sin an Charaigh ansin.

AÓM: An Charaigh a bheir sibhse air sin.

JMB: Sin an Charaigh ansin.

AÓM: Tríocha dó air sin.

JMB: Sin an Charaigh. Bhail. Sinanois. Aniaransinanois, Béal na Caracha. Béal na Caracha.

AÓM: Is ea. Uimhir a tríocha trí.

JMB: Is é. Sin na clocha móra astoigh ansin, *look*. Sin na clocha le feiceáilt astoigh ansin. Ba ghnách linn a bheith astoigh ag baint. Bhailanois tá rása mór díreach ansin.

AÓM: Tá sin ingearach ansin, an bhfuil?

JMB: Tá scealpaigh bheag astoigh ansin. Astoighansin áit inteacht uaidh sin, a dtabhrann siad Scealpaigh an Chró-larainn?

AÓM: Scealpaigh an Chró-larainn.

JMB: Scealpaigh an Chró-larainn.

AÓM: Caidé sin?

JMB: Bhail. Cró-iarainn, an bhfuil a fhios agat fá choinne baint cloch... fá choinne baint na [...]. An bhfaca tú? [...] cloch, an dtuigeanntú, *bar* atá agamsa air. Cúig troithe ná mar sin.

AÓM: Cró-iarainn?

JMB: Cró-iarainn. Caithfidh sé gur cineál de...

AÓM: An *crow bar* a bhí air?

JMB: *Crow bar. Crow bar. Sin an crow bar.*

AÓM: Sin é.

JMB: Sin ansin é. Tá an scealpaigh astoigh ansin. Thart fá sin, áit inteacht.

AÓM: Thart ansin. Cuirfidh mé tríocha ceathair air sin. Tríocha ceathair.

JMB: Sin áit eile ansin. Sin scoilt eile ansin nach bhfuil ainm ar bith. Sin Scoilt na nGág.

AÓM: Scoilt...?

JMB: Sin Scoilt na nGág.

AÓM: ... na nGág. Gág, sin gearradh de shaghas éigin?

JMB: Is é gág, scoilt, gág. Ar mhothaigh tú iomrá air, gág in do chois? Scoilt in do mhéara de.

AÓM: Bhí ceann agam ansin.

JMB: Bhail, rachadh salachar isteach. [...]. Gág.

AÓM: Sin tríocha cúig.

JMB: Sin anois Scoilt na Loinge.

AÓM: Scoilt na Loinge. Is é.

JMB: Tá áit mhór astoigh ansin anois, mar a déarfá.

AÓM: Tá sin garbh ansin.

JMB: Níl. Áit shuaimhneach atá ann. Áit shuaimhneach atá ann. Anois. Bhail, sin binn ansin. Sin an bhinn sin ansin, suas ansin anois. Sin Binn an Fhéir. Binn an Fhéir.

AÓM: Binn an éis?

JMB: Binn an Fhéir uaidh sin.

AÓM: Ansin?

JMB: Is é. Thart fá sin. Is é, an bhinn sin, *look*, thusas ansin. Thusas go dtí sin.

AÓM: Caidé sinanois? Tríocha sé. Binn an éis?

JMB: Binn an Fhéir. Bhail. Mar a déarfá, binn atá ann, spinc, agus fásann cuid mhór féir uirthi. Is é, fásann cuid mhór féir uirthi. Fan go bhfeice mé. Cá bhfuil an t-ainm atá fána choinne sin? Sin anois, ainm amháin nach bhfuil agam. Níl mé ábalta ar ainm a chur uirthi anois. Sin anois Binn an Fhéir síos ansin bhail, sin an áit ansin a thig leat a ghoil síos ann, síos i mbinn an Fhéir. Bhail, sin áit ansin agus níl ainm sin agam. Tá ainm beag air agus níl a fhios agam cén t-ainm atá air. *But sin look... sin áit ansin anois a dtabhrann siad... agus níl aon chreag ann ach oiread.* Tá creag ina seasamh amuigh ansin mar a déarfá, ag seasamh mar sin, agus is cineál de staighre atá ann dar linne... Staighre na bhFaoileog.

AÓM: Staighre na bhFaoileog.

JMB: Is é.

AÓM: An bhfuil sin in san uisce?

JMB: Staighre na bhFaoileog. Sin Staighre na bhFaoileog. Sin anois, ná tá a fhios agat, tchímanois cá bhfuil mé. Sin anois, sin Staighre na bhFaoileog ansin, *look*. Ag teacht amach mar sin.

AÓM: Sin uimhir a tríocha seacht.

JMB: Bhailanois.

AÓM: Staighre?

JMB: Staighre.

AÓM: Staighre, ó staighre.

JMB: Staighre, an bhfuil a fhios agat, na creagacha atá ag goil cosúil le staighre.

AÓM: Agus an mbíonn na faoileoga ag an staighre?

JMB: Sin anois. Sin anois. Sin anois Scoilt na Loinge.

AÓM: Aríst? An é?

JMB: Sin Scoilt na Loinge ansin *look...*

AÓM: Ach nach bhfuil an t-ainm sin...

JMB: Bhail, is é. Sin Poll Scoilt na Loinge ansin. Sin an Poll atá ansin.

AÓM: Poll Scoilt na Loinge.

JMB: Is é. Poll Scoilt na Loinge.

AÓM: Agus is é sin an scoilt féin?

JMB: Sin an scoilt astoigh ansin anois.

AÓM: Á is ea. Tuigim. Uimhir a tríocha hocht. Sin an scoilt féin?

JMB: Sin é. Bhail sin anois, an áit a dtabhrann siad thiar... Béal Thobar Nellie air.

AÓM: Béal Thobar Nellie?

JMB: Béal Thobar Nellie. Bhí.

AÓM: Tá sin thart ansin.

JMB: Bhí, thart ansin, thart ansin uilig.

AÓM: An bhfuil tobar ann?

JMB: Tá tobar astoigh ansin. Tobar astoigh ansin áit inteacht.

AÓM: Níl sin marcálte.

JMB: Ó, níl a dhath marcálte. Tá an tobar is deise, an t-uisce is deise ar tháinig tú riamh
air, agus tá sé ann, tá sé ann le mo linnse.

AÓM: B'in tríocha naoi. B'in an áit sin?

JMB: Is é. Thart fá sin.

AÓM: Cá háit a bhfuil an tobar anois?

JMB: Anois. Déarfainn go bhfuil sé astoigh ansin áit inteacht.

AÓM: Is gnách le na toibreacha a bheith... tobar, cros.

JMB: Is é. Tobar, tobar. Bhailanois. Tá muid ar shiúlanois. Fan go bhfeicimidanois. Port

an Chrainn. Port an Chrainn. [...]. Tá Port an Chrainn astoigh ansin. Ansin, Gob an Chlochair Mhóir ansin.

AÓM: Ansin.

JMB: Is é. Gob ansin.

AÓM: Sin uimhir a daichead.

JMB: Agus anois, sin an Clochar Mór ansin anois.

AÓM: Ó an áit sin trasna?

JMB: Sin an Clochar Mór ansin anois.

AÓM: Sin daichead a haon.

JMB: Isteach go dtí... sin Port an Chrainn anois. Port an Chrainn anois.

AÓM: Sin an Clochar astoigh ansin.

JMB: Port an Chrainn anois. Boilg Phort an Chrainn ansin. Sin Port an Chrainn. Bhail, tá Leac na mBallán ansin. Leac na mBallán.

AÓM: Leac na mBallán.

JMB: ... mBallán, bhail, sin iasc...

AÓM: lasc, is ea.

JMB: ... ballán, agus ba ghnách leo a bheith ag iascaireacht sa tseanam le slat.

AÓM: An bhfuil sé istigh ansin?

JMB: Tá sé, fan... Cá bhfuil mé? Coinnigh bomaite. Ná bog é ar bith anois go dtí go bhfeicfidh mé. Sin Port an Chrainn. Is é. Bhail, *look*. Sin ansin é, *look*. Is é.

AÓM: Sin uimhir daichead a haon. *No*, daichead a dó, ba cheart dó... sin Leac na mBallán.

JMB: Sin an Sceilp ansin anois. Sceilp. Astoigh ansin.

AÓM: Sin é. Sin an t-ainm atá air?

JMB: Is é. Sceilp.

AÓM: B'in uimhir thart ar daichead a trí. Daichead a trí.

JMB: Sin an Sceilp Mhóir.

AÓM: An é? Daichead a ceathair.

JMB: Bhailanois, sin Port an Chrainn. Tá muid ar shiúl soir... Sin an Sceilp Chaoilanois,
look. Sin an Sceilp Chaoil. Tá cupla áit eile ansin ach níl ainm agamsa, mar a déarfá.
Sin an Sceilp Chaoil.

AÓM: Ach sceilp, nach oscailt é sin?

JMB: Is é. An dtuigeann tú? Isteach suas in san talamh.

AÓM: An bhfuil oscailt ann? Shíl mé gur cineál gob talún é sin.

JMB: Bhail tá gob ina reath amach ansin, gob ina reath amach ansin agus sin an Sceilp
Chaoil, caithfidh sé, isteach.

AÓM: Á, ag dul isteach.

JMB: Ná tá an cladach ansin ag goil soir ansin go dtí Teach na Scoile.

AÓM: Cuirfidh mé daichead a cúig air sin. Sceilp Chaoil.

JMB: Bhail, Slodán Caol a bheireann siad air sin. Slodán Caol.

AÓM: Slodán Caol. Caidé slodán?

JMB: Slodán, bhall, clochar. Sin clochar atá ann.

AÓM: Cladach atá ann?

JMB: Cladach. Cladach. Cladach.

AÓM: Slodán.

JMB: Slodán. Slodán Caol.

AÓM: Caol. Sin uimhir daichead a sé. Sin an píosa sin thart ansin?

JMB: Is é. Bhail, sin anois. Sin an scoil ansin agus...

AÓM: Sin píosa os cionn an uisce. Sin arís é sin. Tá an píosa sin os cionn uisce anois. Sin an
rud a bhí mé ag rá. Tá an chuid sin in ainm is a bheith faoi uisce, ach tá sin os cionn.
An Slodán Mór ansin.

JMB: Sin an Slodán Mór. Nach bé?

AÓM: Slodán Mór nó Slodán Caol, a bheir tú...?

JMB: Sin an Slodán Caol, agus seo an Slodán Mór.

AÓM: Á, is ea. Tuigim. Is ea.

JMB: Sin an Slodán Mór.

AÓM: Agus lean air mar sin.

JMB: Sin an Slodán Mór, bhail. Tá. Tá creag amuigh ansin os cionn an uisce.

AÓM: Sin é.

JMB: Tá. Creag amuigh ansin. Creag amuigh ansin. Sin an Slodán Móranois ansin. Bhailanois, coinnigh go bhfeicimid seo. Sin an Slodán Mór ansin, amach ansin *look*. Bhail,sin an Chreag Mhór amuigh ansin. Creag mhór atá ann.

AÓM: Creag Mhór a bheir sibh air sin. Daichead a seacht.

JMB: An Chreag Mhór. Bhailanois, sin an Slodán Mór. Anois, tá sin taobh thiar dó. Bhail táan Slodán Móranois ag goil isteach ansin, ag teacht suas ansin. Anois, sin áit eileanois, tá creag eile ansin ach *coveráileann* an lán mara sin. Bhail, sin an Slodán Caol.

AÓM: Bhí mé ag ceapadh sin.

JMB: Slodán Caol.

AÓM: Níl sin ceart ansin. Bhí Slodán Caol agat air sin.

JMB: An rabh?

AÓM: Is é. Sin é?

JMB: Sin ansin é bhail.

AÓM: Tá a fhios agat sin. Is é.

JMB: Is doiligh a leanstan, *look*.

AÓM: Is ea. Tá a fhios agam.

JMB: Bhí mise á leanstan astoigh. Sin an Slodán Caol.

AÓM: Sin uimhir a daichead a sé. Slodán Caol. Sin mícheart.

JMB: Seoanois, soir anseo... Faoin Bhinn. Faoin Bhinn. An bhfuil a fhios agat, tá binnansin, agus cladach uilig go léir atá ann, cladach, clocha maithe móra, a dtabhrann

siad Faoin Bhinn air. Tá sin ag goil soir go dtí Port an Churaigh ansin.

AÓM: Sin uimhir a daichead a seacht. Faoin Bhinn?

JMB: Faoin Bhinn. Sin Port an Churaighanois. Bhail, sin an Tráigh Phort an Churaigh ag goil soiranois, go dtí seo. Coinníghanois go dtí go dté muid ag amhancair seo.

AÓM: Port na Dumhcha?

JMB: Port na Dún? Níl a fhios agamsa. Cá bhfuil sin? Carraig na Béicfí, bhall, coinnigh go fóill. Chan Port na Dumhcha a deir sin ar chor ar bith. Gob na Dumhcha mar atá sé.

AÓM: Gob na Dumhcha atá sé? [...] is léir. Ní port é sin, is gob é sin.

JMB: Gob é sin. Gob. Ní port ar bith sin, níl port ar bith astoigh ansin.

AÓM: Gob na Dumhcha.

JMB: Is é, Gob na Dumhcha. Sin an gob ag goil amach ansin.

AÓM: Sin daichead a hocht.

JMB: Is é. Coinníghanois go fóill, tá dóigh bheag le cur ar rudaí beaga anois ann go fóill.
Sin Port an Churaigh.

AÓM: Agus tá carraig amuigh ansin. Líonán na nGlasán?

JMB: Líonán na nGlasán. Tá sin amuigh os coinne na trá, ag Port an Churaigh. Líonán na nGlasán.

AÓM: Líonán na nGlasán?

JMB: Líonán na nGlasán.

AÓM: Na nGlasán?

JMB: Na nGlasán. Sin í.

AÓM: Caidé líonán?

JMB: Bhail, sin líonán. *You mentioned the boilg?* Bhail líonán... rud mórléathan atá ann.

AÓM: Faoi uisce?

JMB: Tá. Faoi uisce uilig ach b'fhéidir go nochtóchadh cuid acu, nochtaidh an leac corrúair air. Rud tana atá ann. Amuigh ansin. Bhail anois, sin Port an Churaigh ansin.

Tú ag goil soir anois Tráigh Phort an Churaigh, soir go dtí...

AÓM: Sin Tráigh Phort an Churaigh?

JMB: Tráigh Phort an Churaigh. Go dtí...

AÓM: Sin daichead a naoi. Agus tá clocha beaga amuigh ansin?

JMB: Is é. Bhail ansin anois, Tráigh Bheag Ghob na Dumhcha, tá sí astoigh ansin, tá mé ag deánamh. Tá. Tráigh Bheag Ghob na Dumhcha, áit fá choinne tógáilt curachaí, an dtuigeann tú? Thiocfadh leat a ghoil isteach ann agus thógfá curach ann. Tráigh Bheag...

AÓM: Sin caoga.

JMB: Tráigh Bheag Ghob na Dumhcha... Anois, sin Gob na Dumhcha é féin. Bhail...

AÓM: Tá ainm eile ansin. Tráigh na...

JMB: Tráigh na Béicfí, *but* sin Tráigh na Béicfí ansin. *But*, tá... cén t-ainm a thug muid air sin?

AÓM: Tráigh Bheag Ghob na Dumhcha.

JMB: Tráigh Bheag Ghob na Dumhcha. Bhail anois, sin Tráigh na Béicfí. Bhail, tá scoilt bheag ansin anois ach níl sé ráite, ní mhothaigh mé ainm ar bith ariamh air. Scoilt bheag astoigh ansin. Níl ainm ar bith air tá mé ag deánamh. Bhail seo anois, fan go bhfeice mé... Tráigh na Béicfí. Poll Buí, ó bhail, tá léar mór ann. Sin anois, fan go bhfeice mé anseo agus go ndeánfainn...

AÓM: Tá píosa beag os cionn uisce ansin arís.

JMB: Tá píosa beag os cionn an uisce. Tá creag ansin, bhail ansin, sin Creag... sin Creag na Trá Bige.

AÓM: ... na Trá Bige?

JMB: Is é.

AÓM: Sin an ceann sin?

JMB: Is é.

AÓM: Uimhir a caoga haon.

JMB: Ab í? Fan go bhfeice méanois. Ó tá reannaigh eile ina reath amach air, sin a dtabhrann siad... Creag Thráigh na Béicfí air. Creag Thráigh na Béicfí, sin é.

AÓM: Greag?

JMB: Creag. *Rock*.

AÓM: Creag Thráigh na Béicfí.

JMB: Sin ansin í.

AÓM: Is ea. Sin faoi uisce?

JMB: Sin ag reath amach... is é, faoi uisce... sin ag reath amach ansin í.

AÓM: Caoga dó.

JMB: Bhail anois, sin Poll na hEorna.

AÓM: Poll na hEorna. Caoga trí. Bhail, an bhfuil an ceann sin ceart? Cad a bheir tú... Creag na Trá Bige...?

JMB: Creag na Trá Bige. Tá sí sin ceart, tá sin ceart, tá sin ceart. Iad a bheith amach ina rása amháin, sin anois Poll na hEorna. Tá Poll na hEorna astoigh ansin. Bhail, seo anois Tóin Pholl na hEorna.

AÓM: Tóin Pholl na hEorna... Bhí mise mícheart. Tóin Pholl na hEorna.

JMB: Tóin Pholl na hEor... bhail sin Creag Tóin Pholl na hEorna ansin, *look*.

AÓM: Sin uimhir a caoga ceathair.

JMB: Bhail, coinnigh go fóill anois.

AÓM: Tá sé ansin anois.

JMB: Tá scoilt eile astoigh ansin anois, agus níl sé ansin. Áit astoigh fá sin a dtabhrann siad an Sceilp Chaoil air.

AÓM: Sceilp Chaoil.

JMB: Sceilp Chaoil.

AÓM: Is é. Díreach ansin.

JMB: Sceilp Chaoil.

AÓM: Caoga cúig. Ach féach, tá carraig amuigh ansin, Carraig na Béicfí.

JMB: Sin taobh na Béicfí, Carraig na Béicfí amuigh sin.

AÓM: An é sin an ceann a bhí i gceist agat ó chianaibh ansin? An é sin...?

JMB: Ó, níor bhain mé díbh sin ar chor ar bith. Sin ansin amach ó Ghob na Dumhcha é *look*. Tá báighe mhór. Thig leat a ghoil trasna ansin le bád.

AÓM: Tá Creag Thrá na Béicfí istigh anseo.

JMB: Tráigh na Béicfí. Tráigh na Béicfí. Sin Tráigh na Béicfí. Bhail, sin Carraig na Béicfí amuigh ansin. Tá amuigh...

AÓM: Cén difear eadar carraig agus creag? An bhfuil aon difear ann?

JMB: Bhail, cá bhfuil an chreag?

AÓM: Nár thug tú an chreag air sin?

JMB: Sin Creag Thráigh na Béicfí. Bhail, sin Carraig na Béicfí amuigh ansin. Sin an t-ainm atá uirthi. Creag Thráigh na Béicfí, tá seo astoigh ag an tráigh. An dtuigeann tú? Creag Thráigh na Béicfí.

AÓM: Cén difear eadar creag agus carraig? An bhfuil aon difear ann?

JMB: Níl difear ar bith ann. Níl difear ar bith ann. Bhail sin an t-ainm a thugas uirthi. Tá sé astoigh ag an tráigh, an dtuigeann tú? Creag ná Carraig na Béicfí. Sin Carraig na Béicfí. Bhail seoanois...

AÓM: Poll Buí.

JMB: Poll Buí, agus bhail, tá sin tráigh anois as sin *look*, go dtí sin, Tráigh an Phoill Bhuí.

AÓM: Trá...?

JMB: Tráigh an Phoill Bhuí.

AÓM: ... Phoill Bhuí, is ea, ó is ea. Ansin?

JMB: Is é. Ní hé. Sin ansin é, *look*.

AÓM: Ó is ea. Sin mícheart air.

JMB: Sin an áit, sin ansin é, *look*.

AÓM: Ó díreach ansin.

JMB: An bhfeiceann tusa an tóin sin, an ceann sin ansin anois? Bhail, sin Tóin na hÁithe.

Áithe. Amach as sin, *look*.

AÓM: Sin Tráigh an Phoill Bhuí ansin.

JMB: Sin Tráigh an Phoill Bhuí ansin.

AÓM: Sin uimhir a caoga sé. Agus Tóin na hÁithe?

JMB: Tóin na hÁithe. An dtuigeann tú?

AÓM: Sin áit fá choinne cloch a dhéanamh ann?

JMB: A *Lime-kiln*. Is é. Tóin na hÁithe. Bhail sin Tráigh na mBláthán anois, sin an ché.

AÓM: Tá muid ar ais san áit inar thosaigh muid.

JMB: Tá muid ar ais san áit ar thoisigh muid.

AÓM: Gob Rinn na nDeorann?

JMB: Gob na nDeorann.

AÓM: Gob na nDeorann a bheir tusa air?

JMB: Is é.

AÓM: Gob Rinn na nDeorann atá ansin.

JMB: Ghníonn muidinne gasta é. Gob Rinn na nDeorann. Deireann muidne Gob na nDeorann. An dtuigeann tú? Gasta.

AÓM: Ach is é sin an rud ceart.

JMB: Sin an rud ceart. Sin an rud ceart. Gob Rinn na nDeorann.

AÓM: ... na nDeorann. Caidé deorann? Deorann? Gob Rinn na nDeorann?

JMB: Bhail, níl a fhios agamsa ar chor ar bith, caidé.

AÓM: Seanainm é... Anois, tá cúpla eile ainm amuigh anseo leis. Eallach, an ea? Tá Boilg Buí.

JMB: Tá an Bhoilg Bhuí. Sin an Bhoilg Bhuí ansin.

AÓM: Caidé a bheir tú ar an oileán sin?

JMB: Sin Oileán Eala.

AÓM: Eala.

JMB: Oileán Eala. Bhail sin é é. Bhail níl a dhath ar bith thart fá dtaobh dó sin, níl a fhios agamsa ainm ar bithanois. Níl a fhios agamsa ainm ar bith thart air...

AÓM: Nach bhfuil carraig amuigh thusa ansin...

JMB: Tá carraig amuigh ar a chúl. Sin drochthalamh uilig go léir.

AÓM: An ea? Contúirteach?

JMB: Fan go bhfeicfimid anseo anois. Coinnigh go fóill anois. Ná bog bomaite. Carraig Máirtín. Carraig Máirtín. Lónán Rua. *Leenancoyle*. Coinnigh go fóill. Fan go bhfeice mé an bhfuighidh mise an charraig sin ar aist. Tá sin faoin fharraige nach bhfuil?

AÓM: Tá.

JMB: Sin an Bhoilg Fhada.

AÓM: Boilg Fhada, is é. Is fada atá sé anois.

JMB: Is é. Boilg Fhada.

AÓM: É sin?

JMB: Is é.

AÓM: Cén uimhir a bhí ann, caoga seacht? Caoga hocht ansin.

JMB: Boilg Fhada. Anois, níl a fhios agamsa caidé an cineál creag bheag é sin. Níl mé ábalta a dhath a dheánamh di.

AÓM: Agus an t-oileán sin ansin. Gabha? An ea?

JMB: Oileán Ghabha. *Go Island*.

AÓM: Ní *smith* é sin? Caidé gabha?

JMB: Níl a fhios agamsa caidé an rud gabha...

AÓM: Ní Oileán an Ghabha atá ann?

JMB: Oileán Ghabha. Thart air, tá léar mór ainmneacha beaga thart air. Níl a fhios agamsa

na hainmneacha atá thart air sin.

AÓM: An bhfuil ainmneacha air?

JMB: Bhail, níl, ach, an bhfuil a fhios agat, tá cupla áit a bhfuil ainm air. Sin anois an Bhoilg Bhuí. Bhail, sin an Bhoilg Bhuí ansin. Bhail, sin anois an Bhoilg Fhada. Sin Oileán Eala, an bhfuil a fhios agat [...] anois. Sin Carraig Máirtín Beag, Carraig Máirtín Mór, Líonán Rua. Táid sin uilig ann. *Leenancoyle*. Bhail, sin amach an Slodán Mór ag goil go *Leenancoyle*. Is é.

AÓM: Tá na *Stags* amuigh ansin. *Stag Rocks*. Cén Ghaedhilg air sin? Cén Ghaedhilg a mhíniú air sin?

JMB: Sin na *Stags* go díreach. Sin a bhfuil air. *Stags*. Bhail, tá ainm air. Na Mic Uí gCorra.

AÓM: Ó, an iad sin iad? Nach minic a chuala mé sin?

JMB: Sin na Mic Uí gCorra. Sin na Mic Uí gCorra anois agat.

AÓM: Nach minic a chuala... ach tá sé níos faide amach ná sin.

JMB: Trí Mhic Uí gCorra.

AÓM: Ach tá sé níos faide amach ná sin...

JMB: Ó bhail. Arú, tá sé *divil* isteach tá sin ar an taobh eile de, *near enough*.

AÓM: Deir sé anseo “*when the stag rocks are moved 16,000 feet due west they'll be in their true relative position with the mainland*”. Sin píosa fada amach anseo. Sin na Mic Uí gCorra. An bhfuil siad san faoi uisce? Tá an chosúlacht orthu ansin go bhfuil siad faoi uisce.

JMB: Ó níl siad faoi uisce maise. Ó théann an t-uisce trasna orthu bhail.

AÓM: *Yeah*, sin an méid.

JMB: Sin an méid.

AÓM: Níl siad ard.

JMB: Orú tá siad ard, iad mór ard.

AÓM: An bhfuil siad ard?

JMB: Tá. Dá bhfaighfeá lá maith, ag seasamh ansin ar an bhealach mhór sin thuas, lá maith *clearáilte*, tchífeá iad.

AÓM: N'fheadar ab iad san na rudaí céanna.

JMB: Tchífeá. Ná thíos ansin, tá a fhios agat cá bhfuil, thíos ag an tráigh, thíos ag an Phort Úr ná thíos ansin, dá mbeifeá síos ansin fán tráigh sin, is lá maith *clearáilte* ann, tchífeá tú amach iad.

AÓM: Á, níl siad san os cionn uisce.

JMB: Tá. Giota os cionn an uisce bhail. Tchífidh tú...

AÓM: Tá a fhios agat an áit sin. An bhfuil siad san faoi uisce?

JMB: Níl a fhios... níl a fhios agam sin.

AÓM: An bhfeiceann tú an líne, thart ansin, sin an áit, is dócha gur an t-uisce, an líne sin, ach níl líne ar bith ar na rudaí sin. Féach air sinanois. Ar na hoileáin sin tá carraig thart, ach seo an t-oileán féin.

JMB: Sin an t-oileán é féin.

AÓM: Is ea. *But* níl rud ar bith ar na rudaí seo.

JMB: Oileán Bán. Oileán...

AÓM: *Elleean*.

JMB: *Elleean Middle*. Ah, níl a fhios agam a dhath ar bith fá dtaobh daoibh sin ar chor ar bith. Carraig an Bháid.

AÓM: Ach deirtear liom go bhfuil daoine ansinanois. An bhfuil daoine ar an oileán sin?

JMB: Seo thiar ar thaobh na Rosann ab é? Chan é. Tá a fhios agam an t-oileán sinanois.

AÓM: Sin Inis Fraoigh.

JMB: Inis Fraoigh. Thiar ansin atá sé.

AÓM: [...] do do lorg ansin.

JMB: Á?

AÓM: An bhfuil siad do do lorg?

An tras-scríbhinn: 250b1

AÓM: Téip 250 dearg. Téip 250 dearg. Ar leanúint ón taobh uaithne, caint le Seán Mac Bride i dtaobh Oileán Ghabhla ar chósta Thír Chonaill. Léarscáil 32.

AÓM: An ndeir tú nach bhfuil aon eolas agat ar an chuid sin? [...] ar an uisce féin thusa ansin?

JMB: Sin Inis Fraoigh, bhaile. [...]. Tor Bán.

AÓM: Níl teach ar bith ansin, an bhfuil?

JMB: Tá. Tá seanteach amháin ann ach níl sé annanois, ach bhí teach ann. Bhí sé ann. Bhí teach ann.

AÓM: Feicim rud beag ansin...

JMB: Sin an port, ansin, *look*. Bhí.

AÓM: Port an Bháid.

JMB: Port an Bháid. Sin an port sin. Bhí mise astoigh ansin. Sin port, astoigh ansin. Port an Bháid... Ach, an bhfuil a fhios agatsa cén t-ainm atá anseo anois. Tá a fhios agam seo anois. Sin anois, *look*, caithfidh tú a bheith tamalt ag coimheád air... Féachanois. Eillín Mór. Tá trí chreag ansin, ceann acu ansin. Sin an tEilín Mór.

AÓM: An tOileán Mór.

JMB: *L-double e-n*. Shílfeá gur oiléán atá ann ach Éilín. Éilín. Bhaile, tá a fhios agat, caidé an dóigh Éilín a mhíneáil... cnap mór oiléán i gcuideachta a chéile, ar mhorthaigh tú Éilín ariamh, Éilín? Éanacha [...] le cearc. [...]

[paiste bán 02.32–2.50]

JMB: Eilín Mór anois.

AÓM: Tá sé mór go leor.

JMB: Sin an tÉilín Láir. Sin an ceann láir, tá fhios agam anois. Tá a fhios agamsa sinanois. Ní rabh mé ábalta a dheánamh amach an chéad uair. Anois. Seo an tÉilín is faide suas uilig, ceann in aice an thír mór. Éilín Bán a bhí air, ní rabh a fhios agam cén

t-ainm a bhí orthu sin. Éilín Bán a tugadh air. Seo Carraig an Ghabhann. Bhail, tá sin amuigh giota taobh amuigh dó, eadar an tÉilín Bán agus an thír móir, an dtuigeannt tú?

AÓM: An thír ar an taobh sin?

JMB: Is é.

AÓM: Sin Carn Buí istigh ansin.

JMB: Sin an Carn Buí. Sin an Pointe, a bhfuil a fhios agat, an áit a dtabhrann siad an Carn Buí air, *rabbit warrens*, Carn Buí.

AÓM: An bhfuil loch istigh ansin?

JMB: *Carrickfin*. Tá, ó, astoigh ansin, maram gur sin í. Ní hé. Sin í. Sin ansin í.

AÓM: Sin é ansin. [...].

JMB: Ó tá loch mhór ann. Loch mhór fhada, tá a fhios agat, caol fada. [...]. Ní móran níos mó a thig linn a dheánamh leis sin.

AÓM: Nár dhein tú jab maith agam ansinanois? An bhfuil rud ar bith ar an oiléan féin istigh? Aon chnoc nó carraig nó rud ar bith istigh?

JMB: Astoigh ar an oiléan?

AÓM: Is é.

JMB: Níl mé ag ráit go bhfuil ansin.

AÓM: *Mweelmore...?*

JMB: Sin an Mhaoil Mhóir. Sin an Mhaoil Mhóir. Bhail tá cnoc, sin cnoc, sin cnoc. Bhail tá cnoc móir ann, ar an taobh seo anseo. Níl.

AÓM: Cnoc an Choillín.

JMB: Sin é. Cnoc an Choillín. Tá cnoc anseo a dtabhrann siad an *Building* air. Cnoc mhór ard.

AÓM: *Building*?

JMB: *Building* a bheireann siad air: "thuas ar an *Bbuilding*".

AÓM: An bhfuil sé ar Chnoc an Choillín?

JMB: Tá sé thusas mullach Chnoc an Choillín. Cnoc [...]. Bhail, thusas ar Mhullach an *Bhuilding*. Cnoc amháin uilig é, an bhfuil a fhios agat ach tá an t-ainm thusas ar an mhullach, Mullach an *Bhuilding*.

AÓM: ... mé A air sin. Bhí an t-ainm sin nach rabh, ar oileán eile leis? *Building*.

JMB: Tá ar Inis Meáin forsta. Tá *Building* ar Inis Meáin, tá *Building* ar Inis Meáin, níl a fhios agam an bhfuil an *Building* [...].

AÓM: Tá cuid mhór *buildings* thart anseo an bhfuil?

JMB: B'fhéidir go bhfuil ach níl a fhios agam, níl a fhios agam an bhfuil, ach *Building* Ghabhla. Ó níl, ó níl ar chor ar bith. An dtuigeann tú?

AÓM: An eisean an focal Béarla, *building*?

JMB: Amuigh ar an *Bhuilding*, amuigh ar an chnoc. Is é, focal Béarla atá ann. Amuigh ar an *Bhuilding*. Amuigh ar an chnoc.

AÓM: B'fhéidir gurb é rud...

JMB: Tá áiteachaí amuigh anseo forsta, an bhfuil a fhios agat, áiteacha a mhottaigh mé iad ag caint anois thart anseo. Daoine ón chnoc i ndiaidh caoirigh, lá, go bhfuil "bhí mé amuigh ar an *Bhuilding* inniu, agus bhí mé a leithéid seo d'áit amuigh anseo". Bhí.

AÓM: Caithfidh mé sin a [...]. An bhfuil rud ar bith eile istigh ansin? An bhfuil ainm ar bith ar na páirceanna sin... na gortanna sin?

JMB: Anois, níl mé ag ráit go bhfuil anois. Loch Mhachaire na nGall ar scor ar bith. Sin ansin í, astoigh ansin.

AÓM: Tá loch. Is ea.

JMB: Loch, ó, loch mhór ann. Sin ansin í, astoigh ansin.

AÓM: Loch...

JMB: Loch Mhachaire na nGall.

AÓM: ... Mhachaire na nGall.

JMB: Is é.

AÓM: Ansin. Tabharfaidh mé B air sin.

JMB: Bhail, níl a fhios agam. Clúidín ina mullach ansin... Níl móran scríbhinné agat.

AÓM: Níl.

JMB: Níl, ar an leath sin, níl scríobh ar bith ar chor ar bith ann.

AÓM: Sin an méid acraí atá ar an oileán.

JMB: Bhail, an clúidín mar a dearfá.

AÓM: Ceithre chéad, fiche is a ceathair *acres*.

JMB: Cé mhéad?

AÓM: Ceithre chéad agus fiche ceathair.

JMB: Ceithre chéad, fiche is a ceathair acraí.

AÓM: Is ea, *including five of water*. Sin an loch is dócha.

JMB: Sin an loch. Sin an loch. *Four hundred and twenty four*. Caithfidh mé sin a mharcáil síos, chun a bheith ag ceistiú daoine cé mhéad acraí talamh ann.

AÓM: Is chóir a bheith ceithre chéad, fiche cúig. Chóir a bheith. Beagnach. *Three roods and thirty-one perches*. Ceithre chéad is fiche cúig anseo.

JMB: [...].

AÓM: Beag duine a bheidh fhios aige anois... Níl ann ach rud beag ann. Caidé an t-ainm féin?

JMB: lompainn.

AÓM: Sin lompainn.

JMB: Sin an t-oileán ansin.

AÓM: lompainn.

JMB: Bhail, níl móran thart ar lompainn. Sin anois, Tor na gColpach.

AÓM: [...]. Tá tor ansin. Tor an Ragáin? Tor an Chreagáin? Tá sé doiléir ansin. Tor na Sceardán. Tor Bán.

JMB: Sin an Tor Bán. Bhail, sin an Tor Scrábach, ba cheart dó a bheith.

AÓM: Tor Scrábach ba chóir a bheith air?

JMB: Tor Scrábach ba cheart a bheith air sin.

AÓM: An bhfuil Tor Scrábach eile ansin?

JMB: Tor na gColpach ansin.

AÓM: Sin an ceann sin?

JMB: [...]. Tor Scrábaigh, Tor Scrábach ansin ag Tóin na Maoile Móire.

AÓM: Seo ceann eile?

JMB: Is é. Sin Tor Scrábach ansin.

AÓM: Tor na Sceardán ansin.

JMB: Bhail, Tor Scrábach, agus an Tor Bánanois. Bhail, sin an áit anois a dtabhrann siad an Líonán Mór air.

AÓM: Caithfidh mé C a chur air sin.

JMB: Bhail, nach bhfeiceann tusa an chreag sin ansin? Sin Creag Bheag Bhéal lompainn.

AÓM: Ansin, D.

JMB: Béal lompainn. Sin an t-*arch* astoigh ansin, bhail, an t-*arch* ann.

AÓM: Cén Ghaeilge a bheadh agaibh ar *arch*?

JMB: Bhail anois, uaimh, a bheireann siad, a ghlaonn siad thart fá... fan go bhfeicimid anois.

AÓM: [...]

JMB: Seo Tor Uí Arragáin.

AÓM: Tor Uí Arragáin. Aigh. Is ea.

JMB: Sin Tor Uí Arragáin.

AÓM: Is é. Sin an ceann sin. Agus [...].

JMB: Sin anois, Creag Thor Uí Arragáin, Leac Thor Uí Arragáin.

AÓM: Leac Thor Uí Arragáin. Sin E.

JMB: Sin leac ansin. Bhail, sin dhá chreag bheag eile atá amach ó chéile. Boilgeacha beaga

a bheireann siad air.

AÓM: Caidé?

JMB: Boilgeacha beaga.

AÓM: Ní ainm é sin.

JMB: Níl ainm ar bith air ach deánann muid féin é mar a déarfá. Fan go fóillanois.

AÓM: Ní bhíonn duine ar bith air sin?

JMB: Duine ar bith... Sin anois...

AÓM: Téann an t-uisce fríd ansin an dtéann? Caithfidh go dtéann.

JMB: Sin Béal lompainn, thig an t-uisce anoir ansin, díreach anoir ansin, an dtuigeann tú?

AÓM: Agus amach ansin.

JMB: Amach ansin.

AÓM: Sin Béal lompainn.

JMB: Béal lompainn ansin.

AÓM: Cuirfidh mé F air sin.

JMB: Béal lompainn ansin. Sin anois Tóin lompainn amach ansin.

AÓM: Cuirfidh mé G air sin.

JMB: Sin poll astoigh ansin, sin Poll Chúl lompainn.

AÓM: Poll...

JMB: Poll Chúl lompainn.

AÓM: lompainn. Sin H air sin. Cá bhfuil sé sin anois?

JMB: Sin Poll na Toiteanois.

AÓM: Poll na Toite.

JMB: Poll na Toite.

AÓM: Sin an *archway* sin? An ea?

JMB: Tá arch ann.

AÓM: Ní hé sin é?

JMB: Is é. Tá. Bhail, sin Poll na Toite anois ansin *look*.

AÓM: Ansin.

JMB: Is é.

AÓM: Cuirfidh mé l air sin.

JMB: Bhail anois, an bhfeiceann tú an gob sin ansin, sin Gob an Aill Báin.

AÓM: Gob...?

JMB: Gob na hAille Báine, Gob an Aill Báin, Gob an Aill Báin.

AÓM: Is ea. Sin K.

JMB: Is é. Amach sin aníos anois, taobh Binn an Fhéir ansin. Tá uaimh eile astoigh ansin ach níl a fhios agam cén t-ainm atá uirthi. Tá uaimh ann. Uaimh mar a déarfá. *Arch.* Thíos ansin anois aníos ag tarraigte ar an Lónán Mhór, aníos ansin, aníos Taobh lompainn ansin. Taobh lompainn, sin a dtig liomsa a thabhairt air. Taobh lompainn.

AÓM: Sin a bheir sibhse air sin.

JMB: Poll Thaobh lompainn.

AÓM: Cuirfidh mé L.

JMB: Tá aníos go dtí sin. Sin a dtig liomsa a dheánamh.

AÓM: [...] Tor Uí Arragáin, an é?

JMB: Tor Uí Arragáin, tor mórdard.

AÓM: Ab in ainm duine é sin?

JMB: Níl a fhios agam anois. Níl a fhios agam.

AÓM: Sin é tá go leor deánta againn.

JMB: Thart fá na rudaí seo uiligr anois bhail.

4.4 Ábhar tras-scríofa – Pádraig ’Ac Fhionnlaoigh

Is tras-scríbhinn í seo d'agallamh le Pádraig ’Ac Fhionnlaoigh agus é faoi agallamh ag Dónall Mac Giolla Easpaig, an Brainse Logainmneacha sa bhliain 1979. Seasann PMF agus DMGE do na daoine céanna. Spól 641 atá i gceist leis seo. Maireann an taifeadadh ar thaobh A 31 nóiméad 33 soicind agus maireann an taifeadadh ar thaobh B 21 nóiméad 35 soicind. Tá an bunábhar fuaime ar fáil ag traic 3 agus 4 d'Aguisín 2, is é sin, an dlúthdhiosca atá ag gabháil leis an tráchtas seo.

An iontráil chatalóige

641a1: Pádraig ’Ac Fhionnlaoigh (Patrick Éamoinn Thaidhg), Machaire Chlochair, ach a tógadh i nGabhla. c. 65.

An tras-scríbhinn: 641a1

DMGE: I nGabhla a tógadh tú féin?

PMF: I nGabhla a tógadh mise. Bhí mise i nGabhla...

DMGE: Caithfidh sé go bhfuil tú muinteartha do Johnny mar sin.

PMF: Cén Johnny?

DMGE: Johnny McGinley, an Máistir.

PMF: Cad tuighe seo?

DMGE: McGinley atá ort ab é? Is é.

PMF: Is é.

DMGE: An bhfuil cupla teaghlaich acu ann ná...?

PMF: Bhí.

DMGE: Ó an rabh? Ó tchím.

PMF: Tógadh an bheirt againn de chóir dhá shlat is daichead ann.

DMGE: Ach, ní rabh sibh muinteartha dá chéile?

PMF: Tá mé féin... Tógadh an bheirt againn i gcuideachta a chéile.

DMGE: Ó ar tógadh?

PMF: Tá mise naoi lá níos sine ná Johnny.

DMGE: Ó an bhfuil? Is é.

PMF: An dá bhlaigeard a ba mhó a tógadh i nGaoth Dobhair ariamh. Aigh. Ach fuair Johnny ar aghaidh go maith ach ní bhfuair mise.

DMGE: Bhail, caidé a rinn tú arís? Caidé a rinn tú?

PMF: Tá. Chuaigh mise 'na farraige.

DMGE: Chuaigh tú 'na farraige. Is é. Is é.

PMF: Chuaigh. Bhí mo chúrsa... Chuaigh Johnny go Leitir Ceanainn, agus bhí mo chúrsa síos go Portrush. Ag foghlaim an dóigh le bádaí a thógáil.

DMGE: Tchím. Is é.

PMF: Ní rachainnse. Ní rabh fá mo choinnese ach an fharraige. Aigh. So chaith mise mo shaol ar an fharraige.

DMGE: Cá háitanois?

PMF: Tá. D'iascaigh mé thart ar Éirinn uilig, féadaim a rá, ag iascaireacht.

DMGE: Ag iascaireacht.

PMF: Ag iascaireacht. Aigh. Ó bhádaí beaga go bádaí móra. Aigh, ó bhádaí iad a bhí astoigh go dtí rudaí trí scór go leith troithe. Aigh. Sin an áit ar chaith mise bunús mo shaoil.

DMGE: Bhail, seo Gabhla.

PMF: Sin Gabhla. Sin Gabhla. Sin Gabhla.

DMGE: Agus sin an t-oileán beag.

PMF: Sin an t-oileán beag. Sin Tor Uí Arragáin.

DMGE: Tor Uí Arragáin.

PMF: Is é. Tor Uí Arragáin.

DMGE: Is é. Arragáin.

PMF: Tor Uí Arragáin.

DMGE: Is é.

PMF: Tor Uí Arragáin. Sin an Tor Bán.

DMGE: An Tor Bán.

PMF: Tor Bán.

DMGE: Tor Bán. Is é.

PMF: Á. Sin é Tor na...

DMGE: Tor na Sceairde⁸.

PMF: Tor na Sceairde, is é. Tor na Sceairde. Agus... Tor na Sceairde, is é, is é.

DMGE: Tor na Sceairde?

PMF: Tor na Sceairde. Tor na gColpach.

DMGE: Tor na gColpach?

PMF: Is é. Aigh.

DMGE: ... na gColpach.

PMF: Aigh. Tor na gColpach.

DMGE: Agus... ansin lompainn?

PMF: Sin lompainn. Sin lompainn. Sin lompainn ansin. Sin lompainn. Tá... C'ainm seo?

Amuigh ansin tá áit ann. Bheireann siad Poll na Toite air.

DMGE: Poll na Toite? Caidé an cineál áite atá ann?

PMF: Isteach... níl áit ar bith. Sin [...] ansin. Ach an tonn a tharann⁹ isteach, an bhfuil a fhios agat, binn mhór ard ann. Tonn a tharann isteach, sin lá farraige móire, théid sí in airde cúig ná sé déag... cúig ná sé chéad de throithe.

DMGE: An dtéann?

PMF: Tarann sí isteach, mar a déarfá, mar sin. Buailfidh sí an bhinn agus tá an bhinn díreach suas, agus théid sí in... agus ansin bheireann muidinne Sceaird lompainn air sin.

⁸ 'splash n.: sceaird, sceairdeog' (Ó Duibhín 2009)

⁹ Níl an leagan seo ar fáil in *Leabhar Mór Bhriathra na Gaeilge* (Hughes 2008) ach tá sé i bhFoclóir Uí Dhónaill (1977) mar leagan malartach.

DMGE: Sceaird lompainn?

PMF: Is é.

DMGE: Sceaird lompainn.

PMF: Sceaird lompainn.

DMGE: Is é. Sceaird lompainn.

PMF: Sceaird lompainn. Buailleann sé an bhinn, mar sin, tonn ag teacht isteach, an bhfuil a fhios agat. Tá Boilg, Boilg Chathail amuigh, taobh amuigh dó, agus tá... Ar drochlá, sin farraige mhór agus gaoth, buailfidh sí an bhinn mar sin agus théid sí in airde, ó théid! Cúig ná sé chéad de throithe. Aigh. Bhail, ar an rud a théid in airde, Sceaird lompainn a bheireann muid.

DMGE: Ar an rud a théid in airde.

PMF: In airde... Sceaird lompainn, a bheireas muidinne air sin.

DMGE: Sceaird lompainn. Is é.

PMF: Aigh. Sin, mar a déarfá, déarfadh duine, an bhfuil a fhios agat, dá mbeadh an fharraige íseal: “tá an fharraige ag bogadaigh”¹⁰ déarfadh siad. “Tchím Sceaird lompainn ag goil in airde”. Agus rudaí mar sin. Bhail sin, gnoithe... sin gnoithe lompainn.

DMGE: Is é.

PMF: Aigh, sin gnoithe lompainn, mar a déarfá. Agus anall uainn anois go... c'ainm seo... go Cladach na Croiche.

DMGE: Cladach na Croiche? Tá sé agam.

PMF: Is é.

DMGE: Déarfainn gurb é sin é.

PMF: Is é. Sin é. Sin é.

¹⁰ Ní luaitear an leagan seo in *Foclóir Uí Dhónaill* (1977). Is ionann é agus an seantaiseal tabharthach den leagan caighdeánach ‘bogadach’. Luaitear ‘ag scairtigh’, ‘ag brionglóidigh’ agus ‘ag léimnígh’ mar shamplaí den infhilleadh céanna (Hughes 2008, 37).

DMGE: Cladach na Croiche.

PMF: Sin an áit a crochadh... Tá áit astoigh ansin thusas sa bhinn agus tá... C'ainm seo air?

Mar a déarfá, thusas sa bhinn tá rud, mar a bheadh sciathán mór amach as an chreag. Tá. [...] gur, an bhfuil a fhios agat, gur an áit ar crochadh é. Anois, tá an bhinn díreach mar sin agus tá an sciathán seo amach mar sin as an bhinn, mar a déarfá.

DMGE: Ó tchím. Is é.

PMF: Bhail, sin an áit a rabh siad a ráit a crochadh Mac Maoilmuire. Aigh. Cladach na Croiche.

DMGE: Cladach na Croiche.

PMF: Cladach na Croiche.

DMGE: Is é. Bhail, an bhfuil ainm ar bith ar an rud ag goil amach, ar chor ar bith?

PMF: Níl, maise. Níl. Ní mhottaigh mise ainm ariamh air ach an cladach, "thoir i gCladach na Croiche". Cladach na Croiche. Agus... aigh... Cladach na Croiche... agus aigh... agus ansin, an bhfeiceann tú an t-oileán beag sin ansin? Aigh. Carraig an Choiscéim.

DMGE: Carraig an Choiscéim.

PMF: Is é.

DMGE: Carraig an Choiscéim.

PMF: Is é an réasún atá leis sin, Carraig an Choiscéim, bheireann tú... Níl ann ach, an bhfuil a fhios agat, tá, mar a déarfá, tá sé scoilte [...], scoilt ann, níl ann ach an coiscéim trasna.

DMGE: Ab é sin uilig? An sin an dóigh a bhfuair sé an t-ainm, is é?

PMF: Sin an dóigh a dtug... bhail sin an rud a shílimse ar scor ar bith. Carraig an Choiscéim. Níl ann ach an coiscéim trasna. Níl ann ach [...] trasna, aigh. Agus ansin... aigh... caidé seo?

DMGE: Sin Boilg... Boilg an Choillín, nach bé?

PMF: Boilg an Choillín. Is é.

DMGE: Boilg an Choillín.

PMF: Is é. Boilg an Choillín. Boilg an Choillín. Is é, cinnte.

DMGE: Boilg an Choillín.

PMF: Boilg an Choillín. Is é. Tá sí sin eadar... eadar Gabhla agus an tor sin, aigh, Boilg an Choillín. Bhail, isteach uaidh seo, an bhfuil a fhios agat, sin Cnoc an Choillín.

DMGE: Cnoc an Choillín?

PMF: Is é. Tá sin, nach bé? Is é.

DMGE: Is é. Cnoc an Choillín.

PMF: Cnoc an Choillín. Is é. Cnoc an Choillín.

DMGE: Is é.

PMF: Cnoc an Choillín. Agus á... sin á...

DMGE: Cineál cladach beag thíos faoi sin. Tá cladach beag thíos faoi... fá Chnoc an Choillín.
Tá cineál scoilt ag goil isteach ann.

PMF: Tá. Tá. Tá scoilt ann agus... Cén... C'ainm seo a bhí ar an scoilt sin? Chuaigh sé fríd
mo cheann. [...] dearmad dó. C'ainm sin?

DMGE: Scoilt Uí Dhúgáin, ab é?

PMF: Scoilt Uí Dhúgáin.

DMGE: Ar mhorthaigh tú...?

PMF: Ó tá scealp ansin.

DMGE: B'fhéidir nach bhfuilanois...

PMF: Tá. Is é. Is é. Cnoc an Choillín. Ó tá muid ar shiúl suas. Ó tá muid ar shiúl an bealach
eile, ó tá. Cnoc an Choillín.

DMGE: Is é.

PMF: Cnoc an Choillín. Is é. Is é. Cnoc an Choillín agus sin, Cnoc an Choillín, agus caidé seo
anois? Caidé sin? Ab é sin amach in...?

DMGE: [...]

PMF: Caidé? Caidé an rud sin?

DMGE: Béalra atá ann. *Archway* ná...

PMF: *Archway*?

DMGE: Is é.

PMF: Ceann eile, sin Cnoc an Choillín agus sin Scailp Uí... Scailp Uí Dhúgáin.

DMGE: Scailp Uí Dhúgáin.

PMF: Scailp Uí Dhúgáin. Is é.

DMGE: Scailp Uí...

PMF: Dhúgáin a bheireas muidne... sin an t-ainm a bheireas muidinne air. Aigh.

DMGE: Scailp Uí Dhúgáin.

PMF: Is é. Tá scoilt mhór isteach ansin... isteach sa, aigh... scoilt mhór isteach in Scailp Uí Dhúgáin.

DMGE: Is é. Caidé an cineál rud an scailpanois?

PMF: Anois, an bhfuil a fhios agat, giota mór [...] isteach, isteach, an bhfuil a fhios agat... isteach sa talamh. Is é. Mar a déarfá.

DMGE: Agus an bhfuil sé ard ar achan taobh dó?

PMF: Tá. Tá sé ard ar achan taobh dó. Tá sé ard ar achan taobh dó. Tá sé ard ar achan taobh dó. Aigh. Scoilt mhór. Bhail, níl sé iontach mór an bhfuil a fhios agat, Scailp Uí Dhúgáin isteach agus áit gharbh. Áit gharbh atá ann, áit gharbh. Is é. Sin é. Sin Boilg an Choillín cinnte. Is é. Sin taobh thiar daofa sin. Agus ansin, Scailp Uí Dhúgáin, agus sin siar anseo, seo...

DMGE: Tor mór... Tor Éamonn Ó Colla ab é? Tor Éamonn Ó Colla, ab é? Ná ar mhothaigh tú é sin?

PMF: Ó is é cinnte. Tá na hainmneacha, bhail, tá sé a fhad ó d'fhág mise. Tor Éamie¹¹ Uí

¹¹ Is éard atá i gceist anseo ná (a) leagan giorrúithe de Éamonn nó (b) Séimí.

Cholla a bheireas muidinne air. Tor Éamie Uí Cholla.

DMGE: Tor Éamie Uí Cholla.

PMF: Tor Éamie Uí Cholla.

DMGE: Tor Éamie Uí Cholla.

PMF: Is é. Aigh is é cinnte. Tor Éamie Uí Cholla.

DMGE: Tor Éamie Uí Cholla. Tor Éamie Uí Cholla.

PMF: Tor Éamie Uí Cholla agus... inseochaидh mé ceann maith duit fá dtaobh do... Binn an tSeabhaic.

DMGE: Binn an tSeabhaic.

PMF: Is é. Binn an tSeabhaic. Is é.

DMGE: Binn an tSeabhaic.

PMF: Binn an tSeabhaic. Is é. Binn mhór í sin, maram, tá sí... ó maram go bhfuil sí trí ná ceithre chéad de throithe in airde.

DMGE: Ab é?

PMF: Is é. Agus ba ghnách leis an éan sin, an seabhac, a bheith ag tógáilt... cineál de nead atá ann... agus na faoileogaí. Agus bhí mise agus an Máistir, Johnny McGinley, mar a déarfá, ar scoil, bhí muid maram, thart fá naoi ná deich de bhliana d'aois. Agus muid amuigh ag buachailleacht¹² eallaigh sa chnoc agus an lá seo... in sa bhinn seo, Binn an tSeabhaic, binn mhór atá inti, agus chonaic muid an fhaileog astoigh ar an nead ach ní rabh a dhath ar bith aici air an bhfuil a fhios agat... ag deánamh réidh. Agus lá arna mhárach d'iarr muid cead ar an Mháistir, go rabh muid ag imeacht, go rabh [...] orainn a ghoil 'na bhaile fá choinne rud inteacht a dheánamh, agus siar go dtí an bhinn fá choinne an nead a thógáil. Agus ní rabh bróg ar bith orainn san am sin. Fuair mise síos sa bhinn, mar a déarfá, chrom mé amach mar sin, mar a déarfá, agus Johnny agus [...] a bhí a dhá chos aige orm... trí ná ceithre chéad de throithe síos

¹² Fuaimnítear mar 'bochailleacht' é.

agus bhí am amháin ar an nead a láimhseáil, agus bhí mise ábalta, an bhfuil a fhios agat, barr na méire a chur ar an uibh¹³ ach ní rabh mé ábalta ghoil fada go leor. “Bí ar shiúl rud beag eile amach” a dúirt mise le Johnny. “Fan go gcuire mé smug ar do lámh” a dúirt Johnny. “Ó ná cuir!” a dúirt mise. Dá gcuirfeadh, ní bheinnse anseo inniu. “Fan go gcuire mé smug ar do lámh” a dúirt sé. Sin, aigh, Binn an tSeabhaic. Binn an tSeabhaic.¹⁴

DMGE: Tá carraig bheag faoi nach bhfuil?

PMF: Tá. Tá carraig faoi cinnte. Ó tá. Tá drochthalamh thart ansin. Sin á...

DMGE: Tor na mBallán. Ab é?

PMF: Tor na mBallán. Is é.

DMGE: Tor na mBallán.

PMF: Tor na mBallán. Is é.

DMGE: Tor na mBallán.

PMF: Áit gharbh thart ansin...

DMGE: Tor na mBallán.

PMF: Tor na mBallán. Áit gharbh thart ansin. Aigh. Creag atá inti, an bhfuil a fhios agat, agus tá pasáid eadar í féin agus eadar Gabhla.

DMGE: Bhail, ní thig leat ghoil isteach ansin le bád?

PMF: Ó thiocfad, le bád beag. Bád beag, bád beag, bád beag, mar a déarfá. Ó thiocfad, thiocfad. Níl ann ach an pasáid. Sin lá maith, ó thiocfad le aon nduine é. Fuair muidinne ann le, mar a déarfá, le bád beag. Aigh.

DMGE: Maoil Muiríneach, ab é? Maoil Muiríneach?

PMF: Is é. Amuigh sa Mhaoil Mhuirínigh, Maoil Mhuirínigh, a deireas muidinne, mar a déarfá. Amach agus sin an Mhaoil Mhuirínigh.

¹³ Is nós atá ann sa Ghaeilge an tabharthach a úsáid thar cheann an ainmnigh (Ó Baoill 1996, 70).

Leantar den nós sin anseo nuair a úsáidtear ‘uibh’ in áit ‘ubh’.

¹⁴ Féach leathanach 43-44 in *Ó Rabharta go Mallmhuir* (1975) ina bhfuil tagairt don eachtra chéanna.

DMGE: Caidé a deir sibhse?

PMF: Maoil Mhuir... Amuigh sa Mhaoil Mhuirínigh.

DMGE: Ó is é.

PMF: Ó maram gur rud amháin [...] go bhfuil sé.

DMGE: Bhail, tá seo thíos i mBéarla.

PMF: Amuigh sa Mhaoil Mhuirínigh.

DMGE: Sa Mhaoil Mhuirínigh.

PMF: Portach atá ansin.

DMGE: Ó, ab é? Portach atá ann. Is é.

PMF: Is é. Portach. Portach an áit a rabh... Bhí dream de lucht an oileáin ag baint a gcuid móndadh ansin. An Mhaoil Mhuirínigh. Bhí. Anois, tiocfaidh muid anuas anois go dtí... Seo Tráigh Mhachaire na nGall.

DMGE: Tráigh Mhachaire na nGall.

PMF: Nach bé?

DMGE: Is é.

PMF: Tráigh Mhachaire na nGall. Tá, an bhfuil a fhios agat, áit mhór isteach ansin. Aigh. Troideadh cath mór ansin.

DMGE: Ab é? Ab é sin an dóigh?

PMF: Troideadh. Feilimí Cam agus Maolmuire. Throid siad ansin.

DMGE: Ó. Is é.

PMF: Throid. Throid. Throid. Bhail, deirtear gur ansin é ar scor ar bith. Aigh. Sin anuas ansin agus thart anois aníos an taobh eile, tá scoilt eile isteach anseo. Scoilt na nGlasán.

DMGE: Scoilt na nGlasán. Caidé an rud glasán?

PMF: Bhail sin, Scoilt na nGlasán. Sin... iasc atá ann.

DMGE: Ó ab é? Tá an t-ainm...

PMF: Bíonn muid ag iascaireacht glasán. Bíonn muid ag díol isteach glasán, áit... an bhfuil a fhios agat, scoilt isteach in dá áit. Ba ghnách leo a bheith ag iascaireacht ón talamh le slat, agus ag iascaireacht... Tá mise ag deánamh anois, b'fhéidir go bhfuil mise contráilte, gur sin an dóigh a bhfuair sé an t-ainm.

DMGE: Déarfainn é. Is é.

PMF: Bheadh iasc ansin le fáil astoigh ar an tsuaimhneas. Poll suaimhneach astoigh ann, gur na glasáin, iasc beag nach rabh an-mhór, an bhfuil a fhios agat...

DMGE: Is é.

PMF: Aigh. Gur sin an dóigh a bhfuair Scoilt na nGlasán... b'fhéidir go bhfuil mé contráilte.

DMGE: Scoilt na nGlasán.

PMF: Is é. Scoilt na nGlasán. Aigh. Scoilt na nGlasán. Aigh agus thart anseo go dtí anois, go dtí an Tor Glas.

DMGE: An Tor Glas.

PMF: An Tor Glas. Sin an t-ainm a bhí ag Seán 'Ac Fhionnlaoich ar a theach. Tá, Tor Glas. Tá creag [...] sin. Níl an... Sin an áit a dtúisíonn¹⁵ na faoileogaí an chéad lá den tsamhradh a dheánamh a gcuid neadacha. Tor Glas.

DMGE: An bhfuil sé ard?

PMF: Tá sé ard. Ó creag mhór ard atá inti. Agus féadaim a ráit, nach bhfuil a dhath oiread do... d'fhéar glas uirthi agus a chuirfeá isteach in do phóca. Creag uilig atá inti, creag, agus níl a fhios agamsa cad tuighe a dtug siad an Tor Glas uirthi. Níl a fhios agam. Tor Glas. Agus...

DMGE: Tá ceann beag eile ansin.

PMF: Tá.

DMGE: Ab é...

PMF: Tor...

¹⁵'Toisigh' atá in *Leabhar Mór Bhriathra na Gaeilge* (Hughes 2008), ach tá an leagan 'túisigh' luité in *An Teanga Bheo* (Ó Baoill, 1996, 153)

DMGE: Tor Buí, ab é?

PMF: Tor Buí. Tor Buí. Mar a déarfá, creag bheag.

DMGE: Tor Buí.

PMF: Aigh. Tá, agus tá... c'ainm seo? Tá ceann eile amuigh anseo, creag ard. Bhí sin. Is é.

DMGE: Ní rabh ainm ar bith air?

PMF: Tá. Staca Dhroim Gearráin.

DMGE: Caidé?

PMF: Staca Droim Gearráin.

DMGE: Ó... Staca Droim Gearráin.

PMF: ... Droim Gearráin, aigh, a bheireann siad air sin. Creag iontach ard atá inti. An bhfuil a fhios agat, níl sí mór ach tá sí iontach ard, agus an bhfuil a fhios agat, creag iontach shásta a bhí ann. Anois, dá mbeifeá amuigh ar an tsuaitheadh ag iascaireacht potaí agus rudaí mar sin, tchífeá í go minic, fá choinne na marcanna a ghlacadh ar an talamh, an bhfuil a fhios agat, cá háit ar chuir siad a gcuid potaí, fá choinne nuair a rachfá arís, an bhfuil a fhios agat. Go dtí go rachfá go dtí an áit. Sin Staca Dhroim Gearráin. Anois. Mar a déarfá, amach amach soir uaidh ansin, amach taobh amuigh de, do... c'ainm seo ar an... lompainn anseo. Amach amach ansin, an bhfuil a fhios agat, tchífeá an chreag seo anseo, í seo, tchífeá anoir anseo é, an bhfuil a fhios agat? Mar a déarfá, thiar ar thaobh na Rosann bhí tú ábalta na marcanna a ghlacadh uirthi, ar thaobh na Rosann dithe. Sin an tuighe. Staca Dhroim Gearráin. Staca Dhroim Gearráin. Tor Glas, Tor Buí agus anuas ansin go dtí linn... an Trá Mór. Sin an Mhaoil Mhóir.

DMGE: An Mhaoil Mhóir.

PMF: Is é. Sin an áit a mbaineann siad... baineann siad móin forsta ann.

DMGE: An Mhaoil Mhóir.

PMF: Baineann siad móin ann. Aigh, agus sin... C'ainm seo? Poll...

DMGE: Boilg atá ansin.

PMF: Boilg...

DMGE: Tá sé doiligh a dheánamh amach. An Boilg Fhada ná...? Boilg Fhada.

PMF: Fan go bhfeice méanois.

[paiste bán 18:20 – 18:56]

PMF: Níl a fhios agam. B-u-l-l-o-g-a-d-i-h-i-l.

DMGE: Boilg...

PMF: Bhail, níl a fhios agam anois...

DMGE: Boilg an Díchill ab é?

PMF: Ní mhottaigh mise an t-ainm ariamh.

DMGE: Ní mhottaigh tú.

PMF: Ní mhottaigh, agus anuas ansin tá na creagacha sin.

DMGE: Is é.

PMF: Tá talamh bog ann, talamh bog donn air. Níl ann ach na creagacha. Tá cuid acu osciunn an uisce agus tá cuid acu faoin uisce. Cuid acu nochtaithe¹⁶ le tráigh, agus cuid nach noctann. Aigh. Ansin, ní mhottaigh mise an t-ainm sin.

DMGE: Ar mhottaigh tú ainm ar bith orthu?

PMF: Tá a fhios agat, [...].

DMGE: B'fhéidir go dtiocfaidh sé ar ais.

PMF: Sin an Charaigh. Ó tá sé agam anois, seo [...].

DMGE: An Charaigh...?

PMF: Suas ansin, tá Lag na nDoicheall a bheireann muidinne.

DMGE: Lag na...?

PMF: Lag na nDoicheall.

DMGE: Na nDoicheall?

¹⁶ ‘Nochta’ an leagan caighdeánach de sin (Ó Dónaill 1977, 913).

PMF: Aigh.

DMGE: Ó. Is ea. Lag na nDoicheall.

PMF: Sin an t-ainm a bheireann muidinne air sin. Is é. Lag na nDoicheall.

DMGE: Ó sin an t-ainm atá air, *Bullogadihil*. Sin an t-ainm, an bhfuil a fhios agat...

PMF: Ó, is é.

DMGE: Doiligh a dheánamh amach. Lag na nDoicheall.

PMF: Lag na nDoicheall a bheireann muidinne air. Lag na nDoicheall. Tá creagacha anuas ansin, mar a déarfá, anuas ansin ón Tor Glas, drochthalamh ann, aigh, agus ansin sin an ceann a bheireann muidne an Charaigh uirthi. An Charaigh. Sin, agus an bhfuil a fhios agat, dá mbeadh an fharraige, mar a déarfá, gan beo a bheith inti, gan beo a bheith inti, nuair a bhogfadh sí ar chor ar bith, mar a déarfá, d'inseochadh sin é. Bheadh tonn ag briseadh uirthi sin i dtólálmh. Bheadh. Bheadh sé anois ciúin, ach dá mbogfadh sí áit ar bith ar chor ar bith an t-uisce, bhéarfá fá dear uirthi sin é. Bheadh tonn gheal ag briseadh uirthi [...].

DMGE: Bíonn sé os cionn an uisce i dtólálmh?

PMF: Ó tá sí. Creag mhór atá inti.

DMGE: Ab é? Is é.

PMF: Is é. Creag mhór atá inti. Anoisní coveráltear ariamh é, [...] le tonn í a *choveráil* ná a mhacasamhail sin. Ach má bhogann... dá mbeadh an lá is ciúine sa bláthann, agus an t-uisce, mar a déarfá, gan bogadh ann, comh luath is a bhogfadh sé áit ar bith, d'inseochadh sé seo.

DMGE: An Charaigh.

PMF: D'inseochadh sé seo. Aigh. Bheadh an tonn ag briseadh uirthise, bheadh. Caraigh.

Ansin, tchím gur *Corry Rock*, gur sin an ainm. Aniar linn ansin go dtí...

DMGE: Scoilt na Loinge, ab é?

PMF: Scoilt na Loinge, is é.

DMGE: Scoilt na Loinge?

PMF: Scoilt na Loinge. Aigh. Is é. Tá. Scoilt na Loinge. Tá áit mhór, poll mór isteach ansin, áit mhór, beanna móra arda taobh astoigh dó. Agus ba ghnách le na soithigh seoltóireachta ó seo, tá poll mór domhain ann, ba ghnách leofa baint foscaidh. Sin, an bhfuil a fhios agat, an t-am a bhí na *tyrants* ag goil thart fad ó shoin. Fada an lá, ba ghnách leo baint faofa ansin [...]. Aigh. Tá áit, an bhfuil a fhios agat, atá astoigh ann, poll mór astoigh ann agus é ard, agus luighfeá dhá lá ann agus ní thabharfaí fá dear tú, an dtuigeann tú? Sin, an bhfuil a fhios agat, áit folach... tá mise ag deánamh gur sin an réasún a bhí air le Scoilt na Loinge a thabhairt air. Bhail, sin a deireadh na seandaoine.

DMGE: Ba ghnách leofa theacht isteach ansin...

PMF: ... a theacht isteach ansin agus fanacht, an bhfuil a fhios agat, i bhfolach. Dá mbeadh siad fá choinne damáiste ar bith a dheánamh, ná a mhacasamhail, sin, mar a déarfá, an méid a bhfuair muidinne ariamh air. Gur i bhfolach a bheadh siad, an bhfuil a fhios agat, lá ná beirt ná sin, Scoilt na Loinge. Aigh. Sin an rud. Agus aniar ansin go dtí... seo Port an Chrainn.

DMGE: Port an Chrainn

PMF: Bhail, sin an port atá taobh thíos den bhaile acu. Bhí dhá áit ann, mar a déarfá, a dtiocfadhl leat, mar a déarfá, sin Port an Chrainn, mar a déarfá. Bhí áit ansin, an bhfuil a fhios agat, cé deánta ann, agus eile.

DMGE: Tá cé ann?

PMF: Tá. Tá cé ann. Tá cé ann.

DMGE: Port an Chrainn.

PMF: Port an Chrainn. Sin an áit a bhí acu, mar a déarfá, ceathrar den bhaile nuair a bheadh siad ag goil go thír mór ná ag goil amach go teach an phobail, sin an port a bhí acu sula bhfágfadh siad agus sin... seo Boilg Phort an Chrainn, nach bé?

DMGE: Is é. Boilg Phort an Chrainn.

PMF: Í sin ansin. Aigh. Boilg Phort an Chrainn. Aigh.

DMGE: Boilg Ph...

PMF: ... Phort an Chrainn. Sin Port an Chrainn astoigh anseo agus sin an bhoilg taobh amuigh dó. Sin an bhoilg taobh amuigh dó. Aigh. Aigh. Boilg Phort an Chrainn. Agus anuas anseoanois go dtí, seo, mar a déarfá...

DMGE: An scoil.

PMF: Sin Teach na Scoile. Seo an Slodán Mór.

DMGE: Slodán Mór.

PMF: Aigh. Tá áit isteach ansin, mar a déarfá, sin ag goil isteach ansin é. Slodán. Bhail, níl a fhios agam caidé an réasún a bhí leis an Slodán Mhór. Aigh. Sin ansin é. Agus sin é Teach na Scoile ansin. Is é. Teach na Scoile, agus, aigh, aigh, rachaimid ar aghaidh linn. Seo Port an Churaigh.

DMGE: Port an Churaigh.

PMF: Port na... Is é, Port an Churaigh.

DMGE: Port an Churaigh.

PMF: Is é, aigh, a bheireann siad air sin.

DMGE: Port an Churaigh.

PMF: Is é. Bhail, sin an áit, mar a déarfá. Rachadh siad fada an lá, seo trasna go dtí é...

DMGE: Oileán Bó.

PMF: Sin Oileán Bó, seo...

DMGE: Inis Sionnaigh.

PMF: Sin Inis Sionnaigh. Sin Tráigh na Murún, Tráigh na Murún. Bhail, is é an réasún a bhí le... C'ainm seo? Port an Churaigh... Sin an áit a bhfágfadh siad as Gabhla fad ó shoin.

DMGE: Ó, ab é?

PMF: Is é. Sin fada an lá ó shoin, ní rabh acu ach na curaigh san am. Trasna go dtí seo, an aichearra, is é. Bhail ansin ní rabh, ní rabh na... bhí siad ábalta a ghoil trasna ansin go dtí... ní rabh an caineál ag goil amach an dóigh a bhfuil séanois.

DMGE: Á tchím, bhí sé ceangailte le...

PMF: Bhí, bhí sé ceangailte ar an... mar a déarfá, Inis Sionnaigh, agus síos anseo cheanglóchadh siad thoir iad, bhí.

DMGE: Tchím. Is é.

PMF: Sin an réasún a bhí le Port an Churaigh a thabhairt air sin. Giota beag trasna. Sin é, go dtí Tráigh na Murún. Sin an áit a bhfuair siad trasna leis an churach.

DMGE: Tráigh na Murún.

PMF: Aigh. Aigh. Tráigh na Murún. Port an Churaigh, agus soir ansin linn anois, Port an Churaigh.

DMGE: Tá cineál gob ag goil amach ansin...

PMF: Soir linn anseo, sin, seo, Port na...

DMGE: ... Dumhcha.

PMF: Port na Dumhcha a bheireann siad sin air sin.

DMGE: Port na Dumhcha.

PMF: Port na Dumhcha. Tá. Bhail, Gob na Dumhcha a bheireas muidinne air.

DMGE: Gob na Dumhcha. Is é.

PMF: Gob na Dumhcha.

DMGE: Níl port ar bith ann.

PMF: Níl, níl port ar bith ann.

DMGE: Gob na Dumhcha. Is é.

PMF: Aigh, níl.

DMGE: Gob na Dumhcha.

PMF: Gob na Dumhcha agus sin, thart linne anois, seo Gob na Dumhcha ansin an pointe

sin. Bhail, seo an chreag atá taobh thoir leis, Carraig na Béicfí [...] a rabh mé ag caint uirthi.

DMGE: Ó is é. Carraig na Béicfí.

PMF: Tá sí i dtólamh, an bhfuil a fhios agat, [...].

DMGE: Ó, ab é. Is é.

PMF: Is é. An bhfuil a fhios agat, oíche chiúinanois, oíche chiúin dá mbeifeá tú thíos faoin Ghabhla agus achan rud go suaimhneach, mhothófá ise ag búirthí¹⁷.

DMGE: Cad tuighe sin? An bhfuil...

PMF: Bhail cibé caidé an dóigh a mbuaileann an t-uisce í, rud inteacht. Bíonn rud inteacht ann, mar a déarfá, gheibheann sí, an bhfuil a fhios agat, thógfadh sí callán. Níl a fhios agam caidé an réasún... ní thig liom anois. Ná caithfidh sé cibé caidé an dóigh a mbuaileann an tonn í ar dhóigh inteacht. Aigh. Carraig na Béicfí.

DMGE: Carraig na Béicfí?

PMF: Is é. Aigh. Seo tráigh...

DMGE: Tráigh na Béicfí, ab é?

PMF: Sin Tráigh na Béicfí isteach uaithe, Tráigh na Béicfí. Sin isteach ansin, an tráigh sin. Aigh. Agus sin é p-o-l-l-b-o-y.

DMGE: Poll Buí ab é?

PMF: Poll Buí, sin áit bheag eile atá isteach ansin. An bhfuil a fhios agat ó fhágann tú seo, creag uilig atá soir agus tá poll beag isteach ansin a bhfuil tráigh ghainimh ann. Poll Buí.

DMGE: Poll Buí.

PMF: Poll Buí.

DMGE: Poll Buí.

PMF: Aigh. Is é. Agus soir anseo linn anois go dtí... sin Tráigh na mBláthán a bheireann siad

¹⁷ FGB: búirthí = búireach = vn de 'búir'.

air sin.

DMGE: Tráigh na...?

PMF: ... na mBláthán. Áit a bhfuil an ché. Sin an ché a bhíodh muidinne ag baint úsáid aisti.

DMGE: Tráigh na mBláthán.

PMF: Tráigh na mBláthán.

DMGE: Tráigh na mBláthán.

PMF: Aigh. Tráigh na mBláthán. Sin an ché, an áit... ar an taobh den bhaile go rabh muidinne... sin an ché a rabh muidne ag baint úsáid as, an ché sin. Bhail sin, Gob na nDeorann.

DMGE: Gob na nDeorann.

PMF: Is é, cibé caidé an réasún,ní thig liomsa inse duit caidé an réasún le Gob na nDeorann. Gob na nDeorann, aigh, a bheireann siad air sin. Agus an bhfuil a fhios agat, tá creag, bhí creag bheag ann, mar a déarfá, [...], nuair a d'imeochadh an lán mara amuigh a bhí ábalta a ghoil trasna ar an chreag. Bhail, ní rabh sí rómhór. So sin muid... sin an pháirt sin den rud, thart ar Ghabhla. Bhail go dtí seo anois, seo...

DMGE: Eala.

PMF: Oileán Eala. Oileán beag atá ann, sin Oileán Eala. Aigh.

DMGE: Oileán Eala.

PMF: Áit fá choinne caora déag ar feadh coicíse. Áit a thógsas tá caora déag ar feadh deich lá.

DMGE: Cad tuighe?

PMF: Níl ann ach an áit bheag. Tá féar ag deich gcaora ann ar feadh deich lá.

DMGE: Sin uilig?

PMF: Sin uilig.

DMGE: Oileán Eala.

PMF: Ná in m'amsa, bhí daoine as an tír móir anseo, mar a déarfá, chuirfeadh siad isteach a gcuid caorach isteach sa dá oiléán ansin. Oileán Ghabha agus Oileán Eala, agus ní chuirfeadh siad ansin ach deich reithe ar an oiléán sin, agus deich lá a d'fhágfadh siad ann iad, agus bheadh an chuid eile anseo ar feadh míosa. Tá an t-oileán seo níos mó, sin an rud.

DMGE: Oileán Ghabha?

PMF: Oileán Ghabha atá air sin. Aigh, Oileán Ghabha, aigh. Oileán Ghabha, agus seo...

DMGE: Boilg eile. Boilg Buí, ab é?

PMF: An Bhoilg Bhuí. Sin amach... Tá sé sin amach ó Oileán Eala. Ó tá, tá droch-cheann ann.

DMGE: Ab é?

An tras-scríbhinn: 641b1

641b1: Pádraig 'Ac Fhionnlaoigh (Patrick Éamoinn Thaidhg), Machaire Chlochair, ach a tógadh i nGabhla. c. 65.

DMGE: An Bhoilg Bhuí. An Bhoilg Bhuí... Is é... agus...

PMF: Aigh. Bhailanois, sinanois thart ar Ghabha uilig.

DMGE: Is é.

PMF: Is é. Bhailanois, seo rud inteacht anseo.

DMGE: Is é. Carraigeacha atá ann. Carraig Máirtín ab é?

PMF: Carraig Máirtín Beag agus Carraig Máirtín Mór.

DMGE: Is é. Carraig Máirtín Beag... Máirtín Beag.

PMF: Aigh, agus Carraig Máirtín Mór, aigh.

DMGE: Carraig Máirtín Mór.

PMF: Agus sin... sin an...

DMGE: Líonán... Líonán Rua, ab é?

PMF: Líonán Rua, tá sin ann.

DMGE: Ar mhorthaigh tú é?

PMF: Ó tá sé ann. Ó tá sé ann, Líonán Rua.

DMGE: Caidé an difear atá eadar líonán agus boilg anois, ná an bhfuil difear ar bith eatarthu?

PMF: Tá difear eatarthu. Tá difear eatarthu agus eadar an oíche is an lá. Boilg agus líonán. Líonán, mar a déarfá... Boilg, tá boilg i dtólámh, an bhfuil a fhios agat, sinanois boilg... chóir a bheith, ní nochtaidh boilg agat.

DMGE: Ó nach nochtaidh. Is é. Is é.

PMF: Ní nochtaidh. Is é an tonn a bhriseas air ach ní bhfuighidh tú, ní fheicfidh tú an giorta atá aici. Ach an líonán, nochtaidh an líonán le tráigh. Tráigh mhór, nochtaidh sé. Ach an bhoilg, ní nochtaidh sise ar chor ar bith, an bhoilg. Tá. Tá an difear sin

ann.

DMGE: Ó tchím. Is é.

PMF: Boilganois. Tá a fhios agat boilg, sin a macasamhail... bhail, cinnte tá... Bhail tá mé contráilte ansin forsta. Sin Boilg Chonaill, tá sí noctaithe. Tá sí noctaithe, ach sin Boilg Chathailanois agus ní noctann sí.

DMGE: Ní noctann sí.

PMF: Ní noctann, ná c'ainm seo air, anois. Rinn mise mé féin agus go leor diomaite dom, bhí mé ábalta rámha a bhualadh uirthi, sin rámha trí troithí déag ar fad, bhí mé amuigh ag iascaireacht lá maith uirthi, an bhfuil a fhios agat, chuirfeá síos an rámha nuair a bheadh sé ina thráigh, bheifeá ábalta do rámh a bhualadh uirthi.

DMGE: Ní bheadh sé iontach domhain.

PMF: Níl. Thart fá thrí troithí déag a bhí uirthi ina lagtrá, ina lagtrá. Aigh. So sin thart ar...

DMGE: Agus... ceann ann... Líonán na nGlasán ab é?

PMF: Líonán na nGlasán. Tá sin ann, cinnte, tá sin ann faoi...

DMGE: Líonán na nGlasán.

PMF: Tá sin ann faoi Theach na Scoile ná bhí mé ag iascaireacht ansin tá seachtain ó shoin.

DMGE: An rabh?

PMF: Bhí, bhí eangach agam thart fá sin ach fuair mé traidhfil deargógaí ann. Fuair. Fuair. Aigh. Aigh.

DMGE: Bhí cupla áit eile agat nuair a bhí muid ag caint amuigh ar an tsráid ansin. Na Tomógaí. Cá rabh siad sin?

PMF: Is é. Bhail, sin na Tomógaí. Is é. Bhail, amach anseo atá siad, na Tomógaí. Amach anseo. C'ainm seo? Bhí muid ag caint ar na Rinneogaigh.

DMGE: Ó is é.

PMF: Ag caint ar na Rinneogaigh, bhail tá siad...

DMGE: Caidé an cineál áit atá sna Rinneogaighanois?

PMF: Tá. Creag atá inti fostá.

DMGE: Ó ab é?

PMF: Creag. Creag. Is é.

DMGE: Na Rinneogaigh. Caithfidh sé go bhfuil sé... an chéad cheann eile. Na Rinneogaigh, cuirfidh mé síos é.

PMF: Na Rinneogaigh. Bhail, fan go fóill go bhfeicfimid anois. Sin á, aigh, na Rinneogaigh.
Sin na Rinneogaigh ansin, an bhfeiceann tú?

DMGE: Ó, ab é?

PMF: Sin ansin í.

DMGE: Na Rinneogaigh.

PMF: Sin ansin í. Na Rinneogaigh.

DMGE: Na Rinneogaigh.

PMF: Na Rinneogaigh, an chreag sin ansin. Sin na Rinneogaigh. Agus cá hainm ainm anois uirthi seo atá taobh astoigh dithe? Á, chuaigh sé fríd mo cheann [...]. Aigh. C'ainm anois atá uirthse? Níl a fhios... agus amach anseo, mar a déarfá, ó lompainn, tá Boilg Chonaill.

DMGE: Boilg Chonaill.

PMF: Thart fá, amach, amach mar sin. Boilg Chonaill.

DMGE: Boilg Chonaill?

PMF: Boilg Chonaill.

DMGE: Chonaill.

PMF: Aigh. Agus tá na Tomógaí isteach ansin.

DMGE: Ó an bhfuil?

PMF: Isteach ansin.

DMGE: Na Tomógaí.

PMF: Is é. Na Tomógaí. Isteach ann mar sin. Tá rainse, ó rainse fada faofa, na Tomógaí,

isteach ag tarraingt ar lompainn.

DMGE: Bheadh sé contúirteach go maith, an mbeadh?

PMF: ... ó tá, tá siad pollta, drochthalamh, is bhrisfeadh an tonn orthu. Bhrisfeadh, mura mbeadh eolas agat orthu. Tá marcanna orthu, an bhfuil a fhios agat. Aigh. Chaithfeá na... c'ainm seo... an bhfuil a fhios agat bheireann muidinne ainm Gaedhilge rómhaith air, *Tower an Factory*.

DMGE: Ó is é. Is é. Tá *Tower an Factory* ansin.

PMF: Sin ag... Thoir an áit a bhfuil Clann Mhic Giolla Bhríde. Tá. Bhail, sin an marc a bheadh againne.

DMGE: Ó, ab é?

PMF: Is é. É a choinneáilt, más muidne amuigh ansin, mar a déarfá, é a choinneáilt nochtaithe, é a choinneáilt nochtaithe... tá sé ansin agat.

DMGE: Sin ansin é.

PMF: Bhail sin an Bun Beag. Ó seo é, *Middletown*, is é.

DMGE: Bheadh sé ansin.

PMF: Aigh. Is é. Bhail, chaithfeas muidinne¹⁸, mar a déarfá, é a choinneáilt nochtaithe ar lompainn.

DMGE: Ó ab é?

PMF: Is é. Choinneofá sin nochtaithe ar lompainn agus d'fhágfadh sin tú glan daofa, glan daofa, sin an rud a bhí le... Agus siar uaidh seo thiar anseo tá Boilg Chathail.

DMGE: Boilg Chathail.

PMF: Aigh.

DMGE: Boilg Chathail.

PMF: Boilg Chathail, aigh.

¹⁸ Luann Hughes (1994, 643) go mbíonn leaganacha éagsúla den chéad phearsa uimhir iolra den mhodh coinníollach i gcanúintí Uladh. Luann sé 'glanfas muid' mar leagan malartach. Is amhlaidh gur an leagan amach céanna atá in úsáid anseo.

DMGE: Boilg Chathail.

PMF: Aigh. Boilg Chathail. Boilg Chathail. Aigh. Ó is é. Bhail, chóir a bheith, sin gnoithe Ghabhla uilig, chóir a bheith. Is é.

DMGE: Caidé an Ghaedhilg a bhí agaibh ar na *Stags* amuigh anseo?

PMF: Na Mic Uí gCorra.

DMGE: Na Mic Uí gCorra? Is é. Na Mic Uí gCorra.

PMF: Na Mic Uí gCorra.

DMGE: Maram go rabh tú amuigh ansin, minic go leor. An rabh?

PMF: Bhí, ag iascaireacht thart uirthi. Ach mhothaigh mise ag an am agus anois ní thig leat achan rud a chreidbheáil, go dteachaidh beirt fhear as Mullach Dubh thiar ansin amach lá uirthi, agus bhain siad buicéid bhairnigh uirthi, seo orú seo, agus thug siad leo 'na bhaile iad agus bhruth siad iad, agus nuair a bhí siad bruite, pota folamh a bhí acu. Cé acu a bhí an ceart dó sin ná nach rabh.

DMGE: Na Mic Uí gCorra. Is é.

PMF: Bhail, deir siad gur creag a bhí inti gur faoi gheasa a cuireadh iad. Ba ghnách leo a [...] go mb'achan seachtó bliana go dtógfadh siad a gcuid seoltaí, a ghoil soir fá choinne Toraigh a chur ar thinidh.

DMGE: Ab é? Is é.

PMF: Déarfadh siad sin. Aigh. Déarfadh siad sin. Ó tá drochshaol agat inti.

DMGE: An bhfuil sí iontach ard?

PMF: Níl, ní bheadh, tá sí ard. Ní bheadh. Tá sí. Níl sí iontach ard, an bhfuil a fhios agat? Agus an lá is ciúine sa bhliain tá an tonn ag briseadh anuas i mullach uirthi. Tonn ag briseadh anuas, tá drochthalamh thart uirthi. Drochthalamh tana. Drochthalamh uirthi, drochthalamh thart uirthi, thart fá dtaobh di, talamh tana, talamh tana. Aigh, bhail, anois, anois, anois. Níl a fhios agamsa ach, aigh... aigh.

DMGE: Dá mbeifeá ag goil amach go thír mór as Gabhla, an mbeadh marcanna agat ar an

talamh, an bhfuil a fhios agat, leis an... an bhfuil a fhios agat, is dóiche go rabh caineál ann, an rabh? As Gabhla?

PMF: Go dtí an thír móir?

DMGE: Is é.

PMF: Och, bhail, an bhfuil a fhios agat, ní rabh ann ach an giota gairid. Giota gairid agus, an bhfuil a fhios agat, agus ní rabh... amach in san oíche, san oíche a bheadh, mar a déarfá. San oíche, bhail, mar a déarfá... in san am a rabh muidinne ag goil, san oíche a [...] an solas, ní rabh na solais comh leitheadach agus atáid anois. Ní [...].

DMGE: Nach rabh?

PMF: Á ní rabh, ní rabh. Caidé a bhí iontu ach solas, le, c'ainm seo air, lampa in achan teach.

DMGE: Ó tchím, is é, is é.

PMF: Anois, fan go bhfeicfimid anois, cá bhfuil an port seo, an áit a rabh mise ag caint air?

DMGE: An ché?

PMF: Aigh is cé í seo. Anois muidinne ag goil...

DMGE: Sin Gob na nDeorann.

PMF: Is é sin Gob na nDeorann, maise. Muidinne ag goil amach go dtí an thír móir anois san oíche. Anois, cá bhfuil an... cá bhfuil an caineál go dtí an Bun Beag.

DMGE: Anseo.

PMF: Sin ansin é. Sin é Oileán Bó. Sin Oileán Bó. Bhail, is d'fhágfadh muidinne an ché, bhail, an bhfeiceann tú an chreag sin, bhail, bhí sí sin ag goil a bheith i lár an bhealaigh againne san oíche, nach rabh?

DMGE: Bhí.

PMF: Aigh. Bhail, rachas muidinne amach anonn an bhuaidh anonn mar sin. Bhí solas thar, thoir ansin, tailliúir a bhí ann. Tomás Ó Duibhir, thoir i Srath Máirtín. Agus bhí sé ag tailliúireacht, agus bhí, maram, ceann de na lampanna móra seo aige, mar an *Tilley*.

Agus an dóigh a rabh sé ag teacht amach ar, mar a déarfá, soilse amach ar an fhuinneog, bhí muidinne ábalta a rá, agus nuair a chailleas muidinne é bhí muid glan ón chreag seo. An dtuigeann tú? Nuair a chailleas muid é. Nuair a d'fhágfas muidinne an cuan, rachas muid an bealach sin anonn anonn, fá choinne, mar a déarfá, ach bhí an solas seo againn, aigh, agus nuair a chailleas muidne an solas rachas muid díreach an bealach seo ag tarraingt ar... aigh. Sin an dóigh, sin ceann amháin dófa, agus rudaí go leor eile diomaite dó sin a bhí againn, ach sin ceann amháin a bhí iontach tábhachtach agat, solas Thomás Ó Duibhir¹⁹. Tailliúir a bhí ann thoir ansin i Srath Máirtín, bhí, bhí. An bhfuil a fhios agat, bhí cuid mhór rudaí mar sin ann, cuid mhór, an bhfuil a fhios agat, [...] ná bheadh oícheanna ann, ní bheadh sé geal achan oíche, ní bheadh. Ní bheadh, maise, ní bheadh. Aigh. Sin [...] dá bhfuil a fhios agamsa fá dtaobh de Ghabhla, b'fhéidiranois. Is é. Más úsáid ar bith é sin duitse.

DMGE: Ó is é. *Thanks.* Cinnte. Cuid mhór anseo agam. Cuid mhór ainmneacha.

PMF: Tá cuid mhór.

DMGE: An bhfuil tú i bhfad anseo? An bhfuil tú i bhfad anseo i Machaire Chlochair?

PMF: Tá mé anseo i Machaire Chlochair le bliain agus... tá mé ann le daichead bliain.

DMGE: An bhfuil?

PMF: Tá daichead bliain caite agam ann. Tá. Daichead bliain. Tá, maise, aigh.

DMGE: Is é. Bhail, an rabh ainmneacha ar bith den tseort sin thart anseo, ar chor ar bith, an bhfuil a fhios agat? Seanainmneacha mar sin, thart ar Mhachaire Chlochair, maram?

PMF: *Oh God, aye.*

[paiste bán 12.06–12.36]

PMF: Ní rabh, an bhfuil a fhios agat, amach... C'ainm seo air? Dá bhfuil a fhios agamsa áiteachaí, an bhfuil a fhios agat, macasamhail thíos Ard na Rúideog thíos ansin.

¹⁹Níl an ginideach curtha i bhfeidhm ag an chainteoir anseo.

DMGE: Ard na Rúideog.

PMF: Is é agus, c'ainm seo thíos ansin, áit a bhfuil an t-óstán úr sin tóghtha.

DMGE: Is é.

PMF: Poll na Mná Mire.

DMGE: Poll na Mná Mire.

PMF: Is é. Aigh.

DMGE: Poll na Mná Mire.

PMF: Aigh agus...

DMGE: Is é. Poll na Mná Mire.

PMF: Is é. Thíos ansin áit a bhfuil an... óstán úr sin ag Aodh Ó Baoill. Fan go bhfeice mé an bhfuil...

DMGE: Sílim go bhfuil ceann eile amuigh sa charr agam.

PMF: Is é sin, an bhfeiceann tú? [...]

DMGE: Is é. Tá. Poll na Mná Mire.

PMF: Poll na Mná Mire.

DMGE: Is é. Ard na Rúideog.

PMF: Bhí sin agat roimhe, Ard na Rúideog.

DMGE: Cá bhfuil Ard na Rúideoganois?

PMF: Tá. Síos ansin... taiseánpaidh mé... síos ansin atá... Taiseánpaidh mé arís duit é, nuair a rachaidh muid amach, Ard na Rúideog. Ard na Rúideog, agus Ard na Rúideog agus sin Ard na Rúideog. Cúl na Dumhcha ar a chúl, mar a déarfá.

DMGE: Cúl na Dumhcha?

PMF: Cúl na Dumhcha.

DMGE: Cúl na Dumhcha.

PMF: Is é.

DMGE: Cúl na Dumhcha.

PMF: Is é.

DMGE: Cúl na Dumhcha.

PMF: Agus fan go bhfeicfimid anois tá... aigh. Seo ceann anseo, aigh. Sin an chreag ag teacht aníos duit á... aníos go dtí an Bun Beag duit, aníos an caineál.

DMGE: Carraig... Bolg?

PMF: Carraig Bolg, aigh... a bheireas muidinne uirthi.

DMGE: Carraig Bolg.

PMF: Carraig Bolg, aigh.

DMGE: Carraig Bolg.

PMF: Carraig Bolg agus sin... aigh.

DMGE: Tá carraig eile ansin.

PMF: Tá, sin... [...] dearmad. Ó is é, is é. Carraig na Trá Móire. Sin, an bhfeiceann tú...?

DMGE: Carraig...

PMF: ... na Trá Móire, is é, is é, thíos i lár na trá.

DMGE: Carraig na Trá Móire.

PMF: Aigh. Fan go bhfeicfimid anois. Tá ceann amháin anseo a chaithfidh mé inse duit ar scor ar bith. *Sandhill*.

DMGE: Sin an áit a rabh an tseanchaineál ag goil amach ansin, nach bé?

PMF: Is é. Sin an áit a rabh an seanchaineál ag goil amach. Ní rabh seo ar chor ar bith in san am sin. Níl... C'ainm seo...?

DMGE: An bhfuil cuimhne ar bith agat féin air?

PMF: Á níl. Níl. Ó níl, cuimhne ar bith. Bhí sé i bhfad ró m'amsa. Bhí sé i bhfad ró m'amsa. Ach d'fhoscail sé iontach gasta, an caineál. D'fhoscail sé in oíche amháin.

DMGE: Ar fhoscail?

PMF: D'fhoscail. Tháinig an soitheach isteach 'na Bhun Bhig, isteach an bealach seo, isteach an seanbhealach a bheireann muidinne air.

DMGE: An seanbhealach?

PMF: An seanbhealach. Is é.

DMGE: Níl a fhios agam cé a thug sin... seanbhealach?

PMF: Tháinig an soitheach isteach an seanbhealach ansin 'na Bhun Bhig, le lasta, agus fuair sí amach ag Oileán Bó. D'fhosail sé comh gasta sin, aigh.

DMGE: Chuaigh sé amach ag Oileán Bó?

PMF: Chuaigh. Chuaigh. Sin an t-oileán amuigh. Sin an bealach a dteachaigh sí amach, amach, tháinig sí isteach an seanbhealach agus fuair sí amach an bealach eile. Fuair sí amach an bealach sin atá foscailté inniu. Fuair. Tá, c'ainm seo a bhí a inse domhsa go minic? Archie Dunlop. Thíos ag Teach an Bháid. A athair, bhí, eisean a bhí ag tabhairt amach is isteach na soithigh san am.

DMGE: Ó ab é?

PMF: Is é. Bob.

DMGE: A athair sin.

PMF: Athair eisean.

DMGE: Bob.

PMF: Agus thug sé isteach an soitheach an seanbhealach agus thug sé amach an bealach eile í. Anois, ní bheadh sí ar scor ar bith, astoigh níos mó ná, bhail, san am sin ní rabh rudaí comh gasta comh cliste agus atáid inniu, an bhfuil a fhios agat? Ní rabh a dhath ar bith ann ach, obair lámh agus málaí, iompar málaí, ach inniu tá rudaí níos gaiste. Ach ní bheadh sí astoigh níos mó ná coicís ar scor ar bith creidim, déarfainn. Naoi ná deich de laethaibh. Bhail, d'fhosail sin comh gasta sin. Cailleadh duine ann, fear ansin fosta.

DMGE: Ar cailleadh? Is é. Is é.

PMF: An bhfuil a fhios agat, níor shíl sé go raibh sé comh domhain, mar a déarfá, d'fhosail sé comh gasta sin, agus é ag goil trasna go Inis Sionnaigh, maram, ag

cuartú éadála ná rud inteacht. Agus chuaigh sé amach amach leis agus báitheadh é.

Is é. Mar a déarfá. D'éirigh sé comh domhain comh gasta sin. D'éirigh. Ó d'éirigh.

Bhí... c'ainm seo air ansin ann, bhí áit... sin uilig go léir ann, ina thalamh uilig go léir.

Bhí. Ó bhí. Fan go bhfeice méanois.

DMGE: Sin an áit a thug tú Tráigh na Murún, a thug tú.

PMF: Tráigh na Murún, Tráigh na Murún, seo, astoigh anseo. Bhí mé ag caint air sin.

DMGE: Béal an Oileáin...? Béal an Oileáin Charrach, ab é?

PMF: Is é. Béal an Oileáin Charraigh.

DMGE: Béal an Oileáin Charraigh.

PMF: Is é. Tá tráigh astoigh ansin, bhailní shíl mise móran ariamh di, ach mhothaigh mé, an méid a shiúil sé riamh, sin Tomas Mac Giolla Bhríde, an fear sin a rabh an Bun Beag aige, thoir ansin, as Ard na gCeapairí. Bhí sé ann, tá tráigh ghainimh astoigh ansin, agus bhí sé ag inse domh, ba ghnách leis-sean a ghoil roimhe seo agus bhí sé iontach san am sin nuair a bheadh sé ar laetha saoire d'imeochadh sé amach anonn achan uile áit, an bhfuil a fhios agat. Aigh. Bhí. Bhí sé saibhir san am. Ní rabh a dhath ag cur bhuaireamh air. Agus d'imigh... nach rabh a leithéid de thráigh ariamh agus atá astoigh ansin in Inis Sionnaigh. Tráigh ghainimh. Nach bhfaca sé a leithéid ariamh. Tráigh atá ann. Tá sí glan, glan órga agus poll deas uisce ag teacht isteach áit a bhfuil an fharraige ag teacht isteach. Níl sé iontach domhain fá choinne tú a' ghoil amach den oíche no rud mar sin. [...]. Ach dúirt sé gur sin an tráigh ghainimh ba deise a chonaic sé in áit ar bith ariamh, aigh. Sin an tuighe a rabh mé ansin. Aigh. Ó aigh. So, sin anois, bhail sin an méid eolais a thig liomsa a thabhairt duitse, chóir a bheith, thart ar Ghabhla agus na rudaí mar sin. Tá. Sin an méid eolais a thig liomsa. Aigh. Is é.

PMF: Inis Meáin.

DMGE: Sin Inis Meáin. Bhail, c'ainm seo, tá fear thoir ansin dá mba mhaith leat eolas a fháil

ar Inis Meáin bhéarfadh sin duit é.

DMGE: Cé sin?

PMF: Dónall Ó Gallchóir thoir ansin. Tógadh ar an oileán sin é.

DMGE: Dónall Ó Gallchóir?

PMF: Is é.

DMGE: Cá bhfuil sé ina chónaí?

PMF: Bhail tá sé thoir ansin, thoir, an bhfuil a fhios agat an áit a bhfuil an siopa, c'ainm seo mar a deir siad féin, [...] agus thoir ansin.

DMGE: Thoir anseo?

PMF: Is é.

DMGE: Dónall Ó Gallchóir

Bean: Cé sin?

PMF: Cé? Tá, bhail. Tógadh in Inis Meáin é agus tháinig sé amach anseo a chónaí, cosúil an dóigh a bhfuil mise, mar a déarfá. Bhail, déarfainn go dtabharfadh sé eolas duit air... sin dá mba mhaith leat? Tá a fhios agat. Deán do chomhairle féin.

DMGE: Ó is é. Cinnte. Tá mé ag iarraidh daoine mar sin, an bhfuil a fhios agat.

PMF: Is é. Bhail, an bhfuil a fhios agat. Níl an chuma go bhfuair tú a dhath ar bith anseo.

DMGE: *No, ní bhfuair mé a dhath ar bith ansin.*

PMF: Bhail, tá sé sin thoir ansin, thoir agat. Sin más maith leat anois. Deán do chomhairle féin. Deán do chomhairle féin.

DMGE: Ó cinnte.

PMF: Bhail, anois. Sin é. Aigh. Sin an méid a thig liomsa inse duit fá dtaobh de...

DMGE: Bhail, go raibh céad maith agat ansin.

PMF: Ó go ndeánaidh a mhaith duit anois. Go ndeánaidh a mhaith duit. Aigh. Sin anois é. Aigh.

DMGE: An bhfuil tú ag iascaireacht i gcónaí?

PMF: Ó níl. Ó níl. Ó ró-aosta fá choinne sin anois. Caithfidh tú... ó níl mé ábalta an obair a dheánamh.

DMGE: Leis na bádai móra sin.

PMF: Ó níl mé ábalta...

5. Plé agus conclúidí

Sa chaibidil dheireanach seo tugtar conclúidí taighde an tráchtas seo agus pléitear féidearthachaí do thuilleadh taighde ar an ábhar.

Bhí dhá shruth ag baint leis an tráchtas seo:

1. Bunchatalóg na Cartlainne Fuaime a chóiriú le hionchur i mbunachar sonraí;
2. Tuilleadh taighde a dhéanamh ar an tacar a bhaineann le Gabhla i dTír Chonaill: liosta logainmneacha a thiomsú agus tras-scríobh a dhéanamh ar an ábhar fuaime.

5.1 Achoimre

Aithnítear go hidirnáisiúnta gur chóir ábhar analógach a chaomhnú trí athfhormáidiú a dhéanamh air. Mar thoradh ar an athfhormáidiú sin, ní úsáidtear an t-ábhar bunaidh chomh minic céanna agus mar sin caomhnaítear é. Cruthaíonn an t-athfhormáidiú deis le hacmhainní nua a chruthú ina n-úsáidtear bealaí éagsúla nua-aimseartha leis an ábhar a chur in iúl. Bhí an dá ghné sin i gceist le tionscadal na Cartlainne Fuaime, agus de bharr na hoibre a rinneadh don tráchtas seo, tá ábhar Chartlann Fuaime an Bhrainse Logainmneacha caomhnaithe don am atá le teacht, agus ar fáil go cianda ar líne don Bhrainse Logainmneacha agus do thraigheoirí logainmneacha ar aon, i rocht inchuardaithe.

Is gné lárnoch na caighdeáin mheiteashonraí do chruthú bailiúcháin dhigitigh. Is air sin a rinneadh iniúchadh i gCaibidil 2. Aithníodh gur meiteashonraí tuairisciúla a bhí i gceist le sonraí na Cartlainne Fuaime, i.e. sonraí a dhéanann cur síos ar an ábhar féin. Pléadh na caighdeáin a bhaineann le meiteashonraí tuairisciúla agus go háirithe na caighdeáin chartlannaíochta. I gcás ábhar a fuarthas le hoidhreacht, ní bheifí ag súil go mbeadh na sonraí ar fad rialta ann, ná go mbeadh sé cóirithe de réir aon chaighdeán ar leith. Is amhlaidh a bhí an cás leis an Chartlann Fuaime. Níor bhí ionann méid an eolais ná cineál an eolais ag aon duine de na bailitheoirí a bhí bainteach leis an Chartlann Fuaime. Chruthaigh sé sin dúshlán faoi leith agus na sonraí don Chartlann Fuaime á gcóiriú. Baineadh úsáid as na trí phrionsabal: 'cruinneas', 'comhsheasmhacht' agus 'iomláine' le sonraí na catalóige bunaidh a mheas, agus dearadh an bunachar de réir na tuisceana a fuarthas le linn an taighde sin. Leagadh amach an bunachar, agus cóiríodh na sonraí i scarbhileoga Excel. Tugadh na sonraí chun rialtachta de réir na dtrí phrionsabal thuas, a oiread agus ab fhéidir. Rinneadh coigearuithe agus leasuithe tar éis na sonraí a ionchur i mbunachar na Cartlainne Fuaime.

Bhí ábhar na Cartlainne Fuaimé mar bhunús don taighde a rinneadh sa chuid eile den tráchtas. Roghnaíodh an t-ábhar ó Ghabhla i dTír Chonaill mar thacar samplach den ábhar faoi choinne tuilleadh taighde. Bailíodh tuilleadh logainmneacha ó Mháirín Uí Fhearraigh as Gabhla, le linn obair pháirce i mí Iúil 2011. Scagadh foinsí scríofa le haghaidh logainmneacha. Cuireadh liosta logainmneacha le chéile ó na foinsí sin uile, mar aon le léarscáileanna, leaganacha foghraíochta agus míniú breise ó bhéal faisnéiseoirí.

Cuireadh scéim eagarthóireachta le chéile don tras-scríobh, bunaithe ar an dea-chleachtas de réir na litríochta, agus ar na saincheisteanna féin a tháinig aníos agus an taighdeoir i mbun tras-scríofa. Rinneadh tras-scríobh canúnach ar an ábhar fuaimé ó Ghabhla de réir na scéime sin.

5.2 Srianta leis an taighde

i) Daonnachtaí Digiteacha

An srian is mó a bhí leis an taighde seo ná gur ábhar le hoidhreacht is ea an Chartlann Fuaimé. Bíonn deacrachtaí faoi leith ag baint le hábhar le hoidhreacht a chur in oiriúint do bhunachar ar líne, e.g. mírialtacht i méid na sonraí, nó sa chineál eolais a chuirtear ar fáil. Is é prionsabal 'iomláine' na sonraí is mó a bhí le sárú i gcás na Cartlainne Fuaimé, is é sin, nár úsáideadh na heilimintí céanna tríd síos, ó tharla nach raibh an t-eolas céanna le gach taifeadadh sa chatalóg. Is srian é sin a bheadh doiligh a shárú ina iomláine, áfach, mar go mbeadh neart ama de dhíth leis an eolas sin a bhailiú, agus in a lán cásanna ní bheadh an t-eolas sin ar fáil níos mó.

Tá neart féidearthachtaí eile don chóras seo a fhorbairt agus a chur chun cinn, nithe a bhí thar scóip tráchtas Máistreachta. Pléifear iad siúd faoi 5.3.

ii) Logainmneacha agus tras-scríobh

Léiriú a bhí sa taighde seo ar na cineálacha féidearthachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an ábhar fuaimé seo. Bhí srianta ama ag baint leis an sruth seo chomh maith. Mar sin, cuireadh eager ar an ábhar logainmneacha, ach níor cuardaíodh seánfhoinsí stairiúla, ná ní dhearnadh comparáid idir na logainmneacha agus leaganacha cosúla in áiteanna eile. Rinneadh faisnéiseoir amháin a chur faoi agallamh mar gheall ar na logainmneacha i nGabhla. B'fhiú daoine eile a chur faoi agallamh le tuilleadh eolais a bhailiú mar gheall ar na logainmneacha féin.

5.3 Moltaí le haghaidh tuilleadh taighde

i) Daonnachtaí Digiteacha

Is áis leathan í an Chartlann Fuáime, a bhfuil na mílte féidearthachtaí do thuilleadh taighde ag gabháil léi. Go praiticiúil, tá obair gur féidir a dhéanamh chun feabhas a chur ar an bhunachar faoi mar atá sé anois, trí thuilleadh eolais a chur ar fáil, mar shampla. D'fhéadfaí achoimrí nó eochairfhocail a chur ar fáil do na taifeadtaí, le cuidiú leis an úsáideoir na taifeadtaí cuí a aimsiú. D'fhéadfaí leaganacha tras-scríofa a chur ar fáil do thacar de na taifeadtaí. D'fhéadfaí léarscáil idirghníomhach ar nós an ceann atá ag www.logainm.ie nó ag <http://sounds.bl.uk/> a chur leis an Chartlann Fuáime le bealach eile a chruthú le cuardach a dhéanamh ar an ábhar, nó bealaí éagsúla a dheardadh leis an ábhar a chur i láthair, rud a spreagfadh taighdeoirí le hábhar na Cartlainne a úsáid ar bhealaí nua cruthaitheacha. Bheadh sé cabhrach chomh maith, nótaí a bheith ar fáil faoi chaighdeán na dtaifeadtaí.

Is bunachar inmheánach atá i gceist le Cartlann Fuáime an Bhrainse Logainmneacha, atá ar fáil d'fhoireann an Bhrainse Logainmneacha agus do thaighdeoirí seachtracha ar iarratas, agus mar sin bheadh fiosruithe le déanamh mar gheall ar chúrsaí cóipchirt sula bhféadfaí é a chur ar fáil go poiblí. Is spéisiúil, mar sin féin, na nithe gurbh fhéidir a dhéanamh, fiú in Fiontar féin, le hé a cheangal le hacmhainní eile ar líne. D'fhéadfaí, mar shampla, liosta a dhéanamh de na faisnéiseoirí sa Chartlann Fuáime, a bhfuil beathaisnéisí ann dóibh sa tsraith *Beathaisnéis* agus ar shuíomh www.ainm.ie agus na taifeadtaí áirithe sin a cheangal le www.ainm.ie, dá measfaí an caighdeán fuáime etc. a bheith maith go leor. Ba mhór an áis é sin do thaighdeoirí, agus chuirfeadh sé le raon an ábhair agus le hidirghníomhaíocht an ábhair ar www.ainm.ie. D'fhéadfaí liostaí logainmneacha a chruthú do na taifeadtaí agus iad a cheangal leis na hiontrálacha do na logainmneacha sin ar www.logainm.ie. Mar sin bheadh sé ag cur leis na háiseanna idirghníomhacha ar www.logainm.ie chomh maith. Rogha eile a bheadh ann ná nóta eolais a chur le paróistí/barúntachtaí i mbunachar www.logainm.ie a thabharfadh le fios go bhfuil taifeadadh sa Chartlann Fuáime a bhaineann leis an áit áirithe sin.

ii) Logainmneacha agus tras-scríobh

Tá neart féidearthachtaí ann do thuilleadh taighde ar an ábhar áirithe seo. Tá ina measc, tuilleadh ábhar tras-scríofa a chur ar fáil don Chartlann Fuáime, é a úsáid mar bhunús do thaighde ar cheantar faoi leith, nó mar bhunús do thaighde canúineolaíochta.

B'ábhar spéise don taighdeoir, taighde a dhéanamh ar logainmneacha na n-oileán agus comparáid a dhéanamh eatarthu mar léiriú ar ainmneacha cósta agus ar na canúintí a bhaineann leo. D'fhéadfaí staidéar a dhéanamh ar chanúintí an Bhéarla nó ar chanúintí na Gaeilge ag baint úsáide as an ábhar seo forsta.

5.4 Conclúid

De thoradh an taighde seo, cuireadh Cartlann Fuáime an Bhrainse Logainmneacha ar fáil ar líne do thaighdeoirí logainmneacha. Is iarracht a bhí ann ábhar traidisiúnta léinn a chur ar fáil ar bhealach a bhí feiliúnach do theicneolaíochtaí an lae inniu, agus a d'éascódh obair do thaighdeoirí. Is é an Chartlann Fuáime féin an próimh-aschur ón taighde a rinneadh don tráchtas seo, chomh maith leis an ábhar logainmneacha ó Ghabhla i dTír Chonaill, agus an t-ábhar tras-scríofa.

An sprioc a bhí le bunú na Cartlainne Fuáime féin ar dtús báire, ná na logainmneacha a bhailiú agus a chaomhnú don tréimhse a bhí le teacht. Ba é sprioc an tionscadail seo ná leanúint ar aghaidh leis an obair sin, agus an t-ábhar fuáime féin a chaomhnú do na glúine atá le teacht. Táthar ag súil go spreagfaidh an obair seo daoine le spéis a chur sna daonnachtaí digiteacha agus leis na huirlisí atá ar fáil a úsáid ar bhealaí a rachaidh chun sochair don léann agus don obair sna Dána ach go háirithe, agus go rachaidh an obair a rinneadh anseo chun sochair do scoláirí logainmneacha na tíre seo.

Tagairtí

- Aalen, F.H. & Brody, H. 1969. *Gola – the life and last days of an island community*. Corcaigh: Mercier Press.
- 'Ac Fhionnlaoich, S. 1975. *Ó Rabharta go Mallmhuir*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta.
- 'Ac Fhionnlaoich, S. 2011. *Sealóga agus Siosmaid*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- An Cumann Logainmneacha. 1975. *Logainmneacha as Paróiste na Rinne, Co. Phort Láirge*. Baile Átha Cliath: An Cumann Logainmneacha.
- Bruce, T.R. & Hillmann, D.I. 2004. The Continuum of Metadata Quality: Defining, Expressing, Exploiting /IN: Hillmann, D.I. and Westbrooks, E.L. (eag.) *Metadata in Practice*. Chicago: American Library Association, 238–256.
- Carignan, Y., Evander, J., Gueguen, G., Hanlon, A., Murray, K., Roper, J., Ross, T. & Schreibman, S. 2007. *Best Practice Guidelines for Digital Collections at University of Maryland Libraries*. College Park, Office of Digital Collections and Research, University of Maryland. [Online]. Ar fáil ag: http://www.lib.umd.edu/dcr/publications/best_practice.pdf [Léite 23 Samhain 2010].
- Central Statistics Office Ireland. 2009. *Census of Ireland 1911* [ar-líne]. Ar fáil ag: <http://www.census.nationalarchives.ie/> [Léite 25 Lúnasa 2011].
- Cnuasach Bhéaloideas Éireann. [1928?]. Aínmeacha na hÁiteanna in Oileán Ghabhla, 1721, 163–164. Cnuasach Bhéaloideas Éireann, Baile Átha Cliath.
- Comharchumann na nOileán Beag. 2010. *Logainmneacha Oileáin Bheaga Dhún na nGall*. Dún na nGall: Comharchumann na nOileán Beag.
- Cork and Kerry Place Names Survey. Gan dáta. *Cork and Kerry Place Names Home Page* [ar-líne]. Ar fáil ag: <http://www.placenames.ie/> [Léite 10 Márta 2011].
- Gilliland, A.J. 2008. Setting the Stage /IN: Baca, M. (eag.) *Introduction to Metadata 3.0*. [ar-líne] Ar fáil ag: http://www.getty.edu/research/publications/electronic_publications/intrometadata/setting.html [Léite 20 Meán Fómhair 2010].
- Hart, H. 1983. *Hart's Rules for compositors and readers at the University Press*. 39ú heagrán. Oxford: Oxford University Press.
- Hockey, S. 2004. The History of Humanities Computing /IN: Schreibman, S., Siemans, R. & Unsworth, J. (eag.) *A Companion to Digital Humanities*. Oxford: Blackwell Publishing, 1–19.
- Hughes, A.J. 2008. *Leabhar Mór Bhriathra na Gaeilge*. Béal Feirste: Clólann Bheann Mhadagáin.
- Hughes, A.J. 1994. *Gaeilge Uladh* /IN: McCone, K., McManus, D., Ó Hánle, C., Williams, N. & Breathnach, L. (eag.) *Stair na Gaeilge*. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, 611–660.

Humanities Advanced Technology and Information Institute, University of Glasgow. 2002. *The NINCH Guide to Good Practice in the Digital Representation and Management of Cultural Heritage Materials* [ar-líne]. Ar fáil ag <http://www.ninch.org/guide.pdf> [Léite 12 Márta 2010].

International Council on Archives. 2000. *ISAD(G): General International Standard Archival Description: adopted by the Committee on Descriptive Standards, Stockholm, Sweden, 19–22 September 1999.* 2ú heagrán. [ar-líne]. Ar fáil ag <http://www.icacds.org.uk/eng/ISAD%28G%29.pdf> [Léite 11 Deireadh Fómhair 2010].

ISBD Review Group. 2004. *ISBD(G): General International Standard Bibliographic Description: annotated text: Recommended by the ISBD Review Group. Approved by the Standing Committee of the IFLA Section on Cataloguing.* [ar-líne]. Ar fáil ag <http://archive.ifla.org/VII/s13/pubs/isbdg2004.pdf> [Léite 11 Deireadh Fómhair 2010].

Joint Steering Committee for Revision of AACR and American Library Association. 2002. *Anglo-American Cataloging Rules.* 2ú heagrán. Chicago: American Library Association.

Library of Congress. 1998. *Challenges to Building an Effective Digital Library* [ar-líne]. Ar fáil ag: <http://memory.loc.gov/ammem/dli2/html/cbedl.html> [Léite 10 Meitheamh 2010].

Mac Gabhann, F. 2010. *Nótaí Treorach Teagascóra do Léacht Shamplach: Aonad 8 (Mionlogainmneacha), Doiciméad inmhéanach (in Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)*

Mac Gabhann, F. Gan dáta. *Logainmneacha Mhaigh Eo 3: Paróiste Acla.* Doiciméad neamhfhoilsithe: cóip i seilbh an Bhainse Logainmneacha.

Mac Graith, U. & Ní Ghearraigh, T. 2004. *Logainmneacha agus Oidhreacht Dhún Chaocháin i mBarúntacht Iorrais, Condae Mhaigh Eo.* Béal an Átha: Comhar Dún Chaocháin Teo.

Mac Mathúna, L. 1990. *Ár dTimpeallacht Logainmneacha: Inniu agus Amárach.* Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Mac Murchaidh, C. Gan dáta. *Focal na nUltach* [ar-líne]. Ar fáil ag: <http://www.smo.uhi.ac.uk/~oduibhin/> [Léite 27 Bealtaine 2011].

MacLennan, G.W. 1997. *Seanchas Annie Bhán.* Baile Átha Cliath: The Seanchas Annie Bhán Publication Committee.

Maine Infonet. 2005. *Maine InfoNet: Minerva: Bibliographic Material Types* [ar-líne]. Ar fáil ag: <http://www.maine.gov/infonet/minerva/cataloging/manual/ch4.htm#gmd> [Léite 10 Bealtaine 2011].

McGinley, D. 1993. *Oileán Ghabhla* [map]. Version 3.0. Londain: Dan McGinley.

Miliano, M. & IASA Editorial Group. 1999. *The IASA cataloguing rules : a manual for the description of sound recordings and related audiovisual media / compiled and edited by the IASA Editorial Group ; convened by Mary Miliano* [ar-líne]. Ar fáil ag: <http://www.iasa-web.org/iasa-cataloguing-rules> [Léite 16 Meán Fómhair 2010].

Ní Bhaoill, R. (eag.) 2010. *Ulster Gaelic Voices: Bailiúchán Wilhelm Doegeen 1931.* Béal Feirste: Iontaobhas Ultach.

- Ní Chasaide, A. 1999. Irish /N/. *Handbook of the International Phonetic Association: a guide to the use of the International Phonetic Alphabet*. Cambridge: Cambridge University Press, 111–115.
- Ní Dhíoráí, Á. (eag.) 1985. *Na Cruacha: Scéalta agus Seanchas*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teo.
- Nicolaisen, W.F.H. 1961. Field-Work in Place-Name Research. *Studia Hibernica*, (1), 74–88.
- National Information Standards Organization. 2004. *Understanding Metadata* [ar-líne]. Ar fáil ag <http://www.niso.org/publications/press/UnderstandingMetadata.pdf> [Léite 13 Meán Fómhair 2010].
- NISO Framework Advisory Group. 2007. *A Framework of Guidance for Building Good Digital Collections* [ar-líne]. 3ú heagrán. Ar fáil ag <http://www.niso.org/publications/rp/framework3.pdf> [Léite 15 Deireadh Fómhair 2010].
- Ó Baoill, D. 1996. *An Teanga Bheo: Gaeilge Uladh*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó Catháin, S. & O'Flanagan, P. (eag.) 1975. *The Living Landscape: Kilgalligan, Erris, County Mayo*. Baile Átha Cliath: Irish Folklore Commission.
- Ó Catháin, S. 1985. *Uair an Chloig Cois Teallaigh: scéalta dá n-inse ag Pádraig Eoghain Phádraig Mac an Luain*. Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann.
- Ó Cíobháin, B. 1968–69. Logainmneacha ó Bharúntacht Mhaigh Fhearta, Co. an Chláir. *Dinnseanchas*, 3, 38–49, 99–108.
- Ó Cíobháin, B. 1970–71. Logainmneacha ó Bharúntacht Mhaigh Fhearta, Co. an Chláir. *Dinnseanchas*, 4, 8–16, 38–45, 113–56.
- Ó Cíobháin, B. 1978. *Toponomia Hiberniae: Volume I*. Baile Átha Cliath: An Foras Duibhneach.
- Ó Cíobháin, B. 1984. *Toponomia Hiberniae: Volume 2*. Baile Átha Cliath: An Foras Duibhneach.
- Ó Cíobháin, B. 1984. *Toponomia Hiberniae: Volume 3*. Baile Átha Cliath: An Foras Duibhneach.
- Ó Cíobháin, B. 1985. *Toponomia Hiberniae: Volume 4*. Baile Átha Cliath: An Foras Duibhneach.
- Ó Criomhthain, T. 1999. *Dinnseanchas na mBlascaodaí*. 2ú heagrán. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Ó Dónaill, N. 1977. *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Ó Duibhín, C. 2009. *An Embryonic English-Ulster Irish Dictionary* [ar-líne]. Ar fáil ag <http://www.smo.uhi.ac.uk/~oduibhin/fbg.txt> [Léite 15 Samhain 2011].
- Ó hAirt, D. 1994. *Cnúasach Conallach* [ar-líne]. Ar fáil ag: <http://homepage.eircom.net/~gfg/m.htm> [Léite 26 Lúnasa 2011].
- Ó hEochaíd, S., Ní Néill, M. agus Ó Catháin, S. (eag.) 1977. *Síscéalta ó Thír Chonaill*. Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann.

Ó hEochaíd, S. agus Ó Laoire, L.L. 1989. An Diabhal i Seanchas Thír Chonaill. *Béaloideas*, 57, 1–108.

Ó Murchadha, D. & Murray, K. 2000. Place-names IN: Buttiner, N., Rynne, C. & Guerin, H. (eag.) *The Heritage of Ireland, Natural, Man-Made and Cultural Heritage: Conservation and Interpretation, Business and Administration*. Corcaigh: Cork Collins Press.

Ó Nualltán, B. 2009. *Transforming the Comhaltas Traditional (Irish) Music Archive*. [ar-líne]. Ar fáil ag: <http://www.arsc-audio.org/conference/audio2009/index.html> [mp3]. [Léite 10 Samhain 2010].

Ó Searcaigh, S. 1925. *Foghraidheacht Ghaedhlige an Tuaiscirt*. Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin.

Ordnance Survey Ireland. 1906. *Donegal Sheet 32*. 6 inch mapping series. Baile Átha Cliath: Ordnance Survey Office.

Park, J. 2009. Metadata Quality in Digital Repositories: A Survey of the Current State of the Art. *Cataloging & Classification Quarterly*, 47(3), 213–228.

Park, J. & Tosaka, Y. 2010. Metadata Quality Control in Digital Repositories and Collections: Criteria, Semantics, and Mechanisms. *Cataloging & Classification Quarterly*, 48(8), 696–715.

Presner, T. & Schnapp, J. 2009. *The Digital Humanities Manifesto 2.0*. [ar-líne]. Ar fáil ag: <http://humanitiesblast.com/publications/> [Léite 11 Feabhra 2011].

Princeton University. Gan dáta-a. *WordNet Search – 3.0* [ar-líne]. Ar fáil ag: <http://wordnetweb.princeton.edu/perl/webwn> [Léite 10 Eanáir 2011].

Princeton University. Gan dáta-b. *Princeton University Library Digital Collections: About*. [ar-líne]. Ar fáil ag: http://libserv31.princeton.edu/?_xq=html&_xsl=metadata.xsl [Léite 20 Meitheamh 2011].

Rialtas na hÉireann. 2009. *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil*. 11ú eagrán. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Robinson, T. 1990. *Connemara: Map, Introduction and Gazetteer*. Cloch na Rón: Folding Landscapes.

Society of Archivists, Ireland. 2009. *Irish Guidelines for Archival Description*. [ar-líne]. Ar fáil ag: http://www.learnaboutarchives.ie/archivists/categories/pdfs/IGAD_220409.pdf [Léite 19 Deireadh Fómhair 2010].

Svensson, P. 2009. Humanities Computing as Digital Humanities. *Digital Humanities Quarterly* [ar-líne], 3(3). Ar fáil ag: <http://digitalhumanities.org/dhq/vol/3/3/000065/000065.html> [Léite 16 Samhain 2010].

Svensson, P. 2010. The Landscape of Digital Humanities. *Digital Humanities Quarterly* [ar-líne], 4(1). Ar fáil ag: <http://digitalhumanities.org/dhq/vol/4/1/000080/000080.html> [Léite 16 Samhain 2010].

Text Encoding Initiative. 2010. *TEI: The Doegen Records Web Project* [ar-líne]. Ar fáil ag: <http://www.tei-c.org/Activities/Projects/th03.xml> [Léite 10 Samhain 2010].

Tionscadal Gréasáin Cheirníní Doegen. 2009 [ar-líne]. Ar fáil ag: <http://dho.ie/doegen/ga/baile> [Léite 10 Samhain 2010].

Uí Fhearraigh, M. 2008. *Gabhla: An tOileán*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

W3. 1997. *Date and Time Formats* [ar-líne]. Ar fáil ag: <http://www.w3.org/TR/NOTE-datetime> [Léite 15 Aibreán 2011].